Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

# Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

2018-2019



# Clár na nÁbhar

Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir ..... 3

Réamhrá ..... 5

Caibidil 1: Forbhreathnú ar Rialáil Airgeadais ..... 13

An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla ..... 13

Coimisiún an Bhainc Ceannais ..... 13

Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean ..... 13

Comhaltaí an Choimisiúin ..... 14

Ceannaireacht Shinsearach sa Rialáil Airgeadais ..... 14

Struchtúir Inmheánacha Rialachais ..... 15

Cé air a ndéanann an Banc Ceannais rialáil ..... 18

Cairt Eagraíochta – Rialáil Airgeadais ..... 21

Maoiniú na Rialála Airgeadais ..... 28

Caighdeáin Seirbhíse do Phróiseáil Iarratas agus do Bhainistíocht Teagmhála ..... 30

Tacú le hObair na bhFoirne Rialála ..... 31

Foireann na Rialála Airgeadais ..... 33

Caibidil 2: Comhlíonadh Freagrachtaí Straitéiseacha in 2018 ..... 35

Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ..... 36

Cosaint Tomhaltóirí ..... 42

Maoirseacht agus Forfheidhmiú ..... 51

Forbairt Beartais Rialála ..... 75

Caibidil 3: Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2019 ..... 83

Tosaíochtaí do 2019 ..... 83

Athléimneacht a Neartú ..... 84

Brexit ..... 85

Cosaint Tomhaltóirí a Neartú ..... 86

Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt ..... 88

Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú ..... 89

Caibidil 4: Iniúchóireacht Inmheánach ..... 93

Caibidil 5: Athbhreithniú Piaraí Idirnáisiúnta ..... 96

Gluais ..... 98



## Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir

I Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta Bhanc Ceannais na hÉireann, tuairiscítear feidhmíocht maidir lenár sainordú rialála airgeadais in 2018 agus leagtar amach ár bpríomhchuspóirí do 2019.

San áireamh inár gclár oibre do 2018 bhí na nithe seo a leanas: é a áirithiú go bhfuil gnólachtaí fónta ó thaobh airgeadais de agus go sásaíonn siad ceanglais dhiana maidir lena n-iompar agus maidir le teagmháil lena dtomhaltóirí; tionchar imeacht RA ón Aontas Eorpach, agus rioscaí lena mbaineann, a mhaolú; dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an imscrúdú ar mhorgáistí rianúcháin; measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar iompar agus ar chultúr na mbanc miondíola Éireannach; agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a fhorchur ar ghnólachtaí i gcás nach sásaíonn siad na caighdeáin chuí.

Ba í 2018 an chéad bhliain d’fheidhmiú iomlán an dá philéar nua, an Piléar Rialála Stuamachta agus an Piléar Iompair Airgeadais. Leis an struchtúr seo ina bhfuil dhá philéar, tá an cumas ag an mBanc Ceannais a shainordú stuamachta agus a shainordú iompair a chomhlíonadh, le comhar idir an dá philéar (i gcomhar leis an gcuid eile den Bhanc Ceannais) lena áirithítear go mbaintear amach cur chuige comhtháite don rialáil airgeadais agus don mhaoirseacht.

Tá Plean Straitéiseach nua glactha againn don tréimhse 2019-2021. Aithnítear cúig théama straitéiseacha sa phlean, sa bhreis ar ár bhfreagrachtaí reachtúla, a chuideoidh linn ár gcuid oibre a threorú: Athléimneacht a Neartú; Brexit; Cosaint Tomhaltóirí a Neartú; Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt; agus Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú. Tá an Banc Ceannais ag teacht amach as an tréimhse iar-ghéarchéime agus ag dul isteach i dtréimhse dhaingnithe; beimid solúbtha maidir leis an straitéis seo a bhaint amach trí mheán tosaíochtú éifeachtach

chun ár bpríomhdhualgais a chosaint agus chun freagairt d'athruithe sa timpeallacht sheachtrach de réir mar is gá.

Déantar ár gcuid oibre rialála i ndlúthchomhar leis an bPiléar Baincéireachta Ceannais agus leis an bPiléar Oibríochtaí. Oibrímid mar "Aon Bhanc Amháin" ar fud na heagraíochta chun déileáil leis na rioscaí agus leis na dúshláin atá romhainn agus chun ár misean a bhaint amach chun freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí foirne uile an Bhainc Ceannais as ucht a dtiomantas leanúnach don tseirbhís poiblí agus iad ag obair chun ar misean a bhaint amach.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

18 Aibreán 2019



## Réamhrá

Is é misean an Bhainc Ceannais freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne. Is é ár mian go mbeadh córas seirbhísí airgeadais ann atá iontaofa agus athléimneach agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagair níos leithne agus ar riachtanais a dtomhaltóirí ar bhealach inmharthana.

Tá creat rialála airgeadais éifeachtach ríthábhachtach chun córas airgeadais athléimneach a chothabháil, ar creat é a bhfuil creata maoirseachta agus forfheidhmiúcháin mar bhunús leis. San áireamh i bpríomhghnéithe na gcreat sin tá reachtaíocht chuimsitheach infheidhmithe, maoirseacht ionsáite rioscabhunaithe, baol inchreidte forfheidhmiúcháin agus cumhachtaí sásaimh i gcás ina bhfuil dochar déanta do thomhaltóirí. Is é ár n-aidhm córas airgeadais a sholáthar a chothaíonn muinín, ina gcosnaítear tomhaltóirí agus infheisteoirí, ina bhfuil taiscí sábháilte agus ina bhfuil cúlchistí árachais leordhóthanach lena ndliteanais a shásamh. Tá cultúr láidir comhlíontachta de dhíth lena aghaidh sin, ina ngníomhaíonn gnólachtaí rialáilte[1] agus daoine aonair chun leasa tomhaltóirí agus ina gcloíonn siad le cultúr cothroime agus le hardchaighdeáin.

In 2018, lean an Banc Ceannais de phríomh-thosaíochtaí maoirseachta a fhorbairt thar raon leathan réimsí. Rinneadh dul chun suntasach maidir leis an Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin, bhí méadú measartha mór ann ar

[1] Cuimsíonn gnólachtaí rialáilte na heintitis agus na daone aonair go léir a bhíonn á rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann.

ghníomhaíochta údarúcháin agus díríodh go mór ar Brexit, mar a dhéantar fós.

San obair sin ar fad, bhí ár n-áit ag croílár an Aontais Eorpaigh ríthábhachtach chun ár sainordú a chomhlíonadh. In 2018, lean an Banc Ceannais de thionchar straitéiseach a imirt ar phríomhchinntí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus de na cinntí sin a mhúnlú, agus é ag obair chun an chobhsaíocht airgeadais a chothabháil agus chun muinín a chothú sa chóras airgeadais ina iomláine chun leasa na saoránach a bhfreastalaíonn sé orthu.

Go hinmheánach, ba í 2018 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmeanna rialála airgeadais athstruchtúrtha an Bhainc Ceannais a oibriú, feidhmeanna a ndearnadh dhá philéar (rialáil stuamachta agus iompar airgeadais) aonair ach nasctha díobh. Tacaíonn an struchtúr atá anois ann lenár straitéis ár gcur chuige a neartú maidir le maoirseacht iompair agus tógtar san áireamh nádúr síor-athraitheach an chórais seirbhísí airgeadais, córas atá idirnasctha agus atá ag éirí níos casta i gcónaí. Sa Philéar Rialála Stuamachta, dírítear ar a áirithiú go bhfuil gnóthais seirbhísí airgeadais fónta ó thaobh airgeadais de, go bhfuil múnla inmharthana gnó acu agus go bhfuil bainistiú éifeachtach riosca agus rialuithe i bhfeidhm acu. Dírítear sa Philéar Iompair Airgeadais ar a áirithiú go gcosnaítear leas tomhaltóirí agus go bhfeidhmíonn na margaí ar bhealach cothrom, ordúil agus trédhearcach.

In ainneoin fheidhmíocht láidir eacnamaíoch na hÉireann, léiríodh le hobair an Bhainc Ceannais in 2018 go bhfuil iarracht leanúnach agus faireachán seasta ríthábhachtach d'fhonn an mian a bhaint amach go mbeadh córas airgeadais athléimneach agus iontaofa ann, a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagar agus ar riachtanais a thomhaltóirí ar bhealach inmharthana, agus ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus le hardchaighdeáin.

## Torthaí do 2018

Bhí clár oibre suntasach ag an mBanc Ceannais in 2018 maidir le rialáil airgeadais. Déantar achoimre mar a leanas ar an obair ar réimse na Maoirseachta leanúnaí, Brexit, Iompar agus Cultúr agus Forfheidhmiú.

### Maoirseacht Leanúnach

Is iad cuspóirí maoirseachta an Bhainc Ceannais tomhaltóirí agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint trína chinntiú:

- Go ngníomhaíonn gnólachtaí rialáilte ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí.
- Go bhfuil na gnólachtaí sin fónta ó thaobh airgeadais de agus go bhfuil siad á mbainistiú le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha.

- Go ndéantar rialáil chuí agus rialachas cuí orthu agus go mbeidh fonn riosca soiléir, leabaithe acu lena spreagfar cultúr cuí.
- Go bhfuil creataí i bhfeidhm acu chun a áirithiú go ndéanfar réiteach ordúil ar ghnólachtaí rialáilte ar chlis orthu nó atá i mbéal cliseadh.

Áirítear i bpríomhthorthaí maoirseachta earnála in 2018:

1. **Bainc and Comhair Chreidmheasa**
   Lean an Banc Ceannais de bhrú a chur ar bhainc dul i gleic le punanna iasachtaí neamhthuillmheacha (NPLanna) ar bhealach inmharthana ina dtugtar cosaint láidir d'iasachtaithe. Lean an Banc Ceannais freisin de bhrú a chur ar bhainc a n-athléimneacht a fheabhsú i leith turraingí. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin d'Athbhreithniú Dírithe BCE ar Shamhlacha Inmheánacha (TRIM) agus don tástáil struis ar fud AE.

   Bhí bainc i láir ár nImscrúdaithe ar Mhorgáistí Rianúcháin agus i lár an Athbhreithnithe ar Iompar agus ar Chultúr – déantar plé níos mine air sin thíos.

   Sa mhaoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa, díríodh ar rialachas, bainistiú riosca agus cumas oibríochtúil a fheabhsú san earnáil agus ar athstruchtúrú a éascú chun inmharthanacht a fheabhsú.

2. **Árachas**
   Sa bhreis ar an maoirseacht leanúnach, díríodh ar fhreagairtí maoirseachta a neartú maidir le rioscaí trasteorann atá ag teacht chun cinn, rud atá an-tábhachtach sa chomhthéacs Éireannach toisc go bhfuil an margadh Éireannach árachais ar cheann de na margaí trasteorann is tábhachtaí in AE.

   Díríodh freisin ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn amhail cibear-riosca, cultúr agus téarnamh agus réiteach san obair a rinneadh le linn na bliana. Rinneadh cigireachtaí ar an láthair, a d'eascair as bun-shaincheisteanna a bhaineann le ceanglais tuairiscithe Shócmhainneacht II, agus eisíodh litir chuig tionscadal trí mheán na gcigireachtaí sin. Ghníomhaigh an Banc Ceannais freisin ar easnaimh maidir le Creataí Bainistíochta Riosca, ar ceann de phríomh-oibleagáidí Shócmhainneacht II é.

3. **Bainistíocht Sócmhainní agus Baincéireacht Infheistíochta**
   Bhí forlámhas ag gníomhaíochtaí a bhain le himeacht RA ó AE sa chlár oibre in 2018 de bharr líon agus castacht na n-eintiteas a lorg údarú nó líon na n-eintiteas atá ann cheana a bhí ag iarraidh a gcuid oibríochtaí a fheidhmiú. De bharr líon agus éagsúlacht na ngnólachtaí nua ag teacht isteach chuig margadh na hÉireann, bhí

measúnú forleathan ann ar phróisis lena n-áirítear na himpleachtaí do chosaint sócmhainní client.

Leanadh leis an aird mhaoirseachta ar chur chun feidhme MiFID II trí mheán teagmháil le gnólachtaí rialáilte agus bhí san áireamh sa chlár oibre roinnt measúnuithe iomlána riosca, cigireachtaí ar an láthair agus cigireachtaí téamacha. Thóg an Banc Ceannais rialacha nua isteach agus chuir sé treoir ar fáil maidir lena rabhamar ag súil leis ó stiúrthóirí cuideachtaí bainistithe cistí.

4. **Urrúis agus Margaí**
   Rinneadh gníomhaíocht shuntasach údaraithe agus formheasta. Sa bhreis air sin, d'aithin an Banc Ceannais, trí mheán faireacháin, sáruithe rialacháin MiFIR agus ghníomhaigh sé ina leith. Rinneadh athbhreithniú téamach ar tháillí feidhmiúcháin UCITS, chomh maith le hanailís ar chistí a mhaíonn go ndéantar bainistiú gníomhach orthu, le féachaint cibé, i ndáiríre, an cistí rianúcháin innéacs iad. Beidh an Banc Ceannais ag seiceáil le gnólachtaí arís trí mheán a shraith iomlán uirlisí maoirseachta a úsáid.

   Sa bhreis air sin, rinne an Banc Ceannais infheistíocht ina chumas trí mheán Múnla um Maoirseacht Iompair na Margaí Mórdhíola a fhorbairt, anailísíocht sonraí agus saoráidí feabhsaithe tuairiscithe.

5. **Gnólachtaí a bhfuil tionchar íseal acu**
   Leanadh le maoirseacht réamhghníomhach a dhéanamh ar fud na réimse leathan gnólachtaí a bhfuil tionchar íseal acu. Rinne foirne maoirseachta maoirseacht leanúnach fhrithghníomhach agus dhírithe ar idirghabhálaithe miondíola, gnólachtaí bainistíochta riosca, gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa, gnólachtaí creidmheasa miondíola, iasachtóirí ceadúnaithe airgid, gnólachtaí frithdhílse teaghais agus comhlachtaí gairme faofa.

## Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Bhí sé ina thosaíocht ag an mBanc Ceannais déileáil le héifeachtaí imeacht RA ó AE in 2018 agus leanfar leis an obair sin in 2019 agus ina dhiaidh sin. Ar an leibhéal Eorpach, bhí dlúthpháirt ag an mBanc Ceannais maidir le cur chuige coiteann a fhorbairt maidir leis na saincheisteanna rialála agus maoirseachta arna n-eascairt as Brexit.

Le linn 2018, dhírigh ár gcuid oibre ar a áirithiú:

1. Go raibh tuiscint ann ar na rioscaí do gheilleagar na hÉireann agus do thomhaltóirí agus go ndearnadh na rioscaí sin a mhaolú.
2. Gur ullmhaíodh na coigeartuithe beartais agus na coigeartuithe dlíthiúla chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás Brexit gan chomhaontú.

3. Gur ghlac gnólachtaí rialáilte céimeanna cuí le hathléimneacht a threisiú agus chun a dtomhaltóirí a chosaint.
4. Gur cuireadh próiseas údaraithe comhréireach, láidir, éifeachtúil agus éifeachtach ar fáil i gcomhréir le gnáthnósanna rialála Eorpacha, do na gnólachtaí sin a lorg údarú in Éirinn de bharr imeacht RA ó AE.

### An tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

I gcomhréir lenár misean tomhaltóirí a chosaint, ghluais an Banc Ceannais chun tosaigh go mór leis an Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin in 2018, go dtí an pointe go bhfuil na tréimhsí maoirseachta, sásaimh agus cúitimh nach mór críochnaithe, agus tá imscrúduithe forfheidhmiúcháin ar siúl ag an am ceanna. Aithníodh 39,800 custaiméir ar imríodh tionchar orthu faoi dheireadh 2018, agus íocadh €647m mar shásamh agus mar chúiteamh. Críochnófar an tImscrúdú in 2019 agus tiocfaidh torthaí forfheidhmiúcháin ina dhiaidh sin.

### Iompar agus Cultúr

Rinne an Banc Ceannais mórmheasúnú ar iompar agus ar chultúr sna bainc mhiondíola Éireannacha i gcomhar lenár gcomhpháirtithe i mBanc Ceannais na hÍsiltíre (De Nederlandsche Bank – DNB). Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an tábhacht a bhaineann le cultúr éifeachtach dírithe ar thomhaltóirí agus ar rioscaí in earnáil na seirbhísí airgeadais. Aithníodh an t-achar fada atá le dul ag na cúig bhanc miondíola leis na cultúir a dtaobhaíonn siad leo a bhaint amach. Leagtar amach sa tuarascáil na hathchóirithe ar féidir na gnólachtaí rialáilte a bheith ag súil leo maidir lenár gcreat maoirseachta agus rialála, agus a chóras maoirseachta don earnáil seo á fhorbairt i gcónaí. Díreofar go mór ar an gceist seo in 2019.

### Príomhthorthaí Forfheidhmiúcháin

I ndiaidh imscrúduithe ionsáite, bhain an Banc Ceannais roinnt torthaí sonracha forfheidhmiúcháin amach in 2018. Cheadaigh sé agus chríochnaigh sé deich ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcoinne gnólachtaí rialáilte agus daoine aonair faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) agus d'fhorchuir sé fíneálacha arb ionann iad agus €7,441,000.

Faoin gCóras Oiriúnachta agus Ionracais, chuir an Banc Ceannais cosc ar bheirt daoine aonair aon ról a ghlacadh in earnáil na seirbhísí airgeadais gan teorainn ama. Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais údarú gnólachta amháin a chúlghairm, ar gnólacht é nár chomhlíon a cheanglais údarúcháin in 2018, i ndálaí ina raibh an gnólacht i gcoinne na cúlghairme.

I measc na dtorthaí sonracha forfheidhmiúcháin, tá: fíneáil €3.5m a forchuireadh ar RSA Insurance Ireland i ndiaidh imscrúdú inar aimsíodh easnaimh i socruithe rialachais an ghnólachta, ina nósanna imeachta cuntasaíochta agus ina mheicníochtaí rialuithe inmheánacha, agus fíneáil

€443,000 a forchuireadh ar Appian Asset Management de bharr easnaimh thromchúiseacha ina bhainistíocht riosca, ina fhormhaoirseacht comhlíontachta agus ina chórais rialuithe inmheánacha, nithe a d'fhág go raibh an gnólacht leochaileach do chibearchalaois.

## Cuspóirí do 2019

In 2019, tá ár gcur chuige rialála socraithe i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2019-2021, ina gcuirtear ár dtosaíochtaí in iúl do na trí bliana atá romhainn. Is iad sin:

- Athléimneacht a Neartú
- Brexit
- Cosaint Tomhaltóirí a Neartú
- Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt
- Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú.

San áireamh sa ghníomhaíocht maidir le h**Athléimneacht a Neartú**, beidh maoirseacht éifeachtach ar ghníomhaíochta a bhfuil baol ag baint leo don chobhsaíocht airgeadais. Is e ár n-aidhm gur féidir leis an gcóras airgeadais leanúint de thacú leis an ngeilleagar agus le tomhaltóirí le linn dea-thréimhsí agus drochthréimhsí. Leanfaidh an Banc Ceannais dá dhearcadh ar athléimneacht gnólachtaí rialáilte agus earnálacha a fheabhsú agus d'infheistíocht a dhéanamh ina chumais maidir le hullmhacht do ghéarchéimeanna, agus maidir le pleanáil réitithe agus téarnaimh. Má ghlactar le dhá earnáil mar shamplaí, beidh iasachtaí neamhthuillmheacha fós mar phríomhréimse fócais in 2019, fad is ó thaobh árachais de, go gcuirfear le tuiscint ar láidreacht caipitil ar athléimneacht eintiteas rialáilte le Sócmhainneacht II. Dar ndóigh is príomhbhaol é imeacht RA ó AE faoi theideal na hathléimneachta agus dá bharr sin is tosaíocht shoiléir é do na trí bliana atá romhainn.

Maidir le **Brexit**, díreofar ar fhaireachán agus ar bhainistíocht na réimse leathan rioscaí lena mbaineann. Leanfaidh an Banc Ceannais dá chur chuige maoirseachta a fheabhsú chun freagairt do nádúr, scála agus castacht méadaithe chóras airgeadas na hÉireann agus cinnteoimid go bhfuil gnólachtaí rialáilte ullmhaithe mar is cuí chun tomhaltóirí a chosaint fad is a dhéanaimid a áirithiú go bhfuil próiseas údarúcháin éifeachtach ann d'iontrálaithe nua.

Le **Cosaint Tomhaltóirí a Neartú**, feicfear le haird sheasmhach ar rialáil fheabhsaithe a dhéanamh ar iompar gnólachtaí rialáilte agus ar fheidhmiú margaí airgeadais d'fhonn tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. Sna blianta atá romhainn, is é ár mian muinín agus iontaoibh as an gcóras airgeadais a fheabhsú trí bhíthin rialáil ardchaighdeáin, rannpháirtíocht fhiúntach, geatóireacht éifeachtach, maoirseacht threallúsach agus

forfheidhmiú láidir. Tabharfaidh an Banc Ceannais dúshlán na ngnólachtaí maoirsithe agus na margaí trína cheangal orthu Creat Leabaithe Riosca Iompair d'ardchaighdeán a bheith i bhfeidhm acu. Déanfar tuilleadh cigireachtaí a dhíriú ar ghnólachtaí agus ar tháirgí a bhfuil an baol is mó ag baint leo do thomhaltóirí, agus leanfar le gníomhaíocht láidir forfheidhmiúcháin, a bheidh mar bhunús le cumhachtaí an Bhainc Ceannais tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

Is éard a bheidh i gceist le **Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt** leanúint de phlé a bheith ann leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara intíre ar bhealach oscailte, ina gcuirfear le déanamh beartais ar an leibhéal Eorpach agus ina nglacfar páirt straitéiseach maidir le forbairt uirlisí rialála agus réitigh.

Ciallaíonn **Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú** go mbeidh infheistíocht leanúnach ann i gceannaireacht, i mbainistíocht forbartha agus tallainne don acmhainn is tábhachtaí atá againn, ár ndaoine. Leanfar d'infheistíocht a dhéanamh i straitéis sonraí, i dteicneolaíocht, i bpróisis, i struchtúir agus i mbonneagar bainistíochta riosca in 2019. Leanfaidh an Banc Ceannais de dhíriú ar chultúr inmheánach, agus glacfaidh sé céimeanna le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá shainordú.

Le linn 2019, déanfar na gníomhaíochtaí uile a chomhtháthú ar aidhm amháin – córas airgeadais a ndéantar bainistiú maith agus dea-rialáil ar agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagair agus ar riachtanais tomhaltóirí san fhadtéarma.

**Derville Rowland**
Ard-Stiúrthóir
Iompar Airgeadais

18 Aibreán 2019

**Ed Sibley**
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Stuamachta

18 Aibreán 2019

# Caibidil 1:
# Forbhreathnú ar Rialáil Airgeadais

# Caibidil 1: Forbhreathnú ar Rialáil Airgeadais

## An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh an Banc Ceannais le hAcht an Bhainc Ceannais 1942 (an tAcht). Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc Ceannais san Acht agus is í cobhsaíocht praghsanna príomhchuspóir an Bhainc Ceannais. Ar chuspóirí reachtúla eile an Bhainc Ceannais, áirítear an méid seo a leanas a bhaineann le rialáil na hearnála seirbhísí airgeadais:

- Cobhsaíocht an chórais airgeadais.
- Rialáil chuí éifeachtach ar institiúidí airgeadais agus ar mhargaí, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear leas tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.
- Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear leis an Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (An Coimisiún) gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú. Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún:

- Gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais, a bhfuil sé freagrach astu, a bhainistiú agus a rialú.
- A chinntiú go ndéantar feidhmeanna baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú.
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

## Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean

Foráiltear san Acht go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais.

## Comhaltaí an Choimisiúin

Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Ar na comhaltaí ex-officio eile, áirítear an Leas-Ghobharnóir , Baincéireacht Cheannais, an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad den Choimisiún, ach líon nach mó ná ochtar. Bíonn na comhaltaí sin i seilbh oifige go ceann téarma cúig bliana de ghnáth. Leanfaidh comhaltaí ex-officio de chuid an Choimisiúin de bheith ina gComhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige i gceist.

## Ceannaireacht Shinsearach sa Rialáil Airgeadais

### An Gobharnóir

Is é Philip R. Lane an t-aonú Gobharnóir déag ar an mBanc Ceannais agus ghlac sé oifig an 26 Samhain 2015. Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir, ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Is comhalta ex-officio é an Gobharnóir de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Ní mór don Ghobharnóir, nó a mhalartach, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Tá a róil agus a fhreagrachtaí leagtha amach i gConarthaí AE, i Reacht CEBC agus san Acht.

Comhallann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC gan spleáchas don Choimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc Ceannais le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Cumhdaítear neamhspleáchas a róil i gConarthaí AE, a bhfuil tosaíocht acu ar dhlí na hÉireann.

### An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta

Ceapadh Ed Sibley ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, an 1 Meán Fómhair 2017. Is Comhalta ex-officio é den Choimisiún agus is comhalta é freisin ar Bhord Maoirseachta an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM), ar Bhord Maoirseoirí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), agus ar Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC).

Mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, tá sé i gceannas ar rialáil stuamachta agus ar an maoirseacht ar bhainc, ar chomhair chreidmheasa, ar ghnólachtaí árachais agus ar an tionscal bainistíochta sócmhainní.

### An tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais

Ceapadh Derville Rowland mar Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, an 1 Meán Fómhair 2017. Is comhalta í de Bhord Bainistíochta agus de Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA), mar aon le

bheith ina comhalta de Bhord na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús.

Mar Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, tá Derville freagrach as bheith i gceannas ar rialáil agus maoirsiú oibleagáidí cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí na ngnólachtaí, ar mhaoirseacht urrús agus margaí, ar fhorfheidhmiúchán agus ar mhaoirseacht frithsciúrtha airgid agus ar bheartas agus riosca na rialála airgeadais.

## Struchtúir Inmheánacha Rialachais

Tá roinnt coistí inmheánacha ann trína gcomhordaíonn an Banc Ceannais forbairt agus cur chun feidhme beartas agus cinntí a bhaineann le rialáil airgeadais, chomh maith le comhairle agus faisnéis a thabhairt ar mhór-shaincheisteanna.

Sa tsamhail rialachais inmheánaigh, cuimsítear na coistí seo a leanas atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra:

- Is é **Coiste an Ghobharnóra** príomhchoiste cinnteoireachta feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais maidir le nithe riaracháin nó bainistíochta a mbaineann tábhacht straitéiseach, eagraíochta nó sheachtrach leo. Is é ról an Choiste comhairle, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don Ghobharnóir i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí, lena n-áirítear na feidhmeanna sin arna dtarmligean don Ghobharnóir ag an gCoimisiún.

- Tá **an tArdchoiste Ceannaireachta** freagrach as bheith i gceannas ar an bplean straitéiseach agus as a chur chun feidhme, chomh maith le fís an Bhainc Ceannais a bhaint amach trí mheán ceannaireacht aontaithe, atá tiomanta dár luachanna.

- Cinntíonn **an Coiste um Fhormhaoirsiú Rialála Airgeadais (FROC)** go ndéantar comhordú éifeachtach ar obair rialála agus tionscnaimh ghaolmhara beartais ar fud an Bhainc Ceannais.

- Tugann **an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC)** treoir maidir le sainordú an Bhainc Ceannais i dtaca le cobhsaíocht airgeadais. Déanann an Coiste faireachán agus measúnú ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn sé aird ar réimsí imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann siad tátail as an anailís. Díríonn sé go príomha ar shainaithint gníomhaíochtaí a fhéadfar a ghlacadh de láimh chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun bearta leantacha a ghlacadh i ndáil le bearta roimhe seo. Féadfaidh an Gobharnóir a iarraidh go bhfoirmeofar gníomhartha sonracha a bheidh le cur i gcrích ag an lucht bainistíochta laistigh nó lasmuigh

den Choiste. Ar na gníomhartha sin, áirítear breithniú agus athbhreithniú ar ionstraimí beartais macrastuamachta mar aon le breithniú ar mholtaí ó Choiste an Bhainc Ceannais um Bearta Macrastuamachta agus chuig an gCoiste sin.

- Tugann **an Coiste um Bearta Macrastuamachta (MMC)** comhairle maidir le hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta agus moltaí a dhéanamh i dtaobh na rialacha sin a choimeád nó a athchóiriú de réir mar is cuí. Is é an Banc Ceannais an t-údarás ainmnithe macrastuamachta náisiúnta in Éirinn. Le tamall anuas, gníomhachtaíodh bearta macrastuamachta éagsúla tríd an gcóras baincéireachta. Orthu sin, áirítear bearta a bhaineann le hiasachtaithe amhail na rialacha morgáiste; an cúlchiste fritimthriallach (CCyB); maolán d'institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéimeach leo; agus freagairt do bhearta beartais macrastuamachta arna nglacadh ag na Ballstáit eile.

Déanann coistí ardleibhéil eile measúnú ar cheisteanna rialála airgeadais agus déanann an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta agus an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, comhchathaoirleacht orthu:

- Tugann **An Coiste um Maoirseacht ar Riosca** treoir faoi cheisteanna a bhaineann le bainistiú rioscaí maoirseachta agus faoi fhorbairt agus feabhsú teagmhála maoirseacht agus faireacháin rioscabhunaithe.
- Tugann **An Coiste Beartais** comhairle maidir le saincheisteanna agus tionscnaimh beartas rialála lena n-áirítear páipéir chomhairliúcháin, ráitis aiseolais, cóid, treoirlínte, agus rialacháin sula nglactar iad i gcomhréir le tarmligean ábhartha.
- Tionóltar **An Coiste Údarúcháin** de réir mar is gá chun údarú eintiteas rialáilte áirithe a mheas.
- Déanann **An Coiste um Chreat Rialála Airgeadais** lárnú ar fhormhaoirsiú chóras O&I. Cuireann an Coiste éifeachtacht an chórais Oiriúnachta agus Ionracais chun cinn agus stiúrann sé a thionchar ar thionscal na seirbhísí airgeadais. Déanann an Coiste straitéis agus beartas an Bhainc Ceannais a mheas (lena n-áirítear beartas rialála, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, agus cur chun feidhme athrú rialála nó athrú reachtúil) agus éascaíonn sé comhordú, comhar agus comhsheasmhacht maidir leis an gcóras Oiriúnachta agus Ionracais ar fud an Bhainc Ceannais.


## An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais

Is cuid de chóras Eorpach leathan maoirseachta agus rialála do bhaincéireacht, d'árachas agus do mhargaí urrúis í Éire. Braitheann leibhéal an chomhtháthaithe ar an earnáil agus ar an mbonneagar institiúideach. Leis an gCóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, is féidir leis an Eoraip na dúshláin rialála agus maoirseachta a bhainistiú a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta i seirbhísí airgeadais. De bharr comhleabhar rialacha agus machaire réidh a bheith ann ní féidir le gnólachtaí páirt a ghlacadh in arbatráiste rialála ar fud na mballthíortha, fad is féidir leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) saincheisteanna comhordaithe baile-óstach a bhainistiú laistigh den chreat institiúideach. Ó thaobh baincéireachta de, tá bunú agus oibriú rathúil SAM tar éis a luach a chruthú maidir le forbairt cur chuige aontaithe a chothú i leith maoirseacht baincéireachta.

# Iad siúd a ndéanann an Banc Ceannais rialáil orthu




## Iomlán Gnóthas Rialáilte (lena n-eisiatar Cistí)2014-2018





## Institiúidí Creidmheasa




## Comhair Chreidmheasa




## Árachas




## Scéimeanna Comhinfheistíochta





## Idirghabhálaithe Miondíola





## Gnólachtaí Infheistíochta & Soláthraithe Seirbhíse Ciste





## Gnólachtaí Bainistíochta Fiachais





## Iasachtóirí Airgid





## Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais





## Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change




## Institiúidí Íocaíochta




## Bróicéirí Airgid



# Cairt Eagraíochta – Rialáil Airgeadais

Déantar freagracht as maoirseacht agus rialáil na soláthraithe seirbhíse airgeadais a dháileadh thar ocht stiúrthóireacht laistigh den Bhanc Ceannais a thuairiscíonn chuig an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais nó chuig an Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais. Léirítear sa chairt thíos na rannáin laistigh de gach stiúrthóireacht. Tá forléargas ar shainchúram gach Stiúrthóireachta leagtha amach thíos.

***Fíor 1 : Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais an Bhainc Ceannais agus a Rannáin***




Tacaíonn obair na Stiúrthóireachta um Beartas agus um Riosca le hobair philéar na Rialála Stuamachta agus le hobair an philéir Iompair Airgeadais.

## Piléar na Rialála Stuamachta

Tá Piléar na Rialála Stuamachta freagrach as formhaoirsiú rialála ghníomhaíochtaí na n-institiúidí creidmheasa, na gcomhar creidmheasa, na mbainisteoirí sócmhainní, na soláthraithe seirbhíse ciste agus na n-eintiteas árachais.

Is iad cuspóirí maoirseachta stuamachta an Bhainc Ceannais tomhaltóirí agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint trí dhúshlán a thabhairt do ghnólachtaí an méid seo a leanas léiriú:

- Go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu, lena n-áirítear i gcás tástáil struis dian ach inchreidte.
- Go bhfuil dea-rialachas agus cultúr cuí acu agus go bhfuil bainistíocht riosca éifeachtach agus socruithe rialuithe i bhfeidhm, atá comhréireach lena nádúr, lena scála agus lena gcastacht.
- Go bhfuil múnlaí gnó d'fhás caipitil acu san fhadtéarma, gur féidir leo teacht chucu féin má bhíonn deacrachtaí acu agus mura féidir, gur féidir iad a réiteach ar bhealach ordúil gan nithe seachtracha ná costais cáiníocóra shuntasacha.
- Go n-iompraíonn siad iad féin ar bhealach a gcomhlíonann an reachtaíocht is infheidhme.
- Go gcosnaíonn siad sláine an mhargaidh.

### An Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Tá dhá rannán sa stiúrthóireacht seo: Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus Clárlann na gComhar Creidmheasa.

Tá Maoirseacht ar Bhaincéireacht freagrach as an measúnú riosca foriomlán ar na bainc. Déanann an rannán measúnú ar neart airgeadais na mbanc, ar éifeachtúlacht a shocruithe rialachais agus rialuithe agus ar oiriúnacht a mhúnlaí gnó. Oibríonn baill foirne sa rannán go dlúth lena gcomhpháirtithe sa Sásra Aonair Maoirseachta, idir chomhpháirtithe sa Bhanc Ceannais Eorpach agus in Údaráis Inniúla Náisiúnta (ÚINanna) eile.

Tá freagracht reachtúil ar Chlárlann na gComhar Creidmheasa as comhair chreidmheasa a rialáil agus a mhaoirsiú d'fhonn go gcosnóidh gach comhar creidmheasa cistí a bhall agus cothabháil na cobhsaíochta airgeadais agus leas na gcomhar creidmheasa i gcoitinne.

### An Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Árachas

Tá dhá rannán sa Stiúrthóireacht Árachais: An Rannán um Maoirseacht ar Árachas agus an Rannán Árachais - Achtúireacht, Comhairleacht agus Mórghnólachtaí Idirnáisiúnta.

Tá an Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Árachas freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar os cionn 200 cuideachta saoil, neamhshaoil agus athárachais lena n-áirítear maoirseacht ar chuideachtaí neamhshaoil intíre agus idirnáisiúnta arna n-údarú ag an mBanc Ceannais, cuideachtaí athárachais a bhíonn ag oibriú ar fud an domhain ó Éirinn agus tionscal an (ath)árachais faoi chuing atá bunaithe in Éirinn.

Tá an Rannán Árachais - Achtúireacht, Comhairleacht agus Mórghnólachtaí Idirnáisiúnta freagrach as maoirseacht ar mhórghrúpaí idirnáisiúnta árachais lonnaithe in Éirinn agus as forbairt Straitéis Mhaoirseachta na stiúrthóireachta.

## An Stiúrthóireacht um Bainistiú Sócmhainní agus um Baincéireacht Infheistíochta

Tá trí rannán sa stiúrthóireacht seo: Comhairleacht um Údarú Bainistíochta Sócmhainní agus Sócmhainní Cliant (AMAAC), Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní (AMS) agus Baincéireacht Infheistíochta agus Déileálaithe Bróicéireachta (IBBD).

Tá rannán AMAAC agus rannán AMS freagrach as údarú agus maoirseacht stuamachta gnólachtaí infheistíochta, gnólachtaí gnó neamh-mhiondíola agus Soláthraithe Seirbhíse Ciste[2].

Tá IBBD, ar rannán nuabhunaithe é, freagrach as maoirseacht ar bhainc infheistíochta mhóra chasta, a ndéantar cuid acu a chomhmhaoirsiú le SAM, agus as maoirseacht ar ghnólachtaí infheistíochta a dhéanann gníomhaíochtaí déileálaithe bróicéireachta.

## An Stiúrthóireacht um Anailís Stuamachta agus um Chigearachtaí

Is stiúrthóireacht nua-bhunaithe í an Stiúrthóireacht um Anailís Stuamachta agus um Chigearachtaí (PAID) chun tacú leis na stiúrthóireachtaí maoirseachta agus dúshláin a thabhairt dóibh agus obair i gcomhar leis an bpiléar Baincéireachta Ceannais agus leis an bpiléar Iompair Airgeadais.

Tá trí rannán sa stiúrthóireacht seo: Rialachas agus Athléimneacht Oibríochtúil (GOR), Riosca Airgeadais (FRD) agus Anailís Riosca, Anailísíocht agus Tuairisciú Sonraí (RADAR).

Cuireann an stiúrthóireacht saineolas teicniúil ar fáil le rioscaí a mheas, lena n-áirítear athléimneacht oibríochtúil, rioscaí neamh-airgeadais, rialachas, iompar, cultúr agus éagsúlacht.

---

[2] Gnólachtaí infheistíochta údaraithe faoin Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais, gnólachtaí gnó infheistíochta neamh-mhiondíola údaraithe Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995, agus Soláthraithe Seirbhíse Ciste údaraithe faoi Rialacháin UCITS 2011 agus faoi na Rialacháin maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí, 2004.

Áirítear ar riosca airgeadais saineolas teicniúil a sholáthar i réimsí amhail creidmheas, margaí, leachtacht, riosca rátaí úis sa leabhar baincéireachta, caipiteal, pleanáil téarnaimh, agus bainistiú géarchéime, tástáil struis agus múnlaí inmheánacha. Roinneann an stiúrthóireacht a hacmhainní chun saineolas a cheapadh do réimsí áirithe (amhail cigireachtaí, comhairleacht, oiliúint agus fostaithe ar iasacht) de réir mar is gá. Tá saineolas agus anailís trasearnála mar bhunús lena chuid oibre.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí faireachán fáistine saincheisteanna agus riosca atá ag teacht chun cinn a aithint agus straitéisí a mholadh chun iad a mhaolú.

## An Piléar Iompair Airgeadais

Déanann an Piléar Iompair Airgeadais rialáil ar iompar airgeadais d'fhonn a áirithiú go gcosnaítear leas tomhaltóirí agus infheisteoirí agus go bhfeidhmíonn na margaí ar bhealach cothrom, ordúil agus trédhearcach. Is é fís an philéir go mbeadh córas airgeadais iontaofa ann a thacaíonn leis an ngeilleagar níos leithne, ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus le hardchaighdeáin.

Is iad cuspóirí an philéir Iompair Airgeadais tomhaltóirí, infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Baintear amach na cuspóirí sin trí mheán:

- Ceanglais agus caighdeáin dhiana agus dhúshlánacha, ionas go bhfreastalóidh na gnólachtaí arna n-údarú ag an mBanc Ceannais ar leas tomhaltóirí.
- Maoirseacht dhírithe, mhinic, réamhghníomhach a fhéachann le rioscaí ardtionchair arna n-aithint a chosc.
- Cosaint tomhaltóirí airgeadais mar chuid lárnach den chreat dlíthiúil, rialála agus maoirseachta.
- Gníomhaíocht láidir forfheidhmiúcháin a dhírítear ar iompar prionsabálta agus eiriciúil a chur chun cinn ó eintitis rialáilte agus laistigh d'eintitis rialáilte.

Tá an Piléar Iompair Airgeadais freagrach as formhaoirsiú ar Chosaint Tomhaltóirí, as Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí, as Rialáil Airgeadais - Beartas agus Riosca, agus as Maoirseacht ar Fhrithsciúradh Airgid.

### An Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí

Tá an Stiúrthóireacht ar Chosaint Tomhaltóirí freagrach as a áirithiú go gcosnaítear tomhaltóirí i gcomhréir le misean an Bhainc Ceannais.

Oibríonn an stiúrthóireacht:

- Chun rioscaí ardtionchair arna n-aithint a chosc trí mheán maoirseacht dhírithe réamhghníomhach agus trí ghníomhaíocht ceartúcháin a ghlacadh i gcás ina dtagann saincheisteanna córasacha chun cinn lena áirithiú go leighsítear baol do thomhaltóirí.

- Chun a áirithiú go ndíoltar táirgí agus seirbhísí oiriúnacha do thomhaltóirí.

- Chun creat rialála cosanta tomhaltóirí a fhorbairt agus a choinneáil.

- Chun measúnú a dhéanamh ar iarratais údarúcháin agus geatóireacht láidir a dhéanamh.

Tá dhá rannán sa stiúrthóireacht seo: An Rannán um Chosaint Tomhaltóirí - Beartas agus Údaruithe; agus An Rannán um Maoirseacht ar Chosaint Tomhaltóirí.

Tá an Rannán Beartais agus Údaruithe freagrach as creat rialála agus beartais an Bhainc Ceannais, atá mar bhunús le cosaint tomhaltóirí agus le húdarú gnólachtaí atá ag iarraidh bunú in Éirinn. Is rannán trasearnála maoirseachta é an Rannán um Maoirseacht, atá freagrach as maoirseacht iompair agus maoirseacht stuamachta ar oiread is 3000 gnólachta thar 13 earnáil, lena n-áirítear, bainc, neamhbhainc, árachóirí agus gnólachtaí infheistíochta.

## An Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí

Tá an Stiúthóireacht um Margaí agus um Urrúis freagrach as maoirseacht ar mhargaí príomha agus as margaí tánaisteacha urrús agus comhallann sí na freagrachtaí sin trí mheán:

- Cistí infheistíochta a údarú agus a mhaoirsiú.

- Punanna a fhaomhadh a bhfuil gá ag eisitheoirí urrús leo, arb eisitheoirí iad a dhéanann tairiscintí don phobal agus/nó a bhfuil cead isteach á lorg acu chun trádáil i margadh rialáilte.

- A áirithiú go ndéantar na nochtuithe don mhargadh a cheanglaítear faoin reachtaíocht lena mbaineann.

- Monatóireacht margaí agus faireachán ar thrádáil mhargaidh.

- Raon leathan gníomhaíochta maoirseachta a dhéanamh le comhlíonadh a áirithiú le ceanglais rialála a bhaineann le gníomhaíocht ar mhargaí urrús.

Tá dhá rannán sa stiúrthóireacht seo: An Rannán Údaruithe Urrús agus Margaí agus an Rannán Maoirseachta ar Urrúis agus ar Mhargaí. Tá an Rannán um Údaruithe freagrach as cistí a údarú agus as réamheolairí a

fhaomhadh. Tá an Rannán Maoirseachta freagrach as maoirseacht ar chistí agus as imscrúduithe téamacha, as sláine an mhargaidh as faireachán margaidh agus as fiosrúcháin margaidh.

### An Rannán Forfheidhmiúcháin agus Frithsciúrtha Airgid

Tá trí rannán sa stiúrthóireacht seo: Imscrúduithe Forfheidhmiúcháin; Comhairle um Fhorfheidhmiú agus Frithsciúradh Airgid

Tá an stiúrthóireacht freagrach as fiosrúcháin forfheidhmiúcháin agus as gníomhaíochta forfheidhmiúcháin thar na hearnálacha uile i dtaca le ceanglais stuamachta agus le ceanglais iompair araon. Iarrfaidh an stiúrthóireacht cuntas ar ghnólachtaí rialáilte agus ar dhaoine aonair i gcás ina mainneoidh na gnólachtaí nó na daoine sin na ceanglais riachtanacha a bhaint amach, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Smachtbhannaí riaracháin a fhorchur faoi ASP ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair a sháraíonn a gcuid ceanglas rialála.
- Toirmeasc a chur a dhaoine obair sa tionscal seirbhísí airgeadais i gcás nach gcomhlíonfaidh na daoine sin na caighdeáin infheidhme oiriúnachta agus ionracais.
- Údarú gnólachtaí a chúlghairm nó a dhiúltú i gcás nach gcomhlíonann na gnólachtaí sin a gceanglais rialála nó a gceanglais údarúcháin.
- Cumarsáid phoiblí faoi thorthaí forfheidhmiúcháin.

Tá an Rannán um Imscrúduithe Forfheidhmiúcháin freagrach as imscrúduithe ionsáite a dhéanamh ar mhí-iompar amhrasta gnólachtaí agus daoine aonair.

Tugann an Rannán um Chomhairle Forfheidhmiúcháin treoir dóibh siúd a dhéanann imscrúduithe agus bíonn teagmháil aici le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha lena áirithiú go dtógtar agus go gcoinnítear creat láidir rialála agus forfheidhmiúcháin.

Tá an rannán Frithsciúrtha Airgid freagrach as maoirseacht ar chomhlíonadh institiúidí creidmheasa agus airgeadais lena n-oibleagáidí frithsciúrtha airgid (AML) agus lena n-oibleagáidí maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (CFT). Chomh maith leis sin, imríonn an rannán tionchar ar fhorbairt beartais rialála intíre agus idirnáisiúnta in AML/CFT.

### Rialáil Airgeadais - An Stiúrthóireacht um Beartas agus um Riosca

Tá an stiúrthóireacht freagrach as forbairt agus as cur chun feidhme beartais rialála i ndáil le hinstitiúidí creidmheasa, gnólachtaí árachais, gnólachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta, agus urrúis agus margaí go

hintíre agus go hidirnáisiúnta. Tá sí freagrach freisin as coinneáil agus feabhsú creat maoirseachta riosca an Bhainc Ceannais (PRISM) agus as tacaíochta a thabhairt dó agus as dearbhú cáilíochta ar a chur chun feidhme. Comhallann sí na freagrachtaí sin trí mheán na ngníomhaíochtaí seo:

- Creat intíre rialála agus beartais an Bhainc Ceannais a fhorbairt agus a chothabháil i ndáil le maoirseacht stuamachta agus maoirseacht iompair.
- Rannchuidiú le foirmiú agus cur chun feidhme na rialála Eorpaí agus na rialála idirnáisiúnta.
- Forbairt agus cothabháil chreata maoirseachta riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais (PRISM) a threorú.
- Tacaíocht agus dearbhú a thabhairt dá mhaoirseoirí maidir le cur chun feidhme na gcreataí beartais agus maoirseachta de chuid an Bhainc Ceannais.
- Timpeallacht ardchaighdeáin, éifeachtach beartas a chur chun cinn sa Bhanc Ceannais.

Tá trí rannán agus feidhmeannas sa stiúrthóireacht seo: An Rannán um Rioscaí Airgeadais agus um Beartas Rialachais, an Rannán um Beartas Margaí agus an Fhoireann Cothrománach um Beartas agus Riosca.

Tá an Rannán um Rioscaí Airgeadais agus um Beartas Rialála, an Rannán um Beartas Margaí agus an Fhoireann Cothrománach um Beartas agus Riosca freagrach as beartas baincéireachta, árachais agus rialachais agus as beartas margaí agus as beartas cothrománach, faoi seach. Tá an Rannán um Maoirseacht Riosca freagrach as PRISM agus as dearbhú cáilíochta a chur chun feidhme.

## Maoiniú na Rialála Airgeadais

Leagtar amach sa chuid seo conas a rialaítear agus a mhaoinítear costas na gníomhaíochtaí rialála airgeadais.

### Faisnéis Chúlra

I gcomhréir le hAlt 32D den Acht, déanann Coimisiún an Bhainc Ceannais rialacháin lena gceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach a íoc don Bhanc Ceannais, faoi réir faomhadh ón Aire Airgeadais.

Socraítear an riachtanas iomlán maoinithe do ghníomhaíocht rialála airgeadais an Bhainc Ceannais ar bhonn bliantúil ar bhonn na n-acmhainní is gá chun a fhreagrachtaí dlíthiúla a chomhall faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí AE. Is léiriú é an Ceanglas Bliantúil Maoinithe (nAFR) ar chion chostas

na rialála, arna choigeartú d'iarmhéideanna ón mbliain roimhe sin atá le fáil ar ais ón tobhach maoiniúcháin don tionscal. Leagtar amach nochtú suntasach, 'Maoiniú Gníomhaíochta Rialála Airgeadais' sna nótaí a ghabhann le Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais 2018.

Gach bliain, déantar na Rialacháin um Maoiniú Tionscail (agus an Sceideal lena mbaineann) a shíniú ina ndlí agus tagann siad i bhfeidhm arna bhfaomhadh ag an Aire Airgeadais. Leagtar amach sna Rialacháin Mhaoinithe an bonn ar a gcuirtear tobhaigh a chur i bhfeidhm maidir le heintitis rialáilte aonair laistigh de chatagóirí éagsúla maoinithe.

Mar fhreagairt do chomh-chomhairliúchán poiblí leis an Roinn Airgeadais maidir le maoiniú chostas na rialála airgeadais (CP95), d'aontaigh an tAire Airgeadais in 2017 go rachfaí i dtreo maoiniú 100% ó thionscal ar bhonn céimnitheach.

## Athruithe in 2018

Déantar achoimriú ar athruithe ar Rialacháin Mhaoinithe 2018 san fhoilseachán "Funding Strategy and Guide to Industry Funding Regulations 2018" atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Is léiriú iad na hathruithe in 2018 ar na nithe seo a leanas:


- Méadú ar an ráta téarnaimh ó mhaoiniú 65% go maoiniú 80% d'institiúidí creidmheasa, do ghnóthais árachais, do ghnólachtaí infheistíochta agus do sholáthraithe seirbhíse ciste.
- Ailíniú an ráta téarnaimh d'idirghabhálaithe miondíola agus do chuideachtaí bainistíochta fiachais le ráta 65%, a tógadh isteach in 2017 d'fhormhór na gcatagóirí maoinithe.
- Modheolaíocht nua a tógadh isteach, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, chun na tobhaigh atá le híoc ag iasachtóirí airgid a ríomh, atá cosúil leis an modheolaíocht atá i bhfeidhm maidir le hidirghabhálaithe miondíola.
- Tobhaigh fhorlíontacha a thabhairt isteach d'institiúidí creidmheasa chun táillí seirbhísí gairmiúla a fháil ar ais a gearradh le linn measúnú ar shíneadh le húdarú a bhí ann cheana, a mhéid is féidir na táillí sin a chur síos do na heintitis lena mbaineann.

## Costas na Rialála Airgeadais

Leagtar amach sa chairt thíos an ceanglas maoinithe do gach catagóir maoinithe tionscail in 2018. Léiríonn sé an caidreamh idir an ceanglas maoinithe agus an daonra lena mbaineann do gach catagóir. Is toradh é an ceanglas maoinithe den bhunchostas rialála agus den ráta cuí téarnaimh. Maidir le bainc a ghlac páirt i Scéim na Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe in

2009, tá na costais a bhaineann lena ngníomhaíocht rialáilte maoinithe go hiomlán acu ó shin. Míníonn sé sin, chomh maith le bunchostas a rialála, an chúis a ndéanann an catagóir sin rannchuidiú níos mó ná na catagóirí eile. I gcásanna áirithe, tagann luacha arda maoinithe ó dhaonra réasúnta íseal (e.g. Bainc) ach, i gcásanna eile, bíonn a mhalairt ann - freagraíonn roinnt catagóirí ard-daonra do chion réasúnta íseal maoinithe (e.g. Idirghabhálaithe miondíola).

*Cairt 1: nAFR 2018 agus líon ábhartha na ngnólachtaí ar cuireadh tobhach orthu*




| | Institiúidí Creidmheasa | Árachas | Gnólachtaí Infheistíochta | Idirghabhálaithe Miondíola | Cistí | Comhair Chreidmheasa | RCF / HRF & CSF | Institiúidí Íocaíochta | Iasachtóirí Airgid | Comhlachtaí Gairme Faofa | Bureaux de Change |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Daonra | 54 | 255 | 353 | 2272 | 1302 | 277 | 32 | 15 | 38 | 3 | 11 |
| nAFR €m | €55.88 | €35.49 | €20.92 | €6.04 | €5.52 | €1.68 | €1.29 | €1.27 | €0.89 | €0.03 | €0.01 |

Is é straitéis an Bhainc Ceannais dul i dtreo costas iomlán na rialála a ghnóthú ó thionscal le linn thréimhse Phlean Straitéiseach 2019-2021.

## Caighdeáin Seirbhíse do Phróiseáil Iarratas agus do Bhainistíocht Teagmhála

D’fhoilsigh an Banc Ceannais dhá thuarascáil leathbhliantúla[3] in 2018 inar sonraíodh a fheidhmíocht ó thaobh caighdeáin seirbhíse a bhfuil gealltanas tugtha aige ina leith maidir le:

- Údarú Soláthraí Seirbhíse Airgeadais agus Cistí Infheistíochta
- Measúnú ar iarratais O&I
- Seirbhísí Bainistíochta Teagmhála.

[3] Caighdéáin Feidhmíochta L1 agus Caighdeáin Feidhmíochta L2

Comhlíonadh nó sáraíodh 96% de spriocanna in 2018, a bhfuarthas iarratais lena n-aghaidh.

*Fíor 2 : Caighdeáin Seirbhíse Bainte Amach in 2018*





# Tacú le hObair na bhFoirne Rialála

## Seirbhísí Idirbheart Rialála

Tá an Rannán Idirbheart Rialála (RTD) freagrach as lárnú, sruthlíniú agus uathoibriú na bpríomhbheart rialála, amhail iarratais O&I, údaruithe cistí agus soláthraithe seirbhíse ciste, pasáil, bainistíocht tuairisceán agus próisis bainistíochta teagmhála. Leis an tseirbhís seo, feabhsaítear comhsheasmhacht cinnteoireachta d'idirbhearta rialála, laghdaítear riosca rialála, riosca cáile agus riosca oibríochtúil agus soláthraítear seirbhís trédhearcach ar féidir é a thomhas go beacht, a bhfuil aga slánúcháin feabhsaithe aici. Ar áireamh sa tseirbhís Idirbheart Rialála a sholáthraigh RTD in 2018, bhí:

- Iarratais Gheatóireachta O&I - measúnuithe ar dhaoine a lorg faomhadh chun róil shinsearacha a bheith acu i ngnólachtaí rialáilte (i.e. feidhm rialaithe réamhcheadaitheach (PCF)) faoi Chóras O&I, i gcomhréir le caighdeáin seirbhíse. Faoi 31 Nollaig 2018, bhí 51 PCF aonair a bhain le níos mó ná 20 earnáil tionscail.

*Cairt 2: Líon na bhfiosrúchán a shocraigh an tIonad Teagmhála d'Idirbhearta Rialála*




- Údaruithe Cistí agus Soláthraithe Seirbhíse Ciste – measúnú déantar ar iarratais ar líne do sholáthraithe seirbhíse ciste i gcomhréir le caighdeáin seirbhíse.
- Pasáil – próiseáladh fógraí pasála Saoirse Seirbhísí ó Sholáthraithe Seirbhíse Ciste i gcomhréir le tráthchláir reachtúla.
- Bainistíocht Tuairisceán – cuireadh tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí rialála tuairisceáin rialála nua agus tuairisceáin rialála a bhí ann cheana a thíolacadh trí mheán Córas Tuairiscithe ar líne (ONR) an Bhainc Ceannais.
- Seirbhís Bainistíochta Teagmhála – cuireadh seirbhís ghinearálta tacaíochta do cheisteanna agus do bhainistíocht teagmhála ar fáil do ghnólachtaí rialála i gcomhréir le caighdeán seirbhíse. Rinneadh suirbhé um shástacht glaoiteoirí don ionad teagmhála i Samhain 2018 agus bhí 98% de ghlaoiteoirí rialála sásta nó an-sásta leis an tseirbhís (ardú ó 94% in 2017).

## Bosca 1: Iarratais agus measúnuithe Geatóireachta O&I

Bhí ardú 51% ar iarratais PCF a cuireadh isteach le linn 2018 i gcomparáid le 2017. Cuireadh isteach formhór na n-iarratas sin le linn L2 agus léirítear é sin leis an líon níos airde iarratas atá á bpróiseáil faoi dheireadh na bliana i gcomparáid le 2017. Bhain chuid mhór den mhéadú sin le himeacht RA ó AE. I measc na n-iarratas a phróiseáladh in 2018, faomhadh 83%. Maidir leis an 13%, cuireadh ar ais mar iarratais neamhiomlána iad, nó tharraing an t-iarratasóir siar iad (87% agus 13% faoi seach in 2017).

Cairt 3: ***Iarratais Oiriúnachta agus Ionracais de réir Stádais***




# Foireann na Rialála Airgeadais

Faoi dheireadh 2018, bhí foireann 953 de coibhéis lánaimseartha ag plé le gníomhaíochta rialála, ardú ó 839 in 2017. Baineann an t-ardú foirne go príomha le:

- Brexit - Bhí gá le breis foirne chun freagairt do mhéid, nádúr agus castachta na ngnólachtaí nua a bhí ag lorg údaraithe agus chun athruithe suntasacha a phróiseáil ar mhúnlaí gnó gnólachtaí a bhí ann cheana.
- Bunú Feidhmeannais Iompair Mórdhíola chun freagairt do phróifíl athraitheach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta lena áirithiú go bhfuil riosca iompair mórdhíola leabaithe go héifeachtach i gcreataí an Bhainc Ceannais.
- Breis foirne forfheidhmiúcháin chun ár gcumas torthaí láidre forfheidhmiúcháin a sholáthar a fheabhsú.

Caibidil 2:

# Comhlíonadh Freagrachtaí Straitéiseacha in 2018

# Caibidil 2: Comhlíonadh Freagrachtaí Straitéiseacha in 2018

I gCreat Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2016-2018, léirítear na hidirthuilleamaíochtaí idir chomhlíonadh Mhisean agus Fhís an Bhainc Ceannais, agus ghnóthú na dtorthaí inmhianaithe atá sonraithe againn dár gCumasóirí Straitéiseacha agus dár bhFreagrachtaí Straitéiseacha.

Fíor 3 : ***Creat Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2016-2018***




Sa chaibidil seo, cuirtear achoimre ar fáil ar aschur agus ar thorthaí an Bhainc Ceannais in 2018 i dtaca leis na trí Fhreagracht Straitéiseacha Rialála Airgeadais thuasluaite, arb iad sin:

- Cosaint Tomhaltóirí
- Maoirseacht agus Forfheidhmiú
- Forbairt Beartais Rialála.

Tá rannán ann a chumhdaíonn gníomhaíocht an Bhainc Ceannais maidir le hullmhúchán d'imeacht RA ó AE.

## Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Cé nach bhfuil cineál deiridh na socruithe idir AE agus RA soiléir tráth ullmhaithe an Ráitis Bhliantúil feidhmíochta seo, beidh impleachtaí suntasacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar struchtúr gheilleagar na hÉireann agus an chórais airgeadais. De bhreis air sin, cuireann Brexit faoi deara go bhfuil leathnú suntasach tagtha ar thacar na ngnólachtaí atá ag iarraidh Éire a úsáid mar bhunáit chun freastal ar chóras airgeadais AE27 agus chuir sé faoi deara gur ghá athsmaoineamh a dhéanamh ar an gcreat iomchuí chun rialáil a dhéanamh ar thrádáil i seirbhísí airgeadais idir AE27 agus suímh eile (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe). Is ardtosaíocht straitéiseach é don Bhanc Ceannais i gcónaí go ndéileálfar le tionchar imeacht RA ó AE ar bhealach rathúil agus, chuige sin, bhí ullmhúcháin ar bun sular tharla an reifreann sa Ríocht Aontaithe in 2016.

Le linn 2018, dhírigh an Banc Ceannais ar a áirithiú:

1. Go raibh tuiscint ann ar na rioscaí do gheilleagar na hÉireann agus do thomhaltóirí agus go ndearnadh na rioscaí sin a mhaolú.
2. Gur ullmhaíodh na coigeartuithe beartais agus na coigeartuithe dlíthiúla chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás Brexit gan chomhaontú.
3. Ghlac gnólachtaí rialáilte céimeanna cuí le hathléimneacht a threisiú agus chun a dtomhaltóirí a chosaint.
4. Gur chuir an Banc Ceannais próiseas údaraithe comhréireach, láidir, éifeachtúil agus éifeachtach ar fáil i gcomhréir le gnáthnósanna rialála Eorpacha, do na gnólachtaí sin a lorg údarú in Éirinn de bharr imeacht RA ó AE.

### 1. Go raibh tuiscint ann ar na rioscaí do gheilleagar na hÉireann agus do thomhaltóirí agus go ndearnadh na rioscaí sin a mhaolú oiread agus ab fhéidir

De bharr na nascachta idir córas airgeadais na hÉireann agus córas airgeadais RA, tá dúshláin shuntasacha agus rioscaí suntasacha ag baint le himeacht RA ó AE do thomhaltóirí, do ghnóthais agus d'institiúidí airgeadais.

Le haidhm an Bhainc Ceannais, díríodh ar a áirithiú go mbeadh rioscaí don chobhsaíocht airgeadais agus do chosaint tomhaltóirí maolaithe oiread

agus ab fhéidir, go háirithe maidir le rioscaí 'na haille' a bhaineann le Brexit gan chomhaontú.

D'oibrigh an Banc Ceannais le húdaráis Eorpacha agus le húdaráis RA d'fhonn a áirithiú go leanfadh na gnólachtaí sin a chuireann seirbhísí ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha in ann déanamh amhlaidh i gcás Brexit gan chomhaontú.

D'oibrigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais chun tacaíocht a thabhairt maidir le dréachtú reachtaíochta chun córas sealadach caillteanais a chruthú lena n-áiritheofar go mbeidh leanúnachas seirbhíse ann do thomhaltóirí árachais i gcás Brexit gan chomhaontú.

2. **Gur ullmhaíodh na coigeartuithe beartais agus na coigeartuithe dlíthiúla chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás Brexit gan chomhaontú**

    **(a) Comhar idirghníomhaireachta**

Le linn 2018, chuir an Banc Ceannais tuairimí agus anailís ar fáil do lucht déanta beartais níos leithne, lena n-áirítear trí mheán rannpháirtíocht i gcruinnithe míosúla an Ghrúpa Teagmhála um Brexit (BCG) leis an Roinn Airgeadais agus le GBCN. Phléigh BCG pleanáil theagmhasach thar coda den earnáil airgeadais agus na forbairtí eacnamaíocha agus polaitiúla a bhaineann le himeacht RA ó AE.

Bhí teagmháil ag an mBanc Ceannais le húdaráis ábhartha freisin lena n-áirítear an Roinn Airgeadais, Banc Shasana agus BCE maidir le réitigh fhéideartha ar leanúnachas rochtana ar bhonneagar na margaí airgeadais d'urrúis chorparáideacha Éireannacha tar éis Brexit.

    **(b) Páirt ghníomhach a ghlacadh san Eoraip chun cur le beartas a bhaineann le Brexit**

Ghlac an Banc Ceannais páirt ar an leibhéal Eorpach chun cur chuige seasmhach a ghlacadh ar fud na mBallstát i gcomhthéacs cinnteoireacht a bhaineann le Brexit, pleanáil theagmhasach agus cumarsáid. Tá an Banc Ceannais dírithe ar chur chuige uile-Eorpach a chomhaontú maidir le saincheisteanna beartais agus maoirseachta arna n-eascairt as imeacht RA ó AE d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i dtaca le héagsúlacht reachtúil agus riosca na harbatráiste rialála.

3. **Gur ghlac gnólachtaí rialáilte céimeanna cuí le hathléimneacht a threisiú agus chun a dtomhaltóirí a chosaint**

Lean foirne maoirseachta de theagmháil a bheith acu le gnólachtaí rialáilte lena áirithiú go raibh pleanáil chuí ar bun acu i gcomhair na gcásanna inchreidte is measa. Mar chuid dó sin, áirithíodh gur thuig gnólachtaí

Éireannacha an tionchar a bheidh ag imeacht RA ó AE ar a ngnó agus ar a dtomhaltóirí agus go raibh pleanáil ar siúl acu lena aghaidh, agus leanadh de theagmháil a dhéanamh leis na gnólachtaí sin a raibh pleananna ar bhun acu bogadh go hÉirinn nó a múnlaí gnó in Éirinn a athrú.

4. **Gur chuir an Banc Ceannais próiseas údaraithe comhréireach, láidir, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil i gcomhréir le gnáthnósanna rialála Eorpacha, do na gnólachtaí sin a lorg údarú in Éirinn**

Tháinig gníomhaíocht shuntasacht údarúcháin chun cinn de bharr imeacht RA ó AE, a raibh líon ard iarratas agus cásanna casta i gceist léi. Lean an Banc Ceannais de ghníomhú mar gheatóir trí mheán measúnú dian a dhéanamh ar iarratais ó na gnólachtaí uile a bhí ag iarraidh seirbhísí airgeadais a chur ar fáil in Éirinn. Bhí ceangal ar ghnólachtaí a léiriú go soiléir gur shásaigh siad na caighdeáin is gá i gcomhair údaraithe. Lean na foirne údarúcháin de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais i gcomhréir leis na tráthchláir reachtúla agus le tráthchláir na gcaighdeáin seirbhíse, agus feidhmíodh próiseas soiléir, díreach, éascaitheach d'iarratasóirí a bhí ag lorg údaraithe.

## Cobhsaíocht Airgeadais agus Cosaint Tomhaltóirí

In 2018, lean an Banc Ceannais air ag ullmhú i gcomhair na dtorthaí inchreidte is measa, lena n-áirítear Brexit gan chomhaontú. D'aithin an Banc Ceannais roinnt rioscaí aille, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar thomhaltóirí agus ar infheisteoirí agus suaitheadh suntasach a chruthú do chóras airgeadais na hÉireann.

**Bosca 2: Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí a bhaineann le hImeacht RA ó AE**

Aithníodh easpa leanúnachais seirbhíse mar cheann de na rioscaí ba mhó do thomhaltóirí. Mar thoradh air sin, glacadh na príomhghníomhaíochtaí a leanas d'fhonn dul i ngleic leis sin agus le rioscaí Brexit eile i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí:

- **Ullmhacht a neartú ar leibhéal an ghnólachta** – Rinne an Banc Ceannais, trí mheán teagmháil ghníomhach maoirseachta le gnólachtaí (lena n-áirítear bainc, árachóirí, gnólachtaí infheistíochta, gnólachtaí idirghabhála, agus institiúidí íocaíochta agus r-airgid) ceangal a chur ar ghnólachtaí fianaise maidir le pleanáil theagmhasach éifeachtach Brexit a chur ar fáil. Sa bhreis air sin, chuir an Banc Ceannais béim ar an ngá a bhí ann cloí leis an treoir arna heisiúint ag na ÚMEnna chun eolas a thabhairt do

thomhaltóirí agus d'infheisteoirí maidir le tionchar imeacht RA ó AE ar a tháirgí airgeadais agus ar a sheirbhísí airgeadais.

- **Teagmháil leis an Roinn Airgeadais** – Chuir an Banc Ceannais comhairle theicniúil ar fáil maidir leis an athrú reachtúil ba ghá chun sealbhóirí polasaí árachais a chosaint. Bhí gá le reachtaíocht chun córas sealadach éaga a sholáthar chun an riosca a mhaolú go mbeadh easnamh leanúnachais seirbhíse ann do chonarthaí árachais.
- **Cumarsáid a eisiúint maidir le himeacht RA ó AE** – Mar chuid de chumarsáid an Bhainc Ceannais le tionscal, rinneadh teagmháil dhíreach le gnólachtaí, foilsíodh Tuairimí ÚME agus óráidí. Mar chuid den chumarsáid le tomhaltóirí agus le hinfheisteoirí, foilsíodh Ceisteanna Coitianta mionsonraithe do thomhaltóirí ar an leathanach tomhaltóirí ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.
- **Foilsiú tuairiscí** – D'fhoilsigh an Banc Ceannais ceithre thuarascáil maidir le himeacht RA ó AE in 2018 inar cuireadh measúnú saineolaithe ar fáil ar na riosca lena mbaineann.

Tá an Banc Ceannais ag iarraidh cosaint chomhsheasmhach agus intomhaiste do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a áirithiú agus leanfaidh sé d'obair le hinstitiúidí airgeadais agus d'obair ar leibhéal AE chun gnólachtaí a threorú chun ullmhachta ionas go mbeidh tomhaltóirí agus infheisteoirí cosanta beann ar thoradh na caibidlíochta RA/AE maidir le himeacht RA ó AE.

## Maoirseacht

Bhí dlúthpháirt ag an mBanc Ceannais maidir le cur chuige coiteann Eorpach a fhorbairt do na saincheisteanna rialála agus maoirseachta arna n-eascairt as imeacht RA ó AE.

San áireamh ar fhócas an Bhainc Ceannais bhí maolú i gcoinne arbatráiste rialála agus maoirseachta; comhar maoirseachta agus roinnt faisnéise leanúnach le húdaráis RA a áirithiú; réitigh rialála fhéideartha a mheas chun rioscaí aille féideartha a mhaolú.

Tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht údarúcháin lena n-áirítear údaruithe móra agus casta agus athruithe ar phleananna gnó gnólachtaí atá ann cheana atá ag iarraidh scála a n-oibríochtaí atá ann cheana a leathnú go suntasach.

Bhí dlúthpháirt ag an mBanc Ceannais maidir le cur chuige coiteann Eorpach a fhorbairt do na saincheisteanna rialála agus maoriseachta arna n-eascairt as imeacht RA ó AE.

Gríosaíodh foirne le freagairt ar bhealach réamhghníomhach do dhúshláin na n-údaruithe nua, agus próiseas dian údarúcháin mar bhunús leis sin. Ina theannta sin, díríodh aird mhaoirseachta ar a áirithiú go ndearna gnólachtaí a bhí ann cheana na feabhsúcháin ba ghá le bheith níos athléimní in aghaidh rioscaí atá anois ann agus rioscaí sa todhchaí. Lean an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar phleanáil theagmhasach gnólachtaí lena áirithiú go raibh pleananna éifeachtacha ann le freastal ar riachtanais an gheilleagair agus ar riachtanais tomhaltóirí san fhadtéarma.

## Bosca 3: Bainistiú Thionchar Imeacht RA ó AE agus Ullmhú lena aghaidh - Léargais Níos Mine

### Árachas

Tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht údarúcháin a bhain le himeacht RA ó AE lena n-áirítear údaruithe móra agus casta a phróiseáil agus líon suntasach athruithe ar phleananna gnó gnólachtaí údaraithe. Le linn 2018, rinneadh athbhreithniú ar 23 iarratas in 2018, údaraíodh 6 ghnólacht agus críochnaíodh an próiseas údarúcháin do na hiarratais a bhí fanta go luath in 2019. Ina theannta sin, bhí méadú suntasach ar idirbhearta rialála arna n-eascairt as athruithe ar phleananna gnó, as idirbhearta fála agus as aistrithe punainne.

Cuireadh próiseas nua údarúcháin chun feidhme ina raibh tréimhse réamhfheidhme, rud a cheadaigh tuilleadh plé turgnamhach le gnólachtaí. Thug maoirseoirí dúshlán na ngnóthas maidir le macra-rioscaí, múnlaí gnó agus impleachtaí do shealbhóirí polasaí amhail leanúnachas conartha. I measc sampla de na rioscaí sin a maolaíodh, tá easnamh láithreachta ábhartha, coinneáil riosca, riosca contrapháirtithe, rioscaí seachfhoinsithe agus rioscaí do chosaint sealbhóirí polasaí amhail téarnamh agus réiteach.

### Bainistiú Sócmhainní agus Baincéireacht Infheistíochta

De bharr roinnt eintitis chasta nua a bheith ag lorg údarúcháin lena mbunú in Éirinn, bunaíodh rannán nua i Samhain 2018, an Rannán um Bainc Infheistíochta agus um Déileálaithe Bróicéireachta (IBBD), a shuíonn i dteannta na maoirseachta ar ghnólachtaí bainistíochta sócmhainní sa Stiúrthóireacht nua-ainmnithe, an Stiúrthóireacht um Bainistiú Sócmhainní agus um Baincéireacht Infheistíochta (AMIB).

De bharr thionchar imeacht RA ó AE ar earnáil na bainistíochta sócmhainní, bhí méadú suntasach ar ghníomhaíocht údarúcháin. In 2018, tógadh 56 údarúchán chun críche, lena n-áirítear 5 shíneadh do ghnólachtaí a bhí údaraithe cheana (i gcomparáid le 18 ar an meán sa dá

bhliain roimhe sin) agus tá gníomhaíocht shuntasach údarúcháin fós ar bun sa chéad ráithe de 2019.

Déanfaidh IBBD maoirseacht ar thart ar dheich mbanc agus gnólacht infheistíochta faoi dheireadh Mheitheamh 2019 agus cuirfear lena n-acmhainní maoirseoirí a d'oibrigh ar údarú nó ar leathnú gníomhaíochta gnólachtaí atá ann cheana chun faisnéis maidir le múnlaí gnó agus coinníollacha údarúcháin na ngnólachtaí a choimeád. Déanfaidh comhfhoirne maoirseachta, arna n-acmhainiú le foireann ón mBanc Ceannais agus ó BCE, maoirseacht ar thrí institiúid chreidmheasa shuntasacha.

### Taisclann Lárnach Eorpach Urrús

Faoi láthair, glantar na Cistí Cothromais Éireannacha uile agus formhór na gCistí Trádáilte ar an Malartán trí mheán Taisclann Lárnach Urrús lonnaithe (CSD) lonnaithe in RA. Má dhéantar "tríú tír" de RA, d'fhéadfadh srian dlí a bheith ar sheirbhísí CSD sa mhargadh Éireannach agus d'fhéadfadh riosca a bheith ann nach mbeifí in ann idirbhearta Éireannacha a ghlanadh.

Chun an riosca sin a mhaolú, leanann an Banc Ceannais de rannpháirtíocht a bheith aige, i gcomhar le húdaráis rannpháirtithe Éireannacha ábhartha, le príomhpháirtithe leasmhara margaidh intíre agus le húdaráis Eorpacha maidir leis an tsaincheist seo. Tá aird dírithe ar sholáthróir fadtéarmach CSD a aithint tar éis imeacht RA ó AE agus ar shocrú coibhéise RA a bhunú sa ghearrthéarma.

I mí na Nollag 2018, d'eisigh an Coimisiún Eorpach ráiteas go bhforálfar do thréimhse coibhéise shealadach 24 mhí do CSDanna RA i gcás Brexit gan chomhaontú. Ciallaíonn sé sin gur gá go mbeidh an socrú fadtéarmach beartaithe ann roimh dheireadh na tréimhse 24 mhí sin ar an 29 Márta 2021. Tá an Banc Ceannais agus na húdaráis Éireannacha ábhartha i dteagmháil anois leis an oibreoir margaidh agus le páirtithe leasmhara eile margaidh chun dul i dtreo chur chun feidhme mhúnla fadtéarmach CSD.

# Cosaint Tomhaltóirí

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais leas tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. Is cuid de mhian an Bhainc Ceannais é go bhforbróidh gnólachtaí rialáilte cultúir dírithe ar thomhaltóirí a sholáthraíonn torthaí cothroma do thomhaltóirí, go bhfuil tuiscint ag tomhaltóirí ar na táirgí agus ar na seirbhísí a thairgtear dóibh agus go gcosnaítear tomhaltóirí leochailleacha, idir nithe eile.

**COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**Toradh Inmhianaithe:** go ngníomhóidh gnólachtaí rialáilte ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí.

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais na torthaí sin a bhaint amach trí bhíthin rialáil ardchaighdeáin, rannpháirtíocht fhiúntach, geatóireacht éifeachtach, maoirseacht threallúsach agus forfheidhmiú láidir.

Tá cosaint tomhaltóirí neadaithe i ngach réimse d'obair an Bhainc Ceannais thar iompar airgeadais, rialáil stuamachta agus sainorduithe na baincéireachta ceannais, agus aithnítear tábhacht na gcód iompair reachtúil, go bhfuil gnólachtaí fónta ó thaobh airgeadais de agus go gcoinnítear cobhsaíocht an chórais airgeadais.

Bhí neartú cosanta tomhaltóir fós i lár obair an Bhainc Ceannais in 2018, agus bhí aird straitéiseach ar leith ar iompar gnólachtaí. Is é gealltanas straitéiseach an Bhainc Ceannais rialáil iompair gnólachtaí a ardú. Tá sé sin ríthábhachtach i ngeall ar réimse leathan na scannal mí-iompair airgeadais go hidirnáisiúnta agus in Éirinn, lena n-áirítear scannal na Morgáistí Rianúcháin, agus is é sin an chúis a bhfuil a chur chuige maoirseachta forbartha ag an mBanc Ceannais le blianta beaga anuas chun a aird ar shaincheisteanna iompair agus cultúir a neartú. Céim thábhachtach eile sa phróiseas sin in 2018 ba ea an Tuarascáil ar Iompar agus ar Chultúr na mBanc Miondíola Éireannach.

Taobh amuigh d'earnáil na mbanc miondíola, tá an Banc Ceannais ag súil le cultúr tomhaltóirí dírithe a bheith neadaithe sna gnólachtaí rialáilte uile. Cuireann cultúr éifeachtach eagraíochtúil le comhchuspóir agus le comhchaighdeáin amhail gairmiúlacht, ionracas, macántacht agus cuntasaíocht chun torthaí córa a bhaint amach ina mbeidh leas na dtomhaltóirí chun tosaigh. Tá an béim mhéadaithe ar chultúr ina bhonn eolais don chaoi a ndéanann an Banc Ceannais maoirseacht ar ghnólachtaí, ag áirithiú go ngníomhaíonn na gnólachtaí sin chun leasa tomhaltóirí.

Déanann an Banc Ceannais idirghabháil i gcás ina bhfeiceann sé dochar forleathan do thomhaltóirí. Le linn 2018, lean an Banc Ceannais de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an TME. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí €647m íoctha mar sásamh agus mar chúiteamh do thomhaltóirí ar diúltaíodh morgáiste rianúcháin dóibh nó ar cuireadh ar ráta mícheart iad. Tá imscrúduithe forfheidhmiúcháin ar bun i gcomhthráth le hobair maoirseachta.

In 2018, rinne an Banc Ceannais tuilleadh athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an Chóid um Riaráistí Morgáiste (CCMA) - céim thábhachtach eile lena áirithiú go bhfuil iasachtóirí cothrom agus trédhearcach sa chaoi a ndéileálann siad le hiasachtaithe agus leo siúd a bhfuil riaráistí morgáiste rompu. Is é príomhthoradh an athbhreithnithe sin ( a dtugtar níos mó sonraí i ndáil leis i mBosca 5) go bhfuil an Cód ag oibriú go héifeachtach d'iasachtaithe a ghlacann páirt sa phróiseas.

Go ginearálta, lean an Banc Ceannais de bhrú a chur ar bhainc punanna iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú ar bhealach inmharthana ina dtugtar cosaint láidir d'iasachtaithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis seo. De bharr an chur chuige a ghlac an Banc Ceannais agus coda eile den chreat náisiúnta cosanta tomhaltóirí, áirithíodh gur baineadh amach an laghdú ar leibhéal na morgáistí neamhthuillmheacha trí mheán athstruchtúrú iasachtaí go príomha, seachas trí mheán athshealbhuithe.

Tá roinnt tograí glactha ag an mBanc Ceannais chun aird a tharraingt ar rioscaí féideartha do thomhaltóirí agus chun dul i ngleic leo. Tá obair fhorleathan déanta chun treoir a thabhairt do ghnólachtaí rialáilte maidir le pleananna teagmhasacha a dhéanamh i gcomhair imeacht RA ó AE. Leis an gclár leanúnach imscrúduithe téamacha, leantar de rioscaí a aithint do thomhaltóirí ar fud earnálacha agus ar fud táirgí airgeadais. Le rannpháirtíocht tionscail, áirítear go gcoimeádtar gnólachtaí rialáilte ar an eolas faoi shaincheisteanna rialála agus faoi fhorbairtí. Is é taighde cosanta tomhaltóirí an bunús faoin obair sin ar fad, lena áirítear go coimeádtar guth an tomhaltóra i lár na ngníomhaíochtaí maoirseachta.

Is cuid lárnach de mhisean an Banc Ceannais é cosaint tomhaltóirí agus áirítear ar a chúig théama straitéiseacha don tréimhse 2019-2021 a chumas a neartú sa réimse sin.

## Cur chuige maidir le Maoirseacht Iompair

Glacann an Banc Ceannais cur chuige córasach, rioscabhunaithe maidir le hiompar gnólachtaí rialáilte a mhaoirsiú. Déantar maoirseacht iompair ar leibhéal na hearnála nó ar leibhéal trasearnála den chuid is mó. Díríonn an Banc Ceannais a acmhainní ar réimsí ina bhfuil an riosca is mó ag baint leo do thomhaltóirí go córasach fad is a ghlactar gníomhaíocht cheartúcháin i gcás inar gá lena áirithiú go leighsítear dochar do thomhaltóirí. Ar áireamh ar phríomhréimsí fócais 2018 bhí an Tuarascáil ar Iompar agus ar Chultúr agus an t-athbhreithniú téamach ar CCMA.

## Bosca 4: An t-Athbhreithniú ar Iompar agus ar Chultúr

Ba chéim thábhachtach eile í an Tuarascáil ar Iompar agus ar Chultúr sa phróiseas chun a áirithiú go leabaíonn bainc cultúr dírithe ar thomhaltóirí.

In Iúil 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais torthaí an athbhreithnithe, ina ndearnadh measúnú ar an gcultúr a bhí ann sna cúig bhanc miondíola Éireannacha. Díríodh sa Tuarascáil ar iompar ceannaireachta choiste feidhmiúcháin na mbanc sin, go háirithe ar grúpdhinimic agus ar dhearcadh agus ar an idirimirt idir an coiste feidhmiúcháin agus na páirtithe leasmhara ábhartha inmheánacha i gcomhthéacs cinnteoireacht straitéiseach.

Is é a sonraíodh san tuarascáil, go bhfuil na gcúig bhanc ag obair chun cultúir atá níos dírithe ar thomhaltóirí a leabú, ach tá roinnt bainc tar éis níos mó dul chun cinn a dhéanamh mar atá déanta ag bainc eile, agus tá achar fad le dul ag roinnt acu. Ní raibh cultúr dírithe ar thomhaltóirí i gcónaí neadaithe i struchtúir, próisis agus córais na mbanc. Go háirithe, ní raibh comhthuiscint ann i gcónaí ar a bhfuil i gceist le cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí agus ar an iompar a bhíonn ag teastáil chuige.

Lean bainc áirithe de mheon réamh-ghéarchéime a léiriú sa mhéid go bhfuiltear ag filleadh ar stíl cheannaireachta stiúrtha seachas an bhéim a leagan ar chur chuige comhoibríoch. Léiríodh san athbhreithniú freisin go raibh róshoirbhíochas ann maidir le haistriú ráithiúil chuig cultúr dírithe ar thomhaltóirí, rud a d'fhág nár thuig na bainc an oiread oibre a bheadh de dhíth chun an clár oibre athraithe a bhaint amach.

Mar thoradh ar an tuarascáil, cheangail an Banc Ceannais ar bhord gach bainc plean gnímh a chruthú chun dul i ngleic leis na hábhair imní a aithníodh agus chun na rioscaí a mhaolú. Tá na pleananna gnímh sin faighte ag an mBanc Ceannais agus beidh siad ina gcuid tábhachtach dár maoirseacht leanúnach ar na bainc mhiondíola sin.

Ba chéim thábhachtach eile í an Tuarascáil ar Iompar agus ar Chultúr sa phróiseas chun a áirithiú go leabaíonn bainc cultur dírithe ar thomhaltóirí.

## Bosca 5: Tuarascáil CCM agus Cosaint do Thomhaltóirí a bhfuil Riaráistí Morgáiste acu

Is cód reachtúil é an Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste a cuireadh ar bun lena áirithiú go bhfuil próisis chothroma agus trédhearcacha ann chun déileáil le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste acu nó a bhfuil riaráistí morgáiste rompu. Tá gach cás de riaráiste morgáiste uathúil agus is gá é a

mheas ann féin. Is gá déileáil leis na cásanna uile go báúil agus go dearfach agus an cuspóir ann i gcónaí cabhrú leis na hiasachtaithe a n-oibleagáidí morgáiste a chomhlíonadh. Is gá do ghnólachtaí rialáilte CCMA a chomhlíonadh faoin dlí.

I Márta 2018, d'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc Ceannais athbhreithniú a dhéanamh ar CCMA lena áirithiú go bhfuil sé fós éifeachtúil i gcomhthéacs úsáid mhéadaithe díolachán iasachtaí chun leibhéal NPLanna a laghdú. I ndáil leis seo, lorg an Banc Ceannais tuairimí páirtithe leasmhara, rinne sé cigireachtaí ar ghnólachtaí a bhí páirteach i ngníomhaíochta seirbhísithe creidmheasa, rinne sé measúnú ar shaincheisteanna a ardaíodh le déanaí le CCMA agus bhailigh sé sonraí maidir le socruithe athstruchtúrtha agus rinne sé anailís orthu.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais Tuarascáil ar Éifeachtúlacht CCMA i gcomhthéacs Iasachtaí a bheith arna ndíol ag Iasachtóirí Rialáilte in 2018. Bunaithe ar athbhreithniú ag pointe ama, léirítear sa Tuarascáil go bhfuil an CIRM ag feidhmiú go héifeachtúil agus mar a ceapadh é d'iasachtaithe a ghlacann páirt sa phróiseas, i gcomhthéacs na hiasachtaí sin a bheith arna ndíol ag iasachtóirí rialáilte. Ní raibh aon fhianaise ann go bhfuil iasachtaithe, nach bhfuil athrú tagtha ar a gcúinsí, á n-aistriú ó shocruithe atá ann cheana le linn théarma an tsocraithe tar éis dá n-iasachtaí a bheith arna ndíol.

## An tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

Is é an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (TME) an t-athbhreithniú maoirseachta is mó, is casta agus is suntasaí atá glactha de láimh go dtí seo ag an mBanc Ceannais i gcomhthéacs a shainordaithe um chosaint tomhaltóirí. Cumhdaíonn TME na hiasachtóirí morgáiste uile a dhíol morgáistí rianúcháin in Éirinn ag aon am san am atá caite.

Is é príomhchuspóir TME a chinntiú go gcaitear go cothrom le tomhaltóirí morgáiste rianúcháin trína áirithiú go ndéanann iasachtóirí athbhreithniú iomlán ar a leabhar iasachtaí morgáiste le comhlíontacht a mheas leis na ceanglais chonartha agus leis na ceanglais rialála a bhaineann le morgáistí rianúcháin. I gcás ina n-aithnítear dochar do thomhaltóirí, cuireann an Banc Ceannais ceanglas ar iasachtóirí an sásamh agus an cúiteamh cuí a chur ar fáil i gcomhréir leis na Prionsabail Sásaimh a d'fhorbair an Banc Ceannais.

Ar phríomhthorthaí an Imscrúdaithe ar Mhorgáistí Rianúcháin in 2018, áirítear na cinn seo a leanas:


- Obair mhaoirseachta dhian lena áirithiú gur aithin iasachtóirí na grúpaí tomhaltóirí uile ar imríodh tionchar orthu. Faoi dheireadh

mhí na Nollag 2018, bhí 39,800 custaiméir ar imríodh tionchar orthu aitheanta ag iasachtóirí.

- Iasachtóirí a ghríosú chun cláir shásaimh agus chúitimh a chur i gcrích a luaithe is féidir. Faoi dheireadh 2018, bhí sásamh tugtha do 97% de na tomhaltóirí a deimhníodh mar thomhaltóirí ar imríodh tionchar orthu.
- €647m íoctha mar shásamh agus mar chúiteamh ag iasachtóirí faoi dheireadh mhí na Nollag 2018.

Tá an obair mhaoirseachta sa tréimhse dheiridh agus tá imscrúduithe forfheidhmiúcháin á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá an Banc Ceannais ag súil le tuairisc dheiridh ar TME ar fhoilsiú in 2019.

*Cairt 4: Luach na nÍocaíochtaí Sásaimh agus Cúitimh*




## Imscrúduithe Téamacha

Chun saincheisteanna ardriosca a aithint, cruinníonn an Banc Ceannais faisnéis ghnó trí réimse foinsí amhail, taighde tomhaltóirí, anailísíocht riosca, faireachán fáistine agus aiseolas ó mhaoirseoirí, agus ó oifigigh forfheidhmiúcháin agus údarúcháin. Leis sin, is féidir leis an mBanc Ceannais cén áit as a bhféadfadh dochar do thomhaltóirí teacht agus cuidíonn sé le maoirseacht tuairiscí riosca a chur le chéile ar a mbunaítear a ngníomhaíocht chun riosca a mhaolú.

Is cuid lárnach den phróiseas sin iad imscrúduithe téamacha. Úsáidtear athbhreithnithe téamacha chun drochnósanna agus treochtaí a aithint agus chun tuilleadh treorach do thionscal a éascú sa bhreis ar bhearta feabhsúcháin tosaigh in aghaidh gnólachtaí neamh-chomhlíontachta.

San áireamh i sraith imscrúduithe téamacha in 2018, bhí athbhreithnithe ar árachas giuirléidí, ar ghníomhairí ginearálta bainistíochta (MGAnna) agus ar fhógraíocht morgáistí.

## Bosca 6: Imscrúduithe agus Athbhreithnithe Téamacha

**Díolachán Árachais Giuirléide**

D'aithin an Banc Ceannais roinnt príomhrioscaí maidir le cosaint tomhaltóirí le linn an imscrúdaithe théamaigh seo. Tarraingíodh aird san imscrúdú nár glacadh chur chuige tomhaltóir-lárnaithe maidir le roinnt gnéithe de dhearadh an táirge, go sonrach maidir lena chinntiú go sásaíonn an táirge a dhíoltar riachtanais na dtomhaltóirí agus maidir leis an gcaoi a gcuirtear costas an árachais i láthair ag an bpointe díolacháin. Fuarthas amach san athbhreithniú nach raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil do thomhaltóirí ag an bpointe díolacháin agus le linn shaolré an pholasaí leordhóthanach, i gcásanna áirithe. D'ordaigh an Banc Ceannais do mhonaróirí agus do dháileoirí árachais giuirléide tuilleadh a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas faoi phríomhghnéithe an pholasaí, na buntáistí, na heisiaimh, conas éileamh a dhéanamh, agus costas iomlán an táirge. Ordaíodh freisin do ghnólachtaí eolas breise a chur ar fáil maidir le praghas an árachais chun cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí roghanna fóinteacha a dhéanamh. Is é dearcadh an Bhainc Ceannais go bhfuil an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear cothrom do thomhaltóirí agus go méadaíonn sé an dóchúlacht go mbeidh torthaí dearfacha ann do thomhaltóirí.

**Fógraíocht faoi Mhorgáistí**

Leis an athbhreithniú seo ar fhógraíocht morgáistí, inar díríodh go háirithe ar dhreasachtaí tairiscintí airgid, rinneadh measúnú ar cibé an raibh iasachtóirí ag fógairt morgáistí a raibh tairiscintí airgid leo ar bhealach soiléir gan débhrí. Rinne na Banc Ceannais athbhreithniú ar 183 fhógra i gcomhair comhlíontachta leis na ceanglais fógraíochta sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012 agus i Rialacháin AE (Socruithe Creidmheasa Morgáistí Tomhaltóra) 2016 (I.R. Uimh. 142 de 2016). Áiríodh i measc na dtorthaí nach raibh príomheolas agus critéir cháilíochta san áireamh i bpríomhchorp ná i miontéacs na bhfógraí, nach raibh cuid d'ábhar na leathanach gréasáin beacht agus/nó nach raibh sé suas chun dáta, agus go raibh an t-ábhar i gcuid de na fógraí doiléir (mar shampla, an chaoi ar ríomhadh an dreasacht airgid). Dá bharr, d'ordaigh an Banc Ceannais d'iasachtóirí 75% de na fógraí a athbhreithníodh a tharraingt siar nó a leasú.

**Idirghabhálaithe Miondíola a Ghníomhaíonn mar Ghníomhairí Ginearálta Bainistíochta**

San imscrúdú téamach seo ar idirghabhálaithe miondíola a ghníomhaíonn mar MGAnna thar ceann árachasóirí mótair, díríodh ar a áirithiú go bhfuil sé soiléir do thomhaltóirí sa pholasaí agus sna doiciméid lena mbaineann cé hé an t-árachasóir agus cá bhfuil an t-árachas lonnaithe. Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar roinnt príomh-shaincheisteanna, agus tugadh faoi deara nár chuir MGAnna tomhaltóirí ar an eolas, ar bhealach leordhóthanach, maidir le hainm an árachasóra agus tír an chorpraithe. Sa bhreis air sin, i bhformhór na gcásanna, ní raibh pleananna chun déileáil le cás ina bhfágfadh árachóir an margadh doiciméadaithe go foirmiúil ag an MGA. Mar thoradh ar an iniúchadh téamach, rinneadh ceanglais fhoirmiúla mhaoirseachta a chur ar na MGAnna sin, ina bhfuil amlíntí sonracha i gcomhair leasúcháin, sa chás inar thug an Banc Ceannais ábhar imní faoi deara.

## Gníomhaíochtaí Rialáilte Eile

Rinne foirne maoirseachta maoirseacht leanúnach fhrithghníomhach agus dhírithe ar idirghabhálaithe Miondíola, gnólachtaí bainistíochta riosca, gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa, gnólachtaí creidmheasa miondíola, iasachtóirí ceadúnaithe airgid, agus gnólachtaí frithdhílse teaghais. Áiríodh i measc na bpríomhghníomhaíochtaí rannpháirtíocht le gnólachtaí maidir le saincheisteanna O&I arna n-aithint, cigireachtaí dírithe agus cur le forbairtí beartais agus le forbairtí reachtúla.

Go háirithe, glacadh rannpháirtíocht thábhachtach le comhghleacaithe Eorpacha maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Dáileadh Árachais (IDD) tar éis Brexit.

### Tionchar a imirt ar leibhéal AE/ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar Bheartas Intíre

Oibríonn cosaint tomhaltóirí leis an gcreat rialála a neartú agus chun beartas intíre, Eorpach agus idirnáisiúnta a mhúnlú i dtaca le torthaí cothroma a áirithiú do thomhaltóirí. Lean an Banc Ceannais de pháirt ghníomhach a ghlacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cosanta tomhaltóirí ar fud na ÚMEnna aonair, Comhchoiste ÚME, an Fochoiste um Chosaint Tomhaltóirí agus um Nuálaíocht Airgeadais, FinCoNet agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ECFE.

Bhain gníomhaíocht shuntasach in 2018 le forbairt agus cur chun feidhme príomhchreataí reachtúla amhail an Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta (PSD2), MiFID II, IDD, Táirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe agus Táirgí Infheistíochta atá Árachas-bhunaithe agus Ciste Pinsean Pearsanta Eorpach, anailís ar impleachtaí féideartha imeacht RA ó AE agus measúnú ar fhorbairtí teicneolaíochta airgeadais. Go háirithe, bhí fócas láidir ar chóineasú maoirseachta, ar fhorbairt Ceisteanna Coitianta áirithe faoi na treoracha, cúrsaí údarúcháin tomhaltóirí maidir le PSD2 agus cúrsaí idirghabhála táirge in ESMA. Chuir an Banc Ceannais tacaíocht theicniúil ar fáil freisin don Roinn Airgeadais maidir le togra nua ón Aontas Eorpach le haghaidh treoir maidir le gnólachtaí seirbhísithe creidmheasa.

Ar an leibhéal intíre, cuireadh tacaíocht theicniúil ar fail don Roinn Airgeadais maidir le trasuí roinnt Rialacháin AE. Bhí teagmháil shuntasach ann leis an Roinn Airgeadais freisin maidir leis an mBille um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2018, an Bille um Chonarthaí Árachais Tomhaltóirí 2017 agus an Tuarascáil a rinne an Roinn Airgeadais a choimisiúnú maidir le Pleananna Conartha Pearsanta (PCPanna).

Foilsíodh Rialacháin um Árachas Neamhshaoil (Soláthar Faisnéise) (Athnuachan Polasaí Árachais) (Leasú) 2018 an 21 Nollaig 2018 agus

tiocfaidh siad i bhfeidhm an 1 Samhain 2019, agus áiritheofar feasacht tomhaltóirí níos fearr agus rogha níos fearr leo ag céim na hathnuachana.

D'eisigh an Banc Ceannais aguisín leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí 2012 in Iúil, lenar tógadh isteach ceanglais nua, fheabhsaithe chun tuilleadh trédhearcachta a sholáthar agus chun malartú morgáistí a éascú, agus tháinig se sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019.

## Taighde

Lean an Banc Ceannais den chreat cosanta tomhaltóirí a fhorbairt agus a athbhreithniú chun an chosaint do thomhaltóirí a fheabhsú, agus torthaí an taighde dírithe ar thomhaltóirí mar bhonn faisnéise leis sin.

Áirítear i measc na bpríomh-thograí:

### Formhaoirsiú agus Rialachas Táirgí

Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú fiosraithe a choimisiúnú ar litríocht idirnáisiúnta na heacnamaíochta iompair agus ar shamplaí de dhochar féideartha do thomhaltóirí arna eascairt as dearadh agus díolachán táirgí áirithe. San athbhreithniú, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2018, sonraítear taighde ó mhodhanna agus ó dhisciplíní éagsúla i dtrí réimse leathana: táirgí creidmheasa (cártaí creidmheasa, iasachtaí pearsanta, agus morgáistí), táirgí infheistíochta (infheistíocht mhiondíola agus infheistíocht struchtúrtha)agus árachas (go háirithe árachas mar tháirge breise). Beidh na torthaí sin ina mbonn faisnéise d'obair bheartais maidir le cosaint tomhaltóirí amach anseo agus chun cur leis na huirlisí maoirseachta go háirithe i dtaca le formhaoirsiú agus rialachas táirgí.

### Taighde Tomhaltais ar Mhótarárachas

D'fhoilsigh an Banc Ceannais a thuarascáil ar Dhearcadh agus Iompar Tomhaltóirí i gcás Mótarárachais. Ba é cuspóir an taighde sin léargas a fháil ar thuiscint tomhaltóirí ar chéannacht agus ar láthair a n-árachóirí mótair (lena n-áirítear i gcás inar ceannaíodh mótarárachas trí mheán idirghabhálaí miondíola ag gníomhú thar ceann MGA). Féachadh freisin sa tuarascáil ar na príomhnithe a imríonn tionchar ar roghnú soláthróirí mótarárachais, agus ar fhaisnéis maidir le sástacht tomhaltóirí leis an tseirbhís a fuarthas. Tugadh faoin obair sin chun tacaíocht agus bonn faisnéise a chur faoi obair an imscrúdaithe théamaigh ar idirghabhálaithe miondíola ag gníomhú mar MGAnna. Mar thoradh ar an imscrúdú téamach, forchuireadh ceanglais fhoirmeálta mhaoirseachta ina bhfuil tráthchláir ar leith maidir le leasúchán.

# Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Lean an Banc Ceannais lena gclár maoirseachta ionsáite, rioscabhunaithe, anailíseach atá dírithe ar thorthaí agus atá leabaithe i modheolaíochtaí maoirseachta PRISM (agus i modheolaíochtaí an Chórais Bainistíochta Faisnéise do bhainc in SAM) agus a bhfuil gníomhaíocht forfheidhmiúcháin ina thacú leis i gcás inar gá agus inar cuí. Bhí gnáth-theagmháil mhaoirseachta le gnólachtaí rialáilte i gceist leis sin, chomh maith le cigireachtaí agus anailís chun tacaíocht agus dúshlán a thabhairt don obair mhaoirseachta, agus aird ar leith ar phríomhrioscaí amhail imeacht RA ó AE, athléimneacht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí.

**MAOIRSEACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ**

**Toradh Inmhianaithe: go mbeidh gnólachtaí rialáilte fónta ó thaobh airgeadais agus go mbeidh siad á mbainistiú go sábháilte**

Áirítear an méid seo a leanas sna príomhghníomhaíochtaí a ghlacadh in 2018 chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach go mbeadh gnólachtaí ann atá fónta ó thaobh airgeadais de agus a ndéantar bainistíocht shábháilte orthu:

## Maoirseacht Leanúnach chun Measúnú a Dhéanamh ar Phríomhréimsí Riosca

Maoirseacht leantach, a chuimsigh measúnú a dhéanamh ar ghnólachtaí i dtaca le leordhóthanacht caipitil, múnlaí gnó agus rialachas, agus a ndúshlán a thabhairt i leith na nithe sin. Bhí réiteach NPLanna ina phríomhthosaíocht sa bhaincéireacht. Tháinig méadú ar ghníomhaíocht chigireachta ar an láthair in 2018 agus thug an Banc Ceannais easnaimh faoi deara maidir le hoibleagáidí Shócmhainneacht II a bhain le Creataí Bainistíochta Riosca gus ghníomhaigh sé ar na heasnaimh sin. Sa Mhaoirseacht ar Bhainistíochta Sócmhainní, díríodh ar chur chun feidhme MiFID II, ar chomhlíontacht le Rialacháin Airgid Infheisteoirí, ar chibear-riosca, ar rialachas agus ar rialuithe inmheánacha.

Tá ról ríthábhachtach ag creataí láidre rialála agus maoirseachta chun córas airgeadais a sholáthar a chothaíonn muinín, ina gcosnaítear tomhaltóirí agus infheisteoirí, ina bhfuil taiscí sábháilte agus ina bhfuil cúlchistí árachais leordhóthanach le dliteanais a shásamh. Léiríodh le hobair an Bhainc Ceannais in 2018 go bhfuil aird leanúnach ríthábhachtach d'fhonn an mian a bhaint amach go mbeadh córas airgeadais athléimneach agus iontaofa ann, a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagar agus ar riachtanais a thomhaltóirí ar bhealach inmharthana, agus ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus le hardchaighdeáin.

Leagtar amach léargais earnála níos deimhne ar an gclár oibre sna míreanna seo a leanas:

## Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Rinne an Banc Ceannais dul chun cinn substainteach i leith a n-oibleagáidí maoirseachta; rinne sé maoirseacht lárnach a sholáthar, d'fhreagair sé

d'imeacht RA ó AE, chuir sé feabhas ar a dhearcadh ar athléimneacht banc, bhrúigh se feabhsúcháin ar aghaidh ar chultúr banc, rinne se dul chun cinn maidir le pleanáil téarnaimh agus pleanáil réitigh bainc, agus d'áirithigh sé gur aithin bainc tomhaltóirí ar imir ceist na morgáistí rianúcháin tionchar orthu. Rinneadh an dul chun cinn sin trí mheán maoirseacht rialta ionsáite ar bhainc agus teagmháil leis na bainc sin, cigireachtaí ar an láthair agus measúnuithe cuimsitheacha riosca a chumhdaigh na rioscaí uile.

I measc na príomhréimsí airde bhí:

- Athléimneacht a Neartú (féach thíos)
- Réiteach NPLanna (féach bosca 7)
- Imeacht RA ó AE (féach an mhír thuas)
- Comhar Cosanta Tomhaltóirí (féach an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin faoin mír maidir le Cosaint Tomhaltóirí).

**Athléimneacht a Neartú**

In 2018, cuireadh béim shuntasach mhaoirseachta ar a áirithiú go ndearna gnólachtaí a bhí ann cheana na feabhsúcháin ba ghá le bheith níos athléimní in aghaidh rioscaí atá anois ann agus rioscaí sa todhchaí. Tá brabúsacht fós ag téarnamh i bhformhór na mbanc Éireannach, cé gur moilliú ar thuilleamh é bonn costas ardaithe agus rátaí ísle úis. Tá mórán banc ag cur cláir athraithe chun feidhme chun a mbonn costas a bhainistiú, chun tacú le giniúint ioncam, chun teicneolaíocht faisnéise agus cumas teicneolaíochta airgeadais a fheabhsú (lena n-áirítear PSD a chur chun feidhme) agus chun a múnlaí gnó foriomlána a neartú.

In 2018, bhí béim shuntasach maoirseachta ar a áirithiú go ndéanann gnólachtaí a bhí ann cheana na feabhsúcháin ba ghá le bheith níos athléimní in aghaidh rioscaí atá anois ann agus rioscsaí sa todhchaí.


Mar chuid den obair sin, rinneadh measúnú ar leordhóthanacht cóimheasa caipitil agus cóimheasa leachtachta, mar thacú le tionscal TRIM ó BCE, glacadh páirt i tástáil struis 2018 ar fud AE agus rinneadh láidreacht pleananna téarnaimh agus réitigh a mheas.

Is féidir léargas a fháil ó na slata tomhais seo ar athléimneacht na hearnála baincéireachta in Éirinn:


- **Cóimheasa Caipitil:** Tháinig laghdú 0.7% ar chóimheas ghnáthchothromas leibhéal 1 (CET1) do bhain mhiondíola ó 19.3% ag deireadh R3 2017 go 18.6% ag deireadh R3 2018. Tháinig laghdú 0.6% freisin ar an gcóimheas lánluchtaithe go 16.4% don tréimhse chéanna. Is de bharr IFRS9, coigeartuithe TRIM agus díbhinní a íocadh le linn na bliana é an laghdú in CET1. Cé gur tháining laghdú ar chóimheas CET1 do na bainc mhiondíola le linn na bliana, tá an méid caipitil a cheanglaítear fós níos airde ná leibhéal a bpiaraí Eorpacha. Tháinig méadú ar chóimheas lánluchtaithe CET1 na

mbanc idirnáisiúnta a oibríonn in Éirinn ó 27.5% in R3 2017 go 32.2% ag deireadh Q3 2018. Tháinig méadú 4.7% ar a gcóimheas caipitil comhiomlán go 32.2%. Is de bharr laghdú ar shócmhainní cláir comhardaithe den chuid is mó é an méadú sin. Mar a léirítear sna cairteacha a leanas, tá siad fós níos airde ná na meáin Eorpacha.


### *Cairt 5: Cóimheasa Caipitil Éireannacha vs An Meán Eorpach*




### *Cairt 6: Cóimheasa Caipitil Comhiomláin – Bainc Dírithe go hIdirnáisiúnta*




### *Cairt 7: Cóimheasa Caipitil Comhiomláin – Institiúidí Suntasacha Miondíola*



- **Leachtacht:** Is príomhbheart rialála é an Cóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR) a ceapadh lena áirithiú go bhfuil stoc leordhóthanach de shócmhainní leachtacha d'ardchaighdeán acu amhail airgead, bannaí cisteáin nó fiachas corparáideach ardchaighdeáin, d'fhonn oibleagáidí íocaíochta conartha a shásamh thar tréimhse ghearr struis. Is é atá sa LCR, cóimheas sócmhainní leachtacha bainc in aghaidh a eis-sreafaí glanairgid. Ba cheart go mbeadh an chóimheas sin ní b'airde ná 100%. Don bhliain, bhí LCR na mbanc uile ní b'airde ná an ceanglas 100%. Do na mbainc mhiondíola, b'ionann LCR agus 139%, go garbh, faoi Mheán Fómhair 2018 (140% in 2017). Do bhainc atá dírithe go hidirnáisiúnta, b'ionann LCR agus 190% (200% in 2017) don tréimhse chéanna. Tháinig laghdú ar ualú sócmhainní[4] do bhainc mhiondíola ó 17.3% in R3 2017 go 15.0% ag deireadh R3 2018 (de bharr méadú ar thaiscí teaghlaigh). Do na bainc neamh-mhiondíola, tháining laghdú ar ualú ó 23.6% in R3 2017 go 21.5% in R3 2018. Tá idir ualú miondíola agus ualú neamh-mhiondíola faoin meán Eorpach, atá ag 28.2%.
- **Athbhreithniú Dírithe ar Shamhlacha Inmheánacha:** I measc na bpríomh-spriocthorthaí don Bhanc Ceannais do 2018, bhí tacaíocht a thabhairt don Athbhreithniú Dírithe ar Shamhlacha Inmheánacha (TRIM) de chuid BCE. Leis an obair sin, áirithítear go bhfuil samhlacha rioscaí inmheánacha an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an dea-chleachtas Eorpach agus gur léiriú iad ceanglais chaipitil na mbanc ar a riosca. I gCéim 1, díríodh athbhreithnithe TRIM den chuid ba mhó ar mhorgáistí agus cuireadh an chéim sin i gcrích in 2018. Leis na hathbhreithnithe sin, chonacthas go ndeachaigh na bainc i ngleic, i gcoitinne, leis na laigí a aithníodh in athbhreithnithe roimhe sin. I gcás ina bhfuil saincheisteanna fós ann, cuireadh bearta i bhfeidhm trí mheán pleananna maolaithe nó i gcás inar aithníodh riosca meastacháin faoina luach ann, cuireadh ceanglais chaipitil mhéadaithe i bhfeidhm. Sa bhreis air sin, cuireadh tús le céim 2 de thogra TRIM le linn na bliana. Cumhdaíonn se sin an t-athbhreithniú ar shamhlacha neamh-mhorgáiste (samhlacha d'iasachtaí móra corparáideacha go príomha) agus leanfar léi le linn 2019.
- **Tástáil Struis 2018 ar fud AE:** I Samhain 2018, d'fhoilsigh ÚBE torthaí thástáil struis 2018 ar fud AE. Rinneadh athléimneacht

[4] Cóimheasa ualaithe sócmhainní a shainítear i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/79 ón gCoimisiún, Mír 9 - Mír 11 d'Iarscríbhinn III. Caitear le sócmhainn mar shócmhainn ualaithe má gealladh í nó má tá sí faoi réir aon chineál socraithe chun aon idirbhearta urrú, a chomhthaobhú, nó a fheabhsú ó thoabh creidmheasa de, arb idirbheart é nach féidir an tsócmhainn a tharraingt siar uaidh go héasca.

airgeadais 48 gcinn de na bainc Eorpacha is mó a mheas trí mheán turraing dhíobhálach choiteann a chur ar gach ceann acu. Ba é ÚBE a chomhordaigh an tástáil struis cuireadh an tástáil o gcrích i gcomhar le BCE, le BERS, leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann. Ba iad AIB agus Bank of Ireland na bainc Éireannacha a cuireadh san áireamh sa tástáil struis. Cé go bhfuil dúshláin ann fós don dá bhanc, léiríodh sna torthaí go bhfuil caipiteal leordhóthanach ag AIB agus ag Bank of Ireland sa chás díobhálach, agus bhí staideanna caipitil deiridh fós níos airde ná na ceanglais íosta rialála. Sa bhreis air sin, bhí cóimheasa caipitil an dá bhanc níos airde i gcomparáid le tástáil struis 2016 ar fud AE.

- **Pleanáil Téarnaimh:** I gcoitinne, lean na bainc de bhearta a ghlacadh chun a bpleananna téarnaimh a fheabhsú in 2018. San áireamh air sin, tógadh "leabhair bheartaíochta" isteach (cur síos ar a ndéanfaidh bainc sna chéad uaireanta, laethanta agus seachtainí i ngéarchéim) agus cleachtaí trialacha. I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh BCE a thuarascáil maidir le pleananna téarnaimh. Sa doiciméad sin, leagtar amach ceachtanna foghlamtha BCE agus na dea-chleachtais a chonacthas tar éis trí thimthriall chomhleantacha de mheasúnuithe ar phleananna téarnaimh. Is é is aidhm leis an tuarascáil cuidiú a thabhairt do bhainc a phleananna a fheabhsú tuilleadh chun go mbeadh na pleananna ní b'oibríochtúla.


### Bosca 7: Aird Mhaoirseachta ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha

Ó thaobh cobhsaíochta airgeadais agus cosaint tomhaltóirí de, is gá don Bhanc Ceannais dearcadh a ghlacadh ar iomláine na hanacaire airgeadais. Laghdaíonn iasachtaí neamhthuillmheacha cumas iasachtóirí agus iasachtaithe cúluithe amach anseo a sheasamh. Is bealach inmharthana é NPLanna a laghdú lena n-áirithítear cosaint láidir d'iasachtaithe agus dá bharr sin, tá an laghdú sin riachtanach.

Le linn 2018, ba phríomhthosaíocht mhaoirseachta don Bhanc Ceannais, agus do BCE ar bhonn ní ba leithne, é stoc mór na NPLanna a réiteach. Leis an stoc mór NPLanna ar chláir chomhordaithe institiúidí airgeadais Éireannacha, méadaítear ar leochaileacht na n-institiúidí sin do thurraingí amach anseo i ngeilleagar na hÉireann. Dá bhrí sin, le gníomhú leantach ar na hiasachtaí sin a réiteach, déantar athléimneacht a neartú sa chóras airgeadais in Éirinn. Faoi láthair, ó thaobh cosaint tomhaltóirí de, is é atá i gceist leis na NPLanna seo, iasachtaithe a bhfuil, nó a riabh, deacrachtaí airgeadais acu, agus is tosaíocht é don Bhanc Ceannais go gcaitear go cothrom leis na hiasachtaithe sin.

Tá cur chuige tomhaiste agus céimnitheach glactha ag an mBanc Ceannais chun dul i ngleic le ceist na NPLanna, agus tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo. Sa chairt, breactar cóimheas NPL thar tréimhse ama agus tarraingítear aird ar chuid de na clocha míle tábhachtacha le linn aistear na hÉireann i dtreo NPLanna a réiteach. Ag gach céim den phróiseas, rinne an Banc Ceannais cumarsáid maidir lenár n-ionchais mhaoirseachta (trí mheán treoirlínte ábhartha a fhoilsiú amhail Treoirlínte maidir le Soláthar, Treoirlínte maidir le Luacháil Comhthaobhachta etc.), thug sé dúshlán na n-institiúidí maidir le dul chun cinn agus rinne sé cigireachtaí mionsonraithe ar an láthair. Tacaíodh leis an ghníomhaíocht stuamachta trí mheán creat láidir cosanta tomhaltóirí a chur chun feidhme. Le foilsiú CCMA in 2009, bunaíodh cosaint do thomhaltóirí maidir lena bpríomháit chónaithe lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go bhfuil siad in ann fanacht i dteach an teaghlaigh i bhformhór na gcásanna.

*Cairt 8: Bainc Mhiondíola – Cóimheas NPL agus Clocha Míle Tábhachtacha*




Foinse: Tuairisceáin rialála an Bhainc Ceannais bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag AIB, BoI, UBI agus KBCI.

In 2018, bhí luas réiteach NPLanna athraitheach do chineálacha éagsúla sócmhainní, agus ba ar NPLanna morgáistí a tháinig an laghdú ba mhoille, rud a thagann leis na treochtaí le blianta beaga anuas. Is léiriú é sin ar chlaonadh níos mó NPLanna morgáistí a athstruchtúrú agus ar an bpróiseas dlí níos moille atá ann do NPLanna morgáistí. Mar thoradh air sin, is ionann NPL morgáistí agus 71% de NPLanna uile na mbanc miondíola Éireannach.

Sa chomhthéacs sin, phléigh cuid de na bainc mhiondíola le díolachán punainne morgáiste NPL mar straitéis réitigh in 2018. Mar fhreagairt don fhorbairt sin, d'iarr an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an gCód lena éifeachtúlacht a chinntiú i gcomhthéacs iasachtaí a bheith arna ndíol ag iasachtóirí rialáilte. I mí

Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais Tuarascáil ar Éifeachtúlacht CCMA i gcomhthéacs Díolachán Iasachtaí ag Iasachtóirí Rialáilte i (Féach Bosca 5).

Lena áirithiú go leanfaidh institiúidí de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo leibhéal íosta NPLanna, lean an Banc Ceannais le maoirseacht ionsáite le linn 2018, le cinntiú go raibh straitéisí uaillmhianacha agus réalaíocha do NPLanna ann in 2018 agus ina dhiaidh sin. Leanann an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúidí aonair agus de dhúshlán a ardú i gcás inar gá. Chuir an Banc Ceannais dhá chigireacht ionsáite ar an láthair i gcrích in 2018 a bhain le NPLanna agus aithníodh cásanna nár sásaíodh na hionchais mhaoirseachta, agus cuireadh pleananna maolaithe i bhfeidhm mar thoradh air sin.

Is ionann stoc na NPLanna ar fud institiúidí creidmheasa miondíola agus €22.5bn, laghdú €11.9bn bliain ar bhliain, rud a fhágann cóimheas NPL ag 10.4%, leibhéal atá ard ar bhealach nach féidir glacadh leis. Príomh-thosaíocht a bheidh ann fós don Bhanc Ceannais in 2019 é NPLanna a laghdú, fad is a áiritheofar go gcaithfear go cothrom le tomhaltóirí, agus athléimneacht chláir chomhordaithe na n-institiúidí airgeadais a fheabhsú i gcoinne turraingí amach anseo.

## Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Déanann an Banc Ceannais rialáil agus maoirseacht ar chomhair chreidmheasa lena áirithiú go bhfuil siad fónta ó thaobh airgeadais de, go bhfuil múnlaí gnó inmharthana acu lena bhfreastalaítear ar riachtanais a mball (agus ar riachtanais an chórais airgeadais níos leithne) san fhadtéarma, go ndéantar dea-rialáil agus bainistíocht shábháilte orthu agus go mbíonn siad in ann teacht chucu féin mar bhíonn deacrachtaí acu, agus mura mbíonn siad in ann, gur féidir iad a réiteach ar bhealach ordúil.

Le maoirseacht rioscabhunaithe an Bhainc Ceannais in 2018, díríodh ar leanúint de phríomhbhoinn na gcomhar creidmheasa a láidriú ó thaobh rialachais, bainistíocht riosca agus cumas oibríochtúil de. Le gníomhaíocht chigireachta ar an láthair, díríodh ar a áirithiú go gcomhlíonann na comhair chreidmheasa caighdeáin íosta agus go bhfuil pleananna maolaithe riosca i bhfeidhm acu chun freagairt do leochaileachtaí riosca. In 2018, lean an Banc Ceannais d'athstruchtúrú earnála a éascú i gcomhréir lena chuspóir bonn fónta airgeadais agus oibríochtúil a chur faoi chomhair chreidmheasa laga agus neamh-inmharthana. Cuireadh 16 aistriú gealltanais i gcrích le linn na bliana, a raibh tacaíocht ón earnáil phríobháideach de dhíth do cheithre cinn acu chun a gcúlchistí a athbhunú sular críochnaíodh an t-aistriú.

I bhfianaise athstruchtúrú earnála, rioscaí earnála atá ag teacht chun cinn, agus dúshláin inmharthanachta, lean an Banc Ceannais dá straitéis chigireachta agus mhaoirseachta a leasú agus a fhorbairt. Mar chuid dá rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, cuireadh an chéad sraith de cheardlanna na gcomhar creidmheasa ar fáil, a díríodh ar chomhaltaí boird. Is éard is aidhm leis na ceardlanna seo, a bhfuil ráiteas soiléir maidir le hionchais mhaoirseachta mar bhunús leo, tacaíocht a thabhairt do thuiscint níos fearr ó bhoird ar riosca agus, arna eascairt uaidh sin, príomhbhunúis agus caighdeáin chomhlíontachta a neartú ar fud na hearnála.

Is é fócas foriomlán an Bhainc Ceannais a áirithiú go bhfanann creat rialála na gcomhar creidmheasa a choimeád cuí, chun dáta agus go bhforbraítear an creat sin i gcás ina bhfuil bonn cirt maoirseachta leis. Ar áireamh san idirghníomhaíocht ilchaineálach leis an earnáil, bhí rannpháirtíocht maidir le creat rialála, atá saincheaptha agus comhréireach cheana féin, do na comhair chreidmheasa a fheabhsú, i gcás ina bhfuil bonn cirt maoirseachta leis, trí mheán freagairt rialála. Lean an Banc Ceannais de chreat rialála na gcomhar creidmheasa a fheabhsú, agus rioscaí agus cumas na gcomhar creidmheasa á gcur san áireamh – d'eisigh sé rialachán uasdátaithe (infheistíochtaí), treoir (soláthar) agus páipéar comhairliúcháin (creat iasachtaithe).

Le linn 2018, thug an Banc Ceannais fócas inbhraite ó na comhair chreidmheasa faoi deara chun comhchóras idirchomhair chreidmheasa a fhorbairt, lena n-áirítear múnlaí gnó do sheirbhísí roinnte i seilbh comhar creidmheasa. Meastar go bhfuil sé tábhachtach go bhforbraíonn na comhair chreidmheasa comh-bonneagar.

In 2018, chuir an Banc Ceannais tús le Fóram nua POF maidir le Forbairt Múnlaí Gnó, a dhéanann ionadaíocht ar na comhair chreidmheasa uile. Ceapadh Fóram Rialála na gComhar Creidmheasa, atá faoi stiúir ag príomhfheidhmeannaigh agus a bhfuil an tOllamh Donal McKillop ina chathaoirleach neamhspleách air, chun cuidiú le príomhfheidhmeannaigh dul i ngleic leis an ngá d'athrú ar an múnla gnó trí chomhar méadaithe a éascú ar thionscnaimh nua a thabharfaidh tacaíocht d'inmharthanacht na hearnála. Is tionscnamh tábhachtach é seo chun tacú le comhair chreidmheasa fad is atá siad ag díriú ar dhul i ngleic lena n-inmharthanacht.

**Bosca 8: Dul chun cinn a rinneadh i dáil le hEarnáil na gComhar Creidmheasa a Fheabhsú trí mheán Maoirseacht Chomhtháite**

In 2018, bhí roinnt forbairtí tábhachtacha ann d'earnáil na gcomhar creidmheasa a bhain le maoirseacht, forbairt an chreata rialála agus cumarsáid agus teagmháil.

Ba phríomhfhócas fós é de straitéis mhaoirseachta an Bhainc Ceannais bunúis na gcomhar creidmheasa a neartú thar rialachas agus thar cumais riosca agus oibríochtúla. Díríodh gníomhaíocht imscrúdaithe PRISM ar a áirithiú go mbaineann comhair chreidmheasa caighdeáin íosta amach. Agus an cur chuige á mheas trí mheán comhréireacht mhaoirseachta, tá ionchais níos mó ann do chomhair chreidmheasa a bhfuil múnlaí casta gnó acu. Cuirfear déine agus teagmháil níos mó i bhfeidhm maidir le comhair chreidmheasa mheánmhéide agus mhóra, a bhfuil próifíl ardaithe riosca acu.

I gcás ina n-aithnítear ábhar imní maidir le tiomantas an bhoird agus na bainistíochta caighdeáin íosta a bhaint amach, úsáideann an Banc Ceannais na cumhachtaí atá ar fáil dó (lena n-áirítear cumhachtaí treorach agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin) lena áirithiú go gcuirtear na hathruithe is gá chun feidhme. Is ann d'úsáid éifeachtach cumhachtaí forfheidhmiúcháin chun comhair chreidmheasa agus daoine aonair a choimeád i gcuntais do neamh-chomhlíontacht leis na ceanglais rialála agus leis na caighdeáin íosta. Chuir an Banc Ceannais dhá ghníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin i gcrích i gcoinne comhair chreidmheasa mhóra in 2018, arna n-eascairt as easnaimh rialála, as easnaimh riosca agus as sáruithe cheanglais O&I.

I gcomhthéacs freagrúlacht rialála a bhfuil bonn cirt maoirseachta léi, tháinig rialacháin lena leasaítear an Creat Infheistíochta agus córas O&I do chomhair chreidmheasa i bhfeidhm i Márta 2018 agus in Iúil 2018 faoi seach agus d'fhoilsigh an Banc Ceannais "Treoirlínte Soláthair do Chomhair Chreidmheasa" in Iúil 2018. Foilsíodh comhairliúchán poiblí "Athruithe féideartha ar an gCreat Iasachtaithe do Chomhair Chreidmheasa" (CP125) i mí Dheireadh Fómhair, inar leagadh amach tograí chun tacú le héagsúlú i bpunanna comhar creidmheasa. I ndiaidh aiseolas a mheas agus comhairliúchán straitéiseach a dhéanamh, foilseoidh an Banc Ceannais ráiteas eolais agus rialacháin leasaitheacha in 2019.

Tá an Banc Ceannais tiomanta do rannpháirtíocht fhiúntach agus thrédhearcach leis na comhair chreidmheasa agus le páirtithe leasmhara san earnáil. Le linn 2018, lean an Banc Ceannais dá rannpháirtíocht leis an earnáil a fhorbairt agus a fheabhsú. Is sampla de theagmháil agus d'uasdátuithe rialta í an réimse foilseacháin, lena n-áirítear foilsiú dhá eagrán de Dhálaí Airgeadais na gComhar Creidmheasa, Tráchtaireacht Mhaoirseachta PRISM na gComhar Creidmheasa, Torthaí an Athbhreithnithe Théamaigh ar Riosca TF, ar Iasachtaí Tí agus ar Tharraingtí Duaise, Seimineáir Faisnéise agus léirithe agus óráidí rialta ag imeachtaí earnála. Chuir an Banc Ceannais tús le roinnt tionscnamh nua

rannpháirtíochta le linn 2018, lena n-áirítear Ceardlanna Comhar Creidmheasa do Stiúrthóirí agus Fóram POF, chun cur le socruithe earnála atá ann cheana féin.

## Maoirseacht Árachais

Tháinig dúshláin nua do mhaoirseacht árachais le linn 2018 maidir le príomhghníomhaíochtaí maoirseachta a sholáthar i gcomhthéacs imeacht RA ó AE. Le tosaíocht na maoirseachta rioscabhunaithe, tarraingíodh aird ar phríomhrioscaí laistigh den mhargadh trasteorann agus ar phríomhrioscaí intíre.

Díríodh maoirseacht ionsáite ar ghnóthais ar leith amhail CBL Insurance Europe DAC (CBLIE) agus RSA Insurance Ireland DAC. D'fhonn cliseadh mí-ordúil a sheachaint, eisíodh treoir, a raibh éifeacht láithreach aici, do CBLIE inar ordaigh an Banc Ceannais dó stop de ghnó a scríobh agus rinneadh iarratais chun na hArd-Chúirte go gceapfaí riarthóir sealadach chuig CBLIE. Ghlac an Banc Ceannais an gníomh sin chun sealbhóirí polasaí CBLIE a chosaint. Ina theannta sin in 2018, cuireadh fíneáil €3.5m ar RSA Insurance Ireland DAC i ndáil le sáruithe tromchúiseacha a bhain le heasnaimh cúlchistí fónta leordhóthanacha, le heasnaimh rialuithe inmheánacha agus le heasnaimh socruithe rialachais.

D'fhreagair maoirseoirí go réamhghníomhach do mhéaduithe ar údaruithe agus ar athruithe do straitéis agus struchtúr gnólachtaí.

Chomh maith le príomhghníomhaíochtaí maoirseachta a bhaint amach, d'fhreagair maoirseoirí go réamhghníomhach do mhéadú ar údaruithe nua agus ar athruithe ar straitéis agus struchtúr gnólachtaí arna n-eascairt as freagairtí do dhúshlán imeachta RA ó AE.

Rinne an Banc Ceannais rannpháirtíocht i dtéamaí leathana idirnáisiúnta trí ÚEÁPC agus trí choláistí maoirseachta idirnáisiúnta agus thacaigh sé go láidir le comhar do fhreagairtí maoirseachta trasteorann do rioscaí ag teacht chun cinn. Bhí an Banc Ceannais i gceannas ar roinnt cruinnithe ardáin trasteorann idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus d'oibrigh sé i gcomhar le ÚEÁPC chun torthaí maoirseachta a fheabhsú. Bhí an Banc Ceannais i gceannas ar athbhreithniú amháin ar nósanna maoirseachta agus ghlac sé páirt i dtrí athbhreithniú eile, a raibh samhlacha inmheánacha, údaruithe, príomhshealbhóirí feidhmeanna agus cuibheas chomhaltaí AMSB[5] san áireamh iontu. I ngach athbhreithniú, sonraíodh cur chuige cuimsitheach ón mBanc Ceannais agus tarraingíodh aird ar dhea-chleachtas in Éirinn agus i roinnt údaráis mhaoirseachta náisiúnta eile.

[5] Is téarma é comhaltaí an Bhoird Riaracháin, Bainistíochta nó Maoirseachta (AMSB) a bhaineann le rialacháin Shócmhainneacht II. Is daoine iad atá i gceannas, go héifeachtach, ar an ngnóthas. De ghnáth, is é tuiscint an Bhainc Ceannais go mbaineann sé le Bord gnóthais.

Tá margadh árachais na hÉireann ar cheann de na margaí trasteorann is tábhachtaí in AE. In 2018, rinne an Banc Ceannais athbhreithniú ar a mhúnlaí rannpháirtíochta le gnólachtaí riosca meánach-íseal chun éifeachtúlacht na maoirseachta trasteorann a mhéadú.

Baineadh úsáid as cigireachtaí brainse ar an láthair chun neart chórais agus rialuithe an ghnólachta a mheas, agus aird ar leith ar rioscaí:

- Maidir le creataí bainistíochta riosca, ar príomhphileár é a cheanglaítear faoi Shócmhainneacht II, tharraing obair an Bhainc Ceannais aird ar easnaimh trí bliana tar éis chur chun feidhme Shócmhainneacht II. San áireamh leis sin, bhí cásanna ina raibh míréir idir líne tosaigh an ghnólachta agus an feidhmeannas riosca, chomh maith le nósanna neamhréireacha ar fud na n-aonad gnó.
- Maidir le tuairisciú rialála, tarraingíodh aird le cigireachtaí ar bhun-shaincheisteanna a bhain le ceanglais tuairiscithe rialála faoi Shócmhainneacht II, lena n-áirítear saincheisteanna amhail bunbheartas tuairiscithe gan a bheith i bhfeidhm agus easnaimh maidir le freagrachtaí an fheidhmeannais riosca agus an fheidhmeannais iniúchóireachta inmheánaí. Mar thoradh ar ábhar imní maidir leis an réimse seo, d'fhoilsigh an Banc Ceannais ráiteas ar a shuíomh gréasáin agus d'eisigh sé litir chuig tionscal.

Le ceanglais tuairiscithe Shócmhainneacht II, neartaíodh cumas maoirseoirí faireachán a dhéanamh ar athléimneacht airgeadais agus neart caipitil gnólachtaí. Foilsíodh sraith nua sonraí comhdhlúite bunaithe ar nochtaithe poiblí Shócmhainneacht II in 2018. Baineann an Banc Ceannais úsáid as na sonraí sin le cumais anailísíochta chun tacú le measúnú rioscaí níos éifeachtaí, chun tagarmharc a dhéanamh le piaraí intíre agus le piaraí idirnáisiúnta agus chun tacú le foilsiú léargais chomhiomlána ar fud an mhargaidh. Leis na sonraí sin, tugtar léargais nua ar rioscaí atá ag teacht isteach chuig margadh na hÉireann trí ghnólachtaí nua-údaraithe, arna n-eascairt as nádúr agus castacht na ngnólachtaí a bhfuil línte speisialaithe nua gnó acu, a mbíonn imeachtaí árachaithe, ard-déine, annamha mar thréithe acu.

## An Stiúrthóireacht um Bainistiú Sócmhainní agus um Baincéireacht Infheistíochta

Bhí forlámhas ag ullmhúchán d'imeacht RA ó AE ar an obair in 2018. Arna spreagadh ag an tionchar atá ag an líon ard eintiteas casta atá ag lorg údarúcháin lena mbunú in Éirinn, sa bhreis ar eintitis a bhí ann cheana a bhí ag iarraidh a ngníomhaíochta a leathnú go suntasach, rinneadh athstruchtúrú ar an Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Bhainistíocht

Sócmhainní agus leathnaíodh é chun an Stiúrthóireacht um Bainistíocht Sócmhainní agus um Baincéireacht Infheistíochta a dhéanamh de.

San athstruchtúrú, cruthaíodh rannán nua atá freagrach as maoirseacht ar bhainc infheistíochta mhóra chasta, a ndéantar cuid acu a chomhmhaoirsiú le SAM, agus as maoirseacht ar ghnólachtaí infheistíochta a dhéanann gníomhaíochtaí déileálaithe bróicéireachta.

De bharr imeacht RA ó AE, bhí líon ard iarratas ann, agus bhí athruithe de dhíth chuige sin, idir athruithe curtha i gcrích agus athruithe fós idir lámha, i roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- Feabhsúcháin ar phróisis iarratais agus údarúcháin
- Forbairt córais nua sócmhainní cliant do bhainc infheistíochta mhóra chasta
- Obair ar chreat nua údarúcháin agus maoirseachta do CSDanna.

**Bosca 9: Athruithe in Earnáil na Bainistíochta Sócmhainní**

**Údaruithe**
Sa bhreis ar ghnólachtaí mórdhíola ag teacht isteach go hÉirinn, bhí leibhéal gan fasach gníomhaíochta údarúcháin ann in 2018 san earnáil bainistíochta sócmhainní níos leithne, i dtaca le líon na n-iarratas agus le raon na ngnólachtaí ag lorg údarúcháin. Príomhghné den obair údarúcháin is ea próisis láidre údarúcháin a leanúint, trí úsáid a bhaint as foireann maoirseachta oilte agus as tarraingt ar scileanna speisialaithe ar fud an Bhainc Ceannais. Fad is a rachaidh na gnólachtaí seo tríd an bpróiseas ó údarú go maoirseacht, aistreoidh comhaltaí foirne ó róil údarúcháin go róil mhaoirseachta chun leanúnachas a chinntiú.

**Sócmhainní Cliant**
Leis na gnólachtaí nua-údaraithe nó nua-leathnaithe infheistíochta mórdhíola, tagann táirgí agus seirbhísí nua casta, amhail bróicéireacht phríomha, a bhfuil impleachtaí acu do chosaint sócmhainní cliant. Leanann an Fhoireann Speisialaithe Sócmhainní Creidmheasa d'obair i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Bhainc Ceannais chun ceanglais sócmhainní cliant an Bhainc Ceannais, atá ann faoi láthair, a fheabhsú agus chun cur chuige maoirseachta a fhorbairt do shócmhainní cliant mórdhíola agus institiúidí creidmheasa. Beidh san áireamh sa chreat maoirseachta, cigireachtaí ar an láthair agus ceanglais tuairiscithe leantacha.

**Bonneagar Margaidh**
Déanann réimse an Bhonneagair Mhargaidh, lena n-áirítear trádálaithe dílseánacha leictreonacha, maoirseacht ar mhargaí. Rachaidh an tOibritheoir Margaí i méid fad is a thiocfaidh méadú ar líon na Saoráidí Trádála Iltaobhacha (MTFanna), ar líon na Saoráidí Trádála Eagraithe (OTFanna) agus ar líon na ngnólachtaí trádála dílseánaí.

**Anailísíocht Fheabhsaithe**
De bharr méadú suntasach ar líon na ngnólachtaí a ndéantar maoirseacht orthu agus méadú ar chastacht na múnlaí gnó, beidh méadú suntasach ar fhaisnéis a thuairiscítear chuig an mBanc Ceannais. Tá deis ann dá bharr obair leis an Stiúrthóireacht trasphiléir um Anailís Stuamachta agus um Chigearachtaí nua-bhunaithe chun úsáid a bhaint as sonraí atá ar fáil chun uirlisí anailíseacha agus ionchur riosca speisialaithe (lena n-áirítear athbhreithnithe agus cigireachtaí doimhne ar an láthair) chun cur le gníomhaíocht mhaoirseachta agus chun bonn faisnéise a chur fúithi.

Leanadh le fócas maoirseachta ar chur chun feidhme MiFID II le linn 2018. Bhí rannpháirtíocht réamhghníomhach le gnólachtaí rialáilte, agus le páirtithe leasmhara, maidir le staid chur chun feidhme na gceanglas nua. Na príomhghnéithe in MiFID, go háirithe torthaí feabhsaithe do thomhaltóirí agus trédhearcacht fheabhsaithe i dtrádáil margaidh, ba réimsí fócais iad na gnéithe sin le linn teagmhála dírithe le gnólachtaí agus cuireadh tús le dhá imscrúdú théamacha sa réimse sin.

San áireamh i gclár oibre maoirseachta 2018, bhí roinnt measúnuithe iomlána riosca, cigireachtaí ar an láthair agus cigireachtaí téamacha. Díríodh sa chlár oibre go sonrach ar chomhlíontacht le Rialacháin Airgid Infheisteoirí agus cibear-riosca, sa bhreis ar rialachas agus rialuithe inmheánacha a threisiú laistigh d’eintitis mhaoirsithe. Bhí leibhéal ardaithe comhlíontachta ann in earnáil na ngnólachtaí infheistíochta. Tharla sé sin, i bpáirt, de bharr fócas méadaithe ó mhaoirseoirí ar éifeachtúlacht múnlaí gnó gnólachtaí. Mar chuid de na measúnuithe sin, rinneadh breis anailíse ar phleananna téarnaimh agus ar phleananna réitigh do ghnólachtaí a bhfuil tionchar meánach-ard acu.

Arna eascairt as leathnú na hearnála bainistíochta sócmhainní, bunaíodh aonad nua um imscrúduithe ar Riosca Oibríochtúil/Téamacha in 2018 agus forbraíodh creat imscrúdaithe agus modheolaíocht. Bhí an fhoireann seo mar chuid d’aonad lárnaithe cigireachtaí faoi raon feidhme na Stiúrthóireachta um Anailís Stuamachta agus um Chigearachtaí in R1 2019.

Maidir le cuspóir an Bhainc Ceannais éifeachtúlacht cuideachtaí bainistíochta cistí a fheabhsú, thóg an Banc Ceannais rialacha agus treoir

nua (féach CP86) isteach maidir lena ionchas do Stiúrthóirí Cuideachtaí Bainistíochta Cistí.

**Bosca 10: Treoir do Chuideachtaí Bainistíochta Cistí**

In CP86, leagtar amach ceanglais agus treoir an Bhainc Ceannais maidir le cuideachtaí bainistíochta ciste a eagrú. Tháining CP86 i bhfeidhm an 1 Iúil 2018 mar Threoir um Chuideachtaí Bainistíochta Infheistíochta, chun críche éifeachtúlacht cuideachtaí bainistíochta cistí a fheabhsú. Leis an treoir sin, tógadh athruithe tábhachtach isteach maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí bainistíochta cistí iad féin a struchtúrú, agus béim láidir ann ar róil chriticiúla bhainistíochta (daoine ainmnithe).

In L1 2018, bunaíodh grúpa tionscadail laistigh den Bhanc Ceannais chun cur chun feidhme na treorach sin a bhainistiú. San áireamh leis sin, forbraíodh lámhleabhar cuimsitheach maoirseachta chun tacaíocht a thabhairt do mhaoirseoirí agus chun cur chuige comhsheasmhach a éascú chun comhlíontacht a mheas. Tháining seoladh an treoirleabhair seo le leathadh amach clár oiliúna d'fhoireann maoirseachta an Bhainc Ceannais agus do pháirtithe leasmhara eile maidir leis an treoir. Bhí teagmháil leathnaithe ag maoirseoirí le tionscal roimh an cur chun feidhme ar an 1 Iúil. Tosaíodh an teagmháil sin le ceistneoir faoi ullmhacht an tionscail, a eisíodh chuig na cuideachtaí bainistíochta ciste uile. Le torthaí an cheistneora sin, bhí maoirseoirí in ann an leibhéal rannpháirtíochta ar leibhéal an tionscail a mheas, fad is a aithnítear na réimsí is mó amhrais agus fad is a thugtar aghaidh orthu trí mheán rannpháirtíocht shonrach.

De bharr líon méadaithe iarratas údarúcháin mar thoradh ar imeacht RA ó AE, tá tuiscint níos doimhne faighte ag an mBanc Ceannais ar an gcaoi a bhfuil gnólachtaí ag cur na treorach chun feidhme agus tá tuilleadh airde anois ar an méid ama a bhíonn de dhíth chun ról an duine ainmnithe a dhéanamh go héifeachtach

Ag féachaint i dtreo 2019, tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais an treoir a chur san áireamh ina chlár athbhreithnithe téamacha d'fhonn caighdeáin chomhlíontachta tionscail arna dtabhairt faoi deara a aithint agus a phoibliú. Maidir le teagmháil mhaoirseachta i dtaca leis an treoir sna 12 mhí atá romhainn, díreofar an teagmháil sin ar na caighdeáin is airde is féidir a chur chun cinn agus ar an gcaoi a n-oibríonn cuideachtaí bainistíochta ciste in Éirinn.

## Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí

I gcomhthéacs an chuspóra go mbeadh margadh urrús ann ar a ndéantar maoirseacht éifeachtúil agus go mbeadh córas airgeadais iontaofa ann a thacaíonn leis an ngeilleagar níos leithne, bhí an méid seo a leanas san áireamh i bpríomhghníomhaíochtaí in 2018:

### Údarú Cistí agus Faomhadh Punann

Is cosaint thábhachtach é an Banc Ceannais a bheith ina gheatóir éifeachtach lena áirithiú go n-oibríonn na margaí urrús agus rannpháirtithe margaidh ar bhealach trédhearcach agus cuntasach. Maidir leis na próisis chun iarratais a mheas d'údarú cistí infheistíochta, chun Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní a chlárú agus chun punanna a fhaomhadh don ofráil phoiblí, lean an Banc Ceannas in 2018 de dhíriú ar a áirithiú go gcomhlíonann na próisis sin na caighdeáin is airde atá ann. San áireamh leis sin bhú údarú 1,117 gciste infheistíochta, sa bhreis ar 2,650 measúnú gaolmhara ar O&I daoine aonair i gceannas ar na cistí sin agus 1,052 fhaomhadh doiciméad punainne gnáthscaire agus banna.

### Faireachán ar Mhargaí Urrús.

I réimse an fhaireacháin ar mhargaí agus sláine margaí, dhírigh an Banc Ceannais in 2018 ar chur chuige a fhorbairt chun faireachán ar ghníomhaíocht mhargaí a mhéadú i gcomhréir lena oibleagáidí faoi MiFID II[6], i measc ngníomhaíochtaí eile. Bhí an Banc Ceannais ag iarraidh freisin an úsáid ab fhearr a bhaint as an tacar sonraí arna chur ar fáil faoi MiFIR[7], EMIR[8] agus AIFMD[9] chun cuidiú leis na dúshláin a shárú a bhaineann le údarú, maoirseacht agus cigireachtaí a dhéanamh ar phunann de mhúnlaí éagsúla gnó agus d'earnálacha éagsúla. San áireamh i dtorthaí maoirseachta 2018 , cuireadh toirmeasc ar ionaid trádála ábhartha tarscaoileadh trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála a úsáid i gcás inar aithníodh sáruithe ar chaidhpeáil méide dúbailte a tháinig isteach le MiFIR, anailís ar fhairsinge trádála algartamaí a dhéantar in ionaid Éireannacha agus teacht isteach córas fógartha d'inmheánaitheoirí córasacha[10]. Tugadh isteach

---

[6] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE

[7] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cistí margaidh airgid agus lena leasaítear

[8] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

[9] Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

[10] Ciallaíonn 'inmheánaitheoirí córasacha' faoi mar a shainmhínítear in MiFID, gnólacht infheistíochta a dhéilealann ar a chuntas fein, ar bhonn eagraithe, córasach, minic, agus substaintiúil, nuair a fhorghníomhaíonn sé orduithe cliant taobh amuigh de mhargadh rialailte, de shaoráid trádála iltaobhach ('MTF') nó de shaoráid trádála eagraithe ('OTF') gan córas iltaobhach a oibriú.

córas nua tuairiscithe idirbheart faoi MiFIR an 3 Eanáir 2018, chomh maith le seoladh áis nua tuairiscithe meaisín-go-meaisín do thuairisciú idirbheart an 10 Nollaig 2018.

### Maoirseacht ar an Earnáil Cistí

Sa bhreis ar mhaoirseacht lá go lá ar an earnáil, ina ndearnadh scagadh ar thart ar 600 saincheist mhaoirseachta ar leith agus inar leanadh leis na saincheisteanna sin de réir mar ba chuí, rinne an Banc Ceannais athbhreithniú téamach ar tháillí feidhmíochta UCITS agus chuir sé tús le rannpháirtíocht leis na Cuideachtaí Bainistíochta Cistí UCITS uile inar aithníodh ábhar imní maoirseachta mar thoradh ar an athbhreithniú téamach. In R4 2018, chuir an Banc Ceannais tús le hathbhreithniú ar na cistí UCITS uile lonnaithe in Éirinn a chuireann in iúl go ndéantar bainistíocht ghníomhach orthu, le feiceáil an bhféadfadh rianúchán innéacs a bheith á dhéanamh acu. Tá an anailís á déanamh ar bhreis is 2,000 ciste UCITS lonnaithe in Éirinn, agus beidh san áireamh san athbhreithniú, seiceáil ina dhiaidh sin ar chistí arna n-aithint mar “chistí rianúcháin faoi choim” lena n-áirítear úsáid shraith iomlán cumhachtaí maoirseachta an Bhainc Ceannais, ag brath ar chineál na dtorthaí.

### Múnla Maoirseachta Iompair ar Mhargaí Mórdhíola a Fhorbairt

Fad a leanann nádúr, scála agus castachta na margaí urrús ag fás, tá sé ríthábhachtach go gcuireann an Banc Ceannais a chur chuige maoirseachta agus a chumas maoirseachta chun cinn chun na rioscaí agus na dúshláin a shárú a thagann chun cinn de bharr gníomhaíocht athraitheach na margaí urrús a dhéantar in Éirinn agus a dhéantar ó Éirinn, go háirithe i gcomhthéacs iarBrexit. In 2018, chuir an Banc Ceannais tús le creat maoirseachta comhréireach rioscabhunaithe, a thagann le PRISM agus a dhírítear ar riosca iompair a mhaoirsiú i ngnólachtaí margaidh mórdhíola. Dírítear an múnla maoirseachta ar mheasúnú struchtúrtha ar an gcreat bainistíochta riosca iompair i ngnólachtaí a bhfuil réimse leathan ghníomhaíochtaí MiFID á nglacadh acu, agus tá measúnú cuimsitheach ar rialuithe príomha mar thacú leis sin. In 2018, úsáideadh an múnla sin go príomha chun iarratais údarúcháin a mheas ó roinnt cuideachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa móra casta, agus dá bharr sin aithníodh rioscaí iompair margaidh féideartha go luath agus maolaíodh na rioscaí sin.

### Úsáid Anailísíochta Sonraí

Lean an Banc Ceannais lena chuid oibre in 2018 an cumas teicniúil a thógáil chun leas a bhaint as méid mhór sonraí, atá ag dul i méid i gcónaí, chun torthaí maoirseachta a fheabhsú trí anailís sonraí a úsáid chun an fhaisnéis a fhaightear a cheistiú agus chun tacú le teagmháil mhaoirseachta. Mar shampla, le feiceálacht níos mó ann de bharr anailís ar ríomhaire ar na

milliúin tuairisceán idirbheart laethúil a gcuirtear isteach, tá an Banc Ceannais in ann díriú níos mine ar úsáid múnlaí trádála algartamaí i margadh na hÉireann. Baineadh úsáid aisti freisin chun sprioc-chistí a aithint san athbhreithniú ar "rianúchán faoi choim" atá ar siúl faoi láthair agus leanann an Banc Ceannais d'úsáid chórasach anailísíochta sonraí mar uirlis mhaoirseachta san obair laethúil.

## Reachtaíocht Nua

Oibríonn an Banc Ceannais laistigh de bhailiúchán mór casta reachtaíochta lena rialaítear rialáil iompair agus cosaint infheisteoirí i réimse na n-urrús agus i réimse na maoirseachta ar mhargaí. In 2018, lean an Banc Ceannais lena chuid oibre chun na ceanglais mhionsonraithe ó shraith beart dlíthiúil agus na ceanglais theicniúla lena mbaineann, lena n-áirítear MiFID II agus an Rialachán maidir le Cistí Margaidh Airgeadais[11] a leabú agus chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Réamheolaire[12]. Sa bhreis ar ionchur a dhéanamh d'fhorbairt leanúnach ar cheanglais agus ar chaighdeáin AE sna réimsí sin agus tionchar a imirt uirthi, trí mheán obair in ESMA, chuir an Banc Ceannais le forbairt beartas, nósanna agus tuairiscithe nua maoirseachta, rinne sé teagmháil le tionscal agus d'fhorbair sé eolas agus scileanna laistigh dá fhoirne.

### Bosca 11: Athbhreithniú Téamach ar Tháillí Feidhmíochta UCITS

Tá comhlachtaí Eorpacha agus rialaitheoirí domhanda ag tabhairt tuilleadh airde ar réimse na dtáillí gaolta le feidhmíocht. Is íocaíocht í táille feidhmíochta a íoctar, le bainisteoir infheistíochta de ghnáth, as torthaí dearfacha a ghiniúint do chistí agus dá n-infheisteoirí.

Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú téamach ar tháillí feidhmíochta UCITS le feiceáil an gcosnaítear leas infheisteoirí an t-am ar fad leis na nósanna a úsáidtear chun táillí feidhmíochta in UCITS a ríomh agus a íoc. Scrúdaíodh san athbhreithniú na modheolaíochtaí a úsáidtear chun táillí feidhmíochta a ríomh le feiceáil an bhfuil siad i gcomhréir le Treoir an Bhainc Ceannais maidir le Táillí Feidhmíochta UCITS. As 3,420 fochiste UCITS a thuairiscíonn don Bhanc Ceannais, léirigh 350 go raibh táille feidhmíochta cruinnithe acu le linn 2017. As an líon sin, roghnaíodh 100 fochiste go randamach (thart ar 30%) mar shampla don athbhreithniú téamach.

---

[11] Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid

[12] Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte

Rinneadh an t-athbhreithniú ag an am céanna le Páipéar Comhairliúcháin CP119 an Bhainc Ceannais, inar moladh treoir a bhí ann cheana a thabhairt isteach i Rialacháin an Bhainc Ceannais maidir le UCITS.

**Torthaí an Athbhreithnithe**

Cé gur aithníodh roinnt dea-chleachtas i bhformhór na UCITS a ndearnadh athbhreithniú orthu, aithníodh cásanna neamh-chomhlíontachta leis an treoir freisin, lena n-áirítear:

- Cásanna ina ríomhadh táillí feidhmíochta ar Oll-luach Sócmhainní, rud atá in aghaidh na treorach táillí UCITS a íoc bunaithe ar Ghlanluach Sócmhainní.
- Cásanna inar ríomh UCITS táillí feidhmíochta bunaithe ar shárú tagarmharc nó innéacs, rud nár bhain le hábhar, is cosúil, i gcomhthéacs bheartas UCITS, mar a leagtar amach sa treoir.
- Cásanna inar ríomh UCITS táillí feidhmíochta ar bhonn chur chuige na líne bharr láin, agus nár úsáid siad an praghas tairisceana tosaigh mar phraghas tosaigh don ríomh, mar a leagtar amach sa treoir.
- Táillí feidhmíochta nár gearradh siar tearcfheidhmíocht innéacs ach do thréimhse theoranta i.e. I gcás ina raibh tearcfheidhmíocht ag UCITS maidir leis an innéacs, shocraigh sé tréimhse theoranta inar ghá dó an tearcfheidhmíocht a fhorchúiteamh seachas é a chur i bhfeidhm do shaolré an UCITS.

I ndáil le droch-chleachtas i soláthraithe seirbhíse ciste, aithníodh an méid seo a leanas san athbhreithniú:

- Taisclanna a rinne táillí feidhmíochta UCITS a fhíorú tar éis íocaíochta.
- Taisclanna a rinne sampla de tháillí feidhmíochta UCITS a fhíorú, seachas na híocaíochtaí uile.

**Litir do Thionscal**

D'fhoilsigh an Banc Ceannais litir do thionscal inar tarraingíodh aird ar na príomh-shaincheisteanna maoirseachta a aithníodh. Bhí ar chuideachtaí bainistithe cistí UCITS athbhreithniú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí táillí feidhmíochta lena áirithiú gur chomhlíon na táillí feidhmíochta a gearradh an treoir, agus a dtorthaí a thuairiscí don Bhanc Ceannais. Bhí ceangal ar chuideachtaí bainistithe cistí UCITS tuairisciú a dhéanamh maidir le haon athrú a aithníodh ar na modheolaíochtaí táillí feidhmíochta a bhí ann, aon athrú ar nochtú punainne a aithníodh agus na gníomhaíochtaí a bhí á nglacadh chun an méid sin a leigheas. Fuarthas breis is 200 freagra ó chuideachtaí bainistithe cistí UCITS. Tá tús curtha

ag an mBanc Ceannais le teagmháil mhaoirseachta leis na cuideachtaí bainistithe cistí UCITS i gcás inar aithníodh ábhar imní maoirseachta. Tráth a scríobhtar an méid seo, tá 11 chlár riosca eisithe ar fud UCITS, cuideachtaí bainistithe cistí UCITS agus soláthraithe seirbhíse ciste agus táthar i mbun níos mó ná €1.245m a aisíoc le hinfheisteoirí ar imríodh tionchar orthu.

## Maoirseacht rioscabhunaithe ar Fhrithsciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac

D'fhonn an príomhchuspóir a bhaint amach chun sláine an chórais airgeadais agus úsáid aindleathach ag coirpigh agus ag eagraíochta sceimhlitheoireachta, tá an Stiúrthóireacht Frithsciúrtha Airgid freagrach as maoirseacht éifeachtach rioscabhunaithe AML/CFT agus as comhlíontacht smachtbhannaí airgeadais (FS) agus rannpháirtiú le FS, agus as ionchur d'fhorbairt beartais intíre agus idirnáisiúnta AML/CFT.

### Athruithe Reachtúla

I Samhain 2018, rinne an tOireachtas an ceathrú Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Frithsciúradh Airgid (4AMLD) a thrasuí i ndlí Éireannach agus, leis sin, neartaíodh creat dlíthiúil AML/CFT na hÉireann. I Nollaig 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais dréacht-Threoirlínte do thionscal, ar léiriú iad ar na ceanglais nua-shonraithe agus chuir sé tús le próiseas comhairliúcháin chun tuairimí tionscail a fháil maidir le hábhar na dtreoirlínte. Is é is aidhm leis na treoirlínte cuidiú le gnólachtaí a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh d'fhonn coirpigh agus sceimhlitheoirí a chosc ón gcóras airgeadais a úsáid chun críocha aindleathacha. Tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin in Aibreán 2019, agus meastar go bhfoilseofar na treoirlínte críochnaithe sa dara leath de 2019.

### Cur Chuige Rioscabhunaithe maidir le Maoirseacht

Lean an Banc Ceannais de chur chuige maoirseachta céimnitheach rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le AML/CFT le linn 2018. Maidir le gnólachtaí a bhfuil riosca níos airde acu i dtaca le nochtadh do ghníomhaíocht frithsciúrtha airgid nó do ghníomhaíocht maoinithe sceimhlitheoireachta, áirithítear leis an gcur chuige rioscabhunaithe seo go bhfuil na gnólachtaí sin faoi réir maoirseacht níos minice agus níos cuimsithí, fad is a fhoráiltear do chigireachtaí frithghníomhacha bunaithe ar fhaisnéis ar leith. In 2018, rinne an Banc Ceannais 72 chigireacht ar an láthair, bhí 59 gcruinniú athbhreithnithe aige agus d'eisigh sé 259 gCeistneoir Measúnaithe Riosca do ghnólachtaí lena gcomhlánú. Úsáidtear modúl saincheaptha measúnaithe riosca in PRISM, agus is coda éagsúla, ar leith iad teagmháil mhaoirseachta agus rátáil riosca AML/CFT ar PRISM ó

theagmháil mhaoirseachta agus ó rátálacha riosca a bhaineann le stuamacht agus le tomhaltóirí.

### For-rochtain do Thionscal

Príomhghné de straitéis AML/CFT an Bhainc Ceannais atá sa chumarsáid agus san fhor-rochtain le tionscal. Le linn 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais faisnéisí inar díríodh aird ar rioscaí AML/CFT d'earnálacha ar leith agus ghlac sé páirt in 16 ghealltanas cainte in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ag na gealltanais chainte sin, tharraing an Banc Ceannais aird ar na hoibleagáidí atá ar thionscal na seirbhísí airgeadais ar fud na n-earnálacha uile a bpáirt a ghlacadh chun frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

### Forbairtí Beartais AML/CFT

Le linn 2018, rinne an Banc Ceannais ionchur suntasach d'fhorbairt beartais AML/CFT ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ghlac sé páirt i gcoistí náisiúnta AML/CFT agus chur sé cuidiú teicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais agus do ranna rialtais.

### Bosca 12: Maoirseacht AML/CFT – Aird ar Theicneolaíocht Faisnéise

Tá ceangal ar ghnólachtaí faoi rialacha AML/CFT aithne a bheith acu ar a gcustaiméirí agus a bheith in ann monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht custaiméirí d'fhonn aon ghníomhaíocht amhrasach a bhrath a bhféadfadh baint a bheith aici le frithsciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta. Is iondúil go mbíonn ról an-tábhachtach ag córais TF maidir le cumas gnólachtaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhrath.

I gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Bhainc Ceannais i dtaca le AML/CFT, rinneadh roinnt cigireachtaí TF ar ghnólachtaí ardriosca le linn 2018. Díríodh na cigireachtaí sin ar mhonatóireacht idirbheart agus ar chórais TF do dhícheall cuí tomhaltóirí, i bhfianaise an róil chriticiúil atá ag na córais sin chun tacú le creataí rialuithe AML/CFT gnólachtaí. Mar thoradh ar na cigireachtaí sin, cuireadh ceangal ar ghnólachtaí roinnt feabhsúchán a dhéanamh d'fhonn an creat rialachais agus rialuithe a feabhsú d'fhaireachán idirbheart agus do chórais TF do dhícheall cuí tomhaltóirí.

Tá an Banc Ceannais ag súil go mbeadh breithniú déanta ag na gnólachtaí uile ar a n-oibleagáidí faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2010 (arna leasú) agus go bhfuil córais TF cuí acu chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. I bhfianaise ról criticiúil na gcóras TF chun tacú le creat rialaithe AML/CFT gnólachtaí, tá ionchas ag an mBanc Ceannais go ndéanfar athbhreithniú agus cóireáil rialta ar na córais TF sin agus go mbeidh siad oiriúnach don

fheidhm. Le roinnt blianta anuas, leagadh amach na hionchais sin i dtuairiscí earnála nó i bhfaisnéisí earnála agus cuirtear iad in iúl do thionscal thrí mheán imeachtaí agus léirithe.

## Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin chun Torthaí Láidre agus Díspreagadh Inchreidte a Bhaint Amach

### Úsáid Éifeachtach Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin chun Díspreagadh Inchreidte a Bhaint Amach agus chun Comhlíontacht a Chur Chun Cinn

Bhain an Banc Ceannais úsáid as a shraith uirlisí forfheidhmiúcháin chun gnólachtaí agus daoine aonair a choinneáil i gcuntas, chun na caighdeáin is airde comhlíontachta rialála a bhaint amach, chun an t-iompar a mbíonn an Banc Ceannais ag súil leis ó ghnólachtaí agus ó dhaoine aonair a chur chun cinn agus chun an cultúr i ngnólachtaí a athrú ón mbarr anuas. I ndiaidh imscrúduithe ionsáite, bhain an Banc Ceannais roinnt torthaí sonracha forfheidhmiúcháin amach in 2018: cheadaigh sé agus chríochnaigh sé deich ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcoinne eintitis agus daoine aonair rialáilte agus d'fhorchuir sé fíneálacha arb ionann iad agus €7.441m. Faoin Chóras O&I, chuir an Banc Ceannais cosc ar bheirt aon ról a ghlacadh i gcóras na seirbhísí airgeadais, gan teorainn ama. Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais údarú gnólachta amháin a chúlghairm, ar gnólacht é nár chomhlíon a cheanglais údarúcháin, i ndálaí ina raibh an gnólacht i gcoinne na cúlghairme.

I measc na dtorthaí sonracha forfheidhmiúcháin, tá: fíneáil €3.5m a forchuireadh ar RSA Insurance Ireland i diaidh imscrúdú inar aimsíodh easnaimh i socruithe rialachais an ghnólachta, ina nósanna imeachta cuntasaíochta agus ina meicníochtaí rialuithe inmheánacha, agus fíneáil €443,000 a forchuireadh ar Appian Asset Management de bharr easnaimh thromchúiseacha ina bhainistíocht riosca, ina fhormhaoirseacht comhlíontachta agus ina chórais rialuithe inmheánacha, nithe a d'fhág go raibh an gnólacht leochaileach do chibearchalaois.

Eisíonn an Banc Ceannais ráitis phoiblí ar chríochnú gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear ráitis ar na cinn thuasluaite. Is cuid lárnach den mhisean forfheidhmiúcháin iad na ráitis sin agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le comhlíontacht a chur chun cinn agus chun muinín an phobail sa chóras rialála a mhéadú.

In 2018, bhí teagmháil ag an mBanc Ceannais le comhpháirtithe intíre agus idirnáisiúnta d'fhonn an creat forfheidhmiúcháin a neartú. Go háirithe, mhol an Banc Ceannais Creat Cuntasaíochta Aonair, ina leagfar amach cibé na

caighdeáin réasúnta a mbeifí ag súil leis ó dhaoine aonair a oibríonn i seirbhísí airgeadais agus ina gcuirfear oibleagáid ar ghnólachtaí na freagrachtaí sin a léiriú. Má chuirtear é sin chun feidhme, cuirfidh na tograí sin le cumas an Bhainc Ceannais cuntas a iarraidh ar dhaoine aonair agus mí-iompar a dhíspreagadh.

## Nochtadh Cosanta Faisnéise

Is uirlis thábhachtach mhaoirseachta é nochtadh cosanta faisnéise a fháil. Cuidíonn na tuairiscí sin leis an mBanc Ceannais a shainordú maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chur i gcrích, agus tá ról tábhachtach ag an gcóras nochtuithe cosanta faisnéise go háirithe chun ardchaighdeáin a chur chun cinn laistigh d’eintitis rialála trí réim mhaoirseachta an Bhainc Ceannais a leathnú agus trí thionchar dearfach a imirt ar iompar. Fuair an Banc Ceannais 128 nochtadh cosanta faisnéise in 2018 i gcomparáid le 93 nochtadh sa bhliain roimhe sin.

Déantar gach nochtadh cosanta faisnéise a fhaigheann an Banc Ceannais a mheas go mion. Glacadh roinnt gníomhaíochtaí tar éis na tuairiscí nochtaithe cosanta faisnéise a fháil le linn 2018 lena n-áirítear cabhrú le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, cigireachtaí ar an láthair agus cláir mhaolaithe riosca.

## Cásanna á bhFiosrú

In 2018, leanadh leis na héisteachtaí ó bhéal sa chéad cheithre mhí den Fhiosrúchán faoi INBS agus faoi chúigear a raibh baint fhoirmiúil acu lena bhainistiú. In Eanáir 2018 agus i Nollaig 2018, chuir an Banc Ceannais gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcrích i gcoinne beirt den chúigear sin, Dr Michael P. Walsh agus an tUasal Tom McMenamin. Tar éis admhálacha in Eanáir 2018, rinne an Banc Ceannais Dr Walsh, arbh iar-Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar INBS é, a dhícháiliú de bhaint a bheith aige le bainistíocht soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ar feadh 3 bliana é a iomardú agus ghearr sé fíneáil €20,000. I Nollaig 2018, tar éis admhálacha ón Uasal McMenamin, rinne an Banc Ceannais é a dhícháiliú ar feadh 18 mbliana, é a iomardú agus ghearr sé fíneáil €23,000 air. B’fhiú pionós airgeadais €250,000 iad na sáruithe a d’admhaigh an tUasal McMenamin. Laghdaíodh an pionós airgeadais do €23,000 bunaithe ar mheasúnú ar chúinsí airgeadais an Uasail McMenamin de bhun alt 33AS(2) den Acht, nach gceadaíonn don Bhanc Ceannais pionós airgeadais a ghearradh ar dhuine ar pionós é ar dócha go mbreithneofaí an duine sin ina fhéimheach nó ina féimheach dá bharr. Tá Fiosrúchán an Bhainc Ceannais faoi thriúr eile a raibh baint fhoirmiúil acu le bainistiú INBS (an tUasal Michael Fingleton, an tUasal Stan Purcell, and an tUasal Gary McCollum) fós ar siúl.

Leanadh leis an bhFiosrúchán ar sháruithe rialála líomhnaithe de chuid Quinn Insurance Limited agus beirt eile a raibh baint acu lena bhainistíocht

le linn 2018, agus tionóladh dhá chruinniú bainistíochta fiosrúcháin go príobháideach le linn 2018.

### Bosca 13: Nochtadh Cosanta Faisnéise

I gcás amháin, rinne duine sinsearach a bhí ag obair i ngnólacht rialáilte teagmháil leis an mBanc Ceannais agus bhí ábhair imní ag an duine sin maidir le hoibriú bhord an ghnólachta. Mar chuid dá measúnú ar na hábhair imní sin, bhuail maoirseoirí leis an duine sinsearach agus rinne sé cigireacht dhírithe ar an eintiteas. Rinneadh an Banc Ceannais athbhreithniú ar iliomad doiciméad agus chuir sé agallamh ar roinnt fostaithe. Tar éis a measúnaithe, d'eisigh maoirseoirí clár maolaithe riosca, a chuir an gnólacht chun feidhme ina iomláine.

### Bosca 14: Torthaí Phróiseas na Geatóireachta agus an Chórais Oiriúnachta agus Ionracais

Is é príomhchuspóir chóras trasearnála O&I an Bhainc Ceannais a áirithiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte agus daoine aonair a oibríonn sa gnólachtaí sin tiomanta d'ardchaighdeáin chumais, sláine agus ionraice, agus go dtugtar iad chun cuntais i gcás nach sásaíonn siad na caighdeáin sin. Is cuidiú é sin chun iontaofacht agus muinín a chothú san earnáil. Mar chuid d'fheidhm gheatóireachta an Bhainc Ceannais, déanann sé measúnú ar O&I daoine aonair atá ag iarraidh obair i róil shinsearacha i ngnólachtaí. Sa bhreis air sin, tá freagracht ag Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais comhsheasmhacht i measúnuithe O&I ar bhainistíocht shinsearach a áirithiú laistigh d'institiúidí creidmheasa údaraithe Éireannacha faoi SAM. Ghlac an Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin páirt in 74 mheasúnú O&I, agus bhí 71 agallamh le hiarratasóirí i gceist leis sin. In 18 gcás, tharraing iarratasóirí a n-iarratas siar le linn an phróisis, de ghnáth, roimh agallamh, lena linn, nó ina dhiaidh.

# Forbairt Beartais Rialála

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat rialála éifeachtach, ardcháilíochta i ngnólachtaí airgeadais lena áirithiú go ngníomhaíonn na gnólachtaí sin de réir ardchaighdeán. Le creat den sórt sin, leagtar síos an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmíonn go héifeachtach.

FORBAIRT BEARTAIS RIALÁLA

**Toradh Inmhianaithe:**
go mbeidh na creataí rialála iomchuí agus éifeachtach.

## Cur le Forbairt Dlíthe, Rialacháin agus Caighdeáin Theicniúla Ábhartha ar bhonn gníomhach san Eoraip.

### Bosca 15: Tionchar a imirt ar an Leibhéal Eorpach

Is cuid de CEMA í Éire. San áireamh leis sin, tá BCE, SAM, ESRB, na ÚMEnna, lena n-áirítear ÚBE, ÚEÁPC agus ÚINanna, lena n-áirítear an Banc Ceannais. Tá ról suntasach ag an gcreat Eorpach níos leithne, ról a bhíonn ag dul i méid ar bhonn leanúnach, agus tá sé tábhachtach go mbeidh tionchar éifeachtach á imirt ag an mBanc Ceannais ar an gclár chun tacú le comhlíonadh a shainordaithe.

Chun na críche sin, glacann an Banc Ceannais páirt ghníomhach sa phróiseas beartais rialála Eorpach, cuireann sé le forbairt creataí rialála agus tacaíonn sé leis an obair chun na dlíthe sin a thrasuí i ndlí na hÉireann. Tá ról gníomhach ag comhaltaí foirne an Bhainc Ceannais i líonraí agus i meithleacha chun eolas agus taithí a roinnt d'fhonn rialáil ardchaighdeáin a sholáthar ó thaobh stuamachta agus tomhaltóirí de.

Go háirithe in 2018, toghadh an tArd-Stiúrthóir ar Iompar Airgeadais chun Bhord Bainistíochta ESMA agus toghadh an Stiúrthóir ar Bheartas agus ar Riosca ina Chomhchathaoirleach ar Bhuanchoiste ÚBE um Rialáil agus um Beartas.

Déanann an Stiúrthóireacht um Rialáil Airgeadais - Beartas agus Riosca rannpháirtíocht le ÚMEnna a stiúradh agus a chomhordú agus tá ról tábhachtach aici maidir le faireachán agus anailís a dhéanamh ar fhorbairtí ar leibhéal AE agus sruth éifeachtach faisnéise a áirithiú ar fud an Bhainc Ceannais.

Sa bhreis ar an aird ar imeacht RA ó AE, bhí an Banc Ceannais páirteach sna ÚMEnna eile ar na bealaí seo a leanas:

- Cur le spriocthorthaí a bhaineann le PSD2.
- Páirt a ghlacadh in Athbhreithnithe Piaraí ÚEÁPC ar nósanna maoirseachta agus ar chomhréireacht a chur i bhfeidhm i

measúnú príomhfheidhmeanna agus ar chuibheas comhaltaí boird riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta agus cuibheas scairshealbhóirí incháilithe.

- Cur le forbairt bhearta Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 ag ESMA faoi MiFID II agus faireachán a dhéanamh ar athruithe ar struchtúir an mhargaidh.
- Cur le forbairt thorthaí beartais Chomhchoiste ÚMEnna maidir le AML/CFT.

Bhí an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Ardleibhéil BCE maidir le NPLanna, rud ba shiocair le sprioc-thorthaí éagsúla ón bplean gníomhaíochta um NPLanna a bhaint amach amhail aguisín do threoir BCE do bhainc maidir le NPLanna agus aontú maidir le bearta breise chun dul i ngleic le stoic NPLanna trí mheán ionchais de réir gach bainc ar leith a shocrú maidir le foráil NPLanna.

Chuir an Banc Ceannais le forbairt beartais Eorpaigh maidir le Teicneolaíocht Airgeadais agus maidir le hairgeadas inmharthana agus chuir sé comhairle theicniúil agus cabhair theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais le linn chaibidlíocht na Comhairle agus le linn caibidlíocht thrípháirteach maidir le roinnt tograí reachtúla AE, lena n-áirítear, mar shampla, an tAthbhreithniú ar Ghnólachtaí Infheistíochta[13].

Lean an Banc Ceannais de rannpháirtíocht leathan a dhéanamh maidir le scáthbhaincéireacht (dá ngairmtear idirghabhálacht airgeadais neamhbhainc ar bhonn níos coitianta anois) in 2018. Bhí rannpháirtíocht in ESMA, IOSCO, ESRB agus FSB i gceist leis sin, agus glacadh róil cheannaireachta i roinnt de na fóraim sin. I measc na n-ábhar ar tugadh fúthu, bhí tástáil struis do chistí infheistíochta, idirnascacht banc, neamhbhainc agus margaí airgeadais, riosca tógálachta, chomh maith le bainistíocht giarála agus leachtachta i gcistí infheistíochta.

Tosaíocht eile in 2018 ba ea tograí reachtúla an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun cinn chun na ÚMEnna agus ESRB a neartú. I Meán Fómhair 2018, leathnaigh an Coimisiún Eorpach scóip a thograí reachtúla chun freagracht mhéadaithe ÚME a chur san áireamh i dtaca le saincheisteanna AML/CFT. Le linn chaibidlíocht na Comhairle, chuir an Banc Ceannais comhairle ar fáil don Roinn Airgeadais fad is a bhí téacs comhréitigh á fhorbairt ag an gComhairle i ndáil leis na tograí reachtúla

[13] COM(2017) 790 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus COM(2017)791: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maoirseacht stuamachta gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Treoir 2013/36/AE agus treoir 2014/65/AE.

sin. Toisc nach bhfuil an comhad curtha i gcrích fós, meastar go leanfaidh an Banc Ceannais lena rannchuidiú i dtaca le tograí reachtúla in 2019.

Bíonn an Banc Ceannais ag iarraidh tionchar a imirt ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin agus chun na críche sin, tá róil cheannaireachta aige ag fóraim ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear ballraíocht Bhord IOSCO (An tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais) agus ballraíocht Coiste Feidhmiúcháin IAIS (is í an Stiúrthóir ar Árachas an comhalta d'Iarthar na hEorpa).

Sa bhreis ar róil cheannaireachta a ghlacadh, gníomhaíonn an Banc Ceannais mar rannchuiditheoir príomha i bplé rialála idirnáisiúnta. Mar shampla, ós rud é gurb í Éire an sainchónaí Eorpach is mó ETFanna agus ó d'fhoilsigh an Banc Ceannais Plépháipéar ETF i mBealtaine 2017[14], tá na Banc Ceannais ina rannchuiditheoir príomha i bplé rialála idirnáisiúnta sa réimse seo[15].

## Rialáil, Caighdeáin agus Treoir an Bhainc Ceannais a Fhorbairt agus a Chothabháil do Ghnólachtaí agus do Mhargaí Rialáilte

Áirithíonn an Banc Ceannais go ndéantar rialáil stuamachta agus rialáil iompair a chothabháil agus a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach ag féachaint don timpeallacht athraitheach agus do ghníomhaíochtaí agus do tháirgí nua arna bhforbairt ag gnólachtaí agus margaí. Déanann sé an creat beartais a chur ar fáil agus a chothabháil chun tacú le maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí rialáilte, lena n-áirítear treoir agus staid beartais a eisiúint. Cuireann dhá philéar rialála airgeadais an Bhainc Ceannais le forbairt agus cothabháil beartais macrastuamachta, lena n-áirítear, mar shampla, an t-athbhreithniú ar na rialacha morgáiste.

De bharr próifíl athraitheach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBanc Ceannais ar bheartas agus ar leabhar rialacha chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá riosca iompair mórdhíola leabaithe go héifeachtach i gcreat beartais an Bhainc Ceannais. De dheasca thorthaí an athbhreithnithe seo, beidh gá le feabhsaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, rud a thacóidh le forbairtí sa chreat údarúcháin agus sa chreat maoirseachta.

---

[14] D'fhoilsigh an Banc Ceannais a ráiteas aiseolais i Meán Fómhair 2018, ina raibh achoimre ar a thorthaí i ndiaidh fhoilsiú a Phlépháipéir i mBealtaine 2017. Chomh maith breitheanna beartais a dhéanamh, tá an ráiteas aiseolais beartaithe chun fócas a chur ar fáil don rannchuidiú rialála idirnáisiúnta amach anseo.

[15] I mí Feabhra 2018, d'óstáil an Banc Ceannais comhchruinniú dhá lá IOSCO maidir le ETFanna agus chuir sé oiliúint ETF ar fáil do chomhlachtaí rialála eile trí thacaíocht a thabhairt do sheimineáir oiliúna a d'eagraigh IOSCO.

Ina theannta sin, d'fhonn baill cistí Le Brabús a chosaint agus d'fhonn bainistíocht riosca na gcistí Le Brabús a fheabhsú i bhfianaise méadú tuartha ar mhéid an ghnó sin in Éirinn de bharr Brexit, d'fhoilsigh an Banc Ceannais leasuithe ar an gCóras Achtúireachta Intíre agus Ceanglais Rialachais lena mbaineann faoi Shócmhainneacht II (tar éis próiseas comhairliúcháin) lenar tógadh isteach ceanglais nua do rialachas cistí Le Brabús.

Le blianta beaga anuas, tá sé tugtha faoi deara ag an mBanc Ceannais go bhfuil gnólachtaí rialáilte ag brath níos mó ar sheachfhoinsiú. I bhfianaise na timpeallachta airgeadais athraithí agus aird mhéadaithe idirnáisiúnta ar sheachfhoinsiú agus imní ann maidir le nósanna seachfhoinsithe, thug an Banc Ceannais faoi athbhreithniú ar sheachfhoinsiú ar fud an chórais airgeadais agus d'fhoilsigh sé páipéar plé dar teideal "Outsourcing – Findings and Issues for Discussion". Déantar measúnú sa pháipéar ar chleachtas tionscail, cuirtear béim ar na hionchais mhaoirseachta is soiléire agus is bunúsaí maidir le riosca seachfhoinsithe a bhainistiú agus tarraingítear aird ar chuid de na príomhrioscaí agus ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le seachfhoinsiú. Déanfaidh an Banc Ceannais imeacht tionscail faoi sheachfhoinsiú a óstáil in 2019. Beidh an t-imeacht sin, chomh maith leis an aiseolas a rinneadh a lorg faoin bpléph—áipéar, mar bhonn faisnéise faoin bplé leantach maidir le treochtaí seachfhoinsithe, príomh-shaincheisteanna agus an fhreagairt chuí rialála.

Déanann an Banc Ceannais an creat beartais a chur ar fáil agus a chothabháil chun tacú le maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí rialáilte, lena n-áirítear, i gcás inar cuí, treoir agus staid beartais a eisiúint.

I mBealtaine 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a Fhógra Beartais maidir le Brainsí Gnóthais Árachais Tríú Tír, inar sonraíodh fonn riosca an Bhainc Ceannais agus inar soiléiríodh na critéir a úsáidfidh se lena mheas an bhfuil oibríocht oiriúnach lena bhunú mar Bhrainse Tríú Tír.

Bhí teagmháil ag an mBanc Ceannais le comhlachtaí ionadaithe tionscail le linn 2018 chun ceisteanna ag teacht chun cinn do ghnólachtaí agus d'ionaid in Éirinn faoi MiFID tar éis a chur chun feidhme. D'fhoilsigh an Banc Ceannais a chóras forlíontach iarchuir do thrádáil in ionstraimí neamhchothromais faoi MiFIR, ina gceadaítear tréimhse shínithe iarchuir d'fhoilsiú idirbheart i gcásanna áirithe. Ar an 6 Samhain 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais na Ceanglais Chorparáideacha dheireanacha do Ghnólachtaí Infheistíochta agus d'Oibritheoirí Margaí 2018, a chuireann le córas MiFID agus a thacaíonn leis, ina dtugtar soiléiriú do thionscal agus ina gcuirtear ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh chun cinn laistigh de ghnólachtaí rialáilte.

Is mar thoradh ar spreagadh AE chun margadh urrús níos sábháilte agus níos trédhearcaí a chothabháil é an Creat Urrús nua, a bhfuil feidhm leis ó 1 Eanáir 2019. Is é an Banc Ceannais an t-údarás inniúil náisiúnta d'fhormhór na ngnéithe den Rialachán maidir le hUrrúis agus tá ceangal air comhlíontacht eintiteas a mhaoirsiú leis an gcreat nua agus iad ag eisiúint urrús nó ag infheistiú in urrúis. Leis an gcreat nua, táthar ag iarraidh caighdeáin nua Choiste Basel a thabhairt isteach lena ndéantar modhnú ar láimhseáil caipitil stuamachta a bhfuil feidhm aici maidir le hurrúsuithe d'institiúidí lena mbaineann de chuid an Rialacháin maidir le Ceanglais Chaipitil, chun comhsheasmhacht níos fearr a thabhairt isteach maidir le ceanglais éagsúla urrús amhail coinneáil riosca, dícheall cuí agus trédhearcacht infheisteoirí, agus chun margadh urrúsaithe AE a athbheochan trí lipéad nua simplí trédhearcach rialála d'urrúsuithe cáilitheacha.

Agus an creat beartais á chothabháil, déanann an Banc Ceannais athbhreithniú, uasdátú/feabhsú agus comhdhlúthú ar an gcreat beartais (i gcás inar cuí).

Is iad Rialacháin UCITS an Bhainc Ceannais an bunús faoi chreat rialála na hÉireann maidir le UCITS agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn leanúnach. Ar an 29 Márta 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais páipéar comhairliúcháin (CP119), ina raibh moltaí chun Rialacháin UCITS an Bhainc Ceannais a leasú agus a chomhdhlúthú, lena n-áirítear ceanglais a chur san áireamh maidir le conas a fhéadfaidh UCITS táillí feidhmíochta a ghearradh. Déanfaidh an Banc Ceannais na leasuithe sin a chríochnú agus foilseoidh sé na Rialacháin leasaithe in 2019.

Le Rialacha an Bhainc Ceannais (Iompar Margaí Infheistíochta), déanfar Rialacha Trédhearcachta an Bhainc Ceannais, na Rialacha um Dhrochúsáid Margaidh agus na Rialacha Réamheolaire a chomhdhlúthú in aon ionstraim reachtúil amháin. Le linn 2018, d'eisigh an Banc Ceannais dhá Pháipéar Comhairliúcháin (CP121 agus CP127) ar na Rialacha beartaithe, lena n-áirítear leasuithe ar leith a ceapadh lena áirithiú go bhfuil Rialacha Réamheolaire an Bhainc Ceannais ailínithe leis an Rialachán maidir le Réamheolaire (a bhfuil feidhm leis ó 21 Iúil 2019). Eiseoidh an Banc Ceannais Ráitis Aiseolais ar an dá Pháipéar Comhairliúcháin sin agus déanfaidh sé Rialacha an Bhainc Ceannais (Iompar Margaí Infheistíochta) a chríochnú agus a fhoilsiú in 2019.

## An Creat Beartais a Sholáthar agus a Chothabháil chun Tacú le Maoirseacht Éifeachtach ar Ghnólachtaí agus ar Mhargaí Rialáilte

Lean an Banc Ceannais dá chreat rialála rioscabhunaithe agus na huirlisí TF lena mbaineann (PRISM) a fhorbairt agus a fheabhsú, trí shraithe

feabhsúchán a leathadh amach chun PRISM a chothabháil agus a fheabhsú le linn 2018. Leis an obair sin, áirithítear go gcoinnítear creat maoirseachta an Bhainc Ceannais agus PRISM suas chun dáta agus ábhartha i gcomhthéacs múnla gnó agus próifíl riosca gnólachtaí rialáilte, a bhfuil forbairt fós ag teacht orthu i dtimpeallacht airgeadais shíorathraitheach. Mar a cheanglaítear i gcreat PRISM, rinne an Banc Ceannais athbhreithnithe cáilíochta rialta chun a theagmháil mhaoirseachta le gnólachtaí rialáilte a mheas. Leis an obair deimhnithe cáilíochta, táthar ag iarraidh a áirithiú go n-aithnítear riosca i ngnólachtaí go cuí, go bhfuil tuiscint orthu agus go ndéantar iad a mhaolú go tráthúil agus go gcoinnítear comhsheasmhacht agus cáilíocht na gcinntí maoirseachta agus na mbreitheanna maoirseachta.

Dhéileáil foireann tacaíochta TF PRISM le 387 bhfiosrúchán ó mhaoirseoirí in 2018. Thug an Stiúrthóireacht Rialála Airgeadais - Beartas agus Riosca, freagra ar 1,240 fiosrúchán ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha maidir le ceisteanna beartais.

Rinneadh an Treoir maidir le Slándáil do Líonraí agus do Chórais Faisnéise a thrasuí go rathúil an 18 Meán Fómhair 2018, inar ainmníodh an Banc Ceannais mar an tÚdarás Inniúil freagrach as gnéithe den treoir a bhfuil feidhm leo maidir le córas airgeadais na hÉireann. D'aithin an Banc Ceannais oibreoirí seirbhísí riachtanacha sa chóras airgeadais roimh an spriocdháta dar 9 Samhain 2018.

### Bosca 16: Teicneolaíocht Airgeadais - Mol Nuálaíochta

Sheol an Banc Ceannais a Mhol Nuálaíochta ar an 20 Aibreán 2018, atá ina phointe teagmhála díreach do ghnólachtaí nuálaíocha. Tugann sé deis do ghnólachtaí nuálaíocha teagmháil a dhéanamh leis an mBanc Ceannais ar bhonn aonair lasmuigh de na cainéail eile atá ann, agus is féidir leis an mBanc Ceannais foghlaim faoi nuálaíochtaí agus faoi theicneolaíochtaí nua i seirbhísí airgeadais uaidh.

D'éascaigh an Mol Nuálaíochta níos mó ná 79 socrú teagmhála, lena n-áirítear 58 bhfiosrúchán.

Tháining formhór na bhfiosrúchán ó ghnólachtaí teicneolaíochta íocaíochta agus rialála (Teicneolaíocht Rialála). Ba ghnólachtaí nuathionscanta tosaigh agus gnólachtaí forbartha Teicneolaíochta Airgeadais/Teicneolaíochta Rialála neamhúdaraithe a chuaigh i dteagmháil leis an Mol Nuálaíochta. Bhain formhór na gceisteanna le húdarúchán, lena n-áirítear roinnt fiosrúchán údarúcháin ó ghnólachtaí údaraithe i ndlínsí eile.

In R3 2018, sheol an Banc Ceannais a thionscnamh teagmhála leis an earnáil Teicneolaíochta Airgeadais, agus bhain sé úsáid as an Mol Nuálaíochta trí theagmháil a éascú le páirtithe leasmhara ar bhonn níos leithne.

D'óstáil an Banc Ceannais a chéad seimineár faisnéise don Teicneolaíocht Airgeadais an 22 Deireadh Fómhair, agus bhí cur i láthair ann ar ábhair a bhain le gnólachtaí beaga Teicneolaíochta Airgeadais. Ba é an lucht freastail inmhianaithe gnólachtaí Teicneolaíochta Airgeadais atá ag smaoineamh ar údarú a lorg ón mBanc Ceannais, agus na gnólachtaí sin a thugann tacaíocht dóibh. D'fhreastail níos mó ná 43 dhuine aonair ar an imeacht, agus 17 ngnólacht Teicneolaíochta Airgeadais san áireamh.

D'óstáil an Mol Nuálaíochta imeacht leathlae Teicneolaíochta Rialála, ina ndearna trí ghnólacht Éireannacha Teicneolaíochta Rialála cur i láthair maidir lena múnlaí gnó d'fhoireann an Bhainc Ceannais. Ós rud é go mbíonn gnólachtaí Teicneolaíochta Rialála taobh amuigh den teorainn rialála de ghnáth, thug an t-imeacht sin tuiscint níos leithne don Bhanc Ceannais ar thimpeallacht Teicneolaíochta Rialála na hÉireann.

# Caibidil 3:
# Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2019


# Caibidil 3: Tosaíochtaí Straitéiseacha do 2019

## Tosaíochtaí do 2019

Leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse trí bliana atá romhainn i bPlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2019-2021. Is iad sin:

- Athléimneacht a Neartú
- Brexit
- Cosaint Tomhaltóirí a Neartú
- Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt
- Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú.

*Fíor 4 : Cúig Théama Straitéiseacha an Bhainc Ceannais*




**Fócas Rialála in 2019**

Is é mian an Bhainc Ceannais go mbeadh córas airgeadais athléimneach agus iontaofa ann, a fhreastalaíonn ar riachtanais an gheilleagar agus ar riachtanais a thomhaltóirí ar bhealach inmharthana, agus ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus le hardchaighdeáin. Chun é sin a bhaint amach, beidh an méid seo san áireamh inár gcuid oibre sa réimse rialála in 2019:

1. Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna stairiúla agus ar athléimneacht a thógáil sa chóras airgeadais trí mheán barr feabhais i soláthar na maoirseachta.

2. Éifeachtúlacht na rialála iompair airgeadais a neartú.

3. An creat agus an cur chuige rialála agus maoirseachta a fheabhsú.

4. Torthaí forfheidhmiúcháin láidir a bhaint amach, tionchar a imirt ar an timpeallacht forfheidhmiúcháin agus comhrac in aghaidh coireacht airgeadais.

5. Rioscaí a thuar agus a mhaolú agus buntáistí a bhaint as athrú suaiteach.

6. Díriú ar theagmháil éifeachtach lenar féidir tionchar a imirt, go hintíre, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Leagtar amach sna míreanna seo a leanas tosaíochtaí straitéiseacha an Bhainc Ceannais agus an obair lena mbaineann sna réimsí rialála chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach.

## Athléimneacht a Neartú

Tá bail níos fearr anois ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais agus ar an earnáil baincéireachta intíre ó thaobh téarnaimh agus fáis de. D'ainneoin na bhforbairtí dearfacha seo le blianta beaga anuas, tá dúshláin ann i gcónaí. Ina theannta sin, tá Éire neamhchosanta ar rioscaí atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar intíre agus sa timpeallacht sheachtrach araon. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athléimneacht an chórais airgeadais a neartú tuilleadh agus rioscaí sa chóras airgeadais a mhaolú tuilleadh sa chaoi go mbeidh sé ábalta turraingí agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh agus go maolófar iarmhairt na dteagmhas sin. Ó thaobh na rialála airgeadais de, déanfar é sin trí mheán:

- Maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt don chobhsaíocht airgeadais chun a áirithiú go bhfuil siad dea-bhainistithe agus fónta ó thaobh airgeadais de.

- Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus laigí reatha ón ngéarchéim airgeadais, go háirithe cinn a bhaineann le riaráistí morgáiste agus le hiasachtaí neamhthuillmheacha. Laghdaíonn iasachtaí neamhthuillmheacha cumas iasachtóirí agus iasachtaithe cúluithe amach anseo a sheasamh. Is bealach inmharthana é NPLanna a laghdú lena n-áirithítear cosaint láidir d'iasachtaithe agus dá bharr sin, tá an laghdú sin riachtanach.

- A ullmhacht agus a chumas bainistíochta ó thaobh géarchéimeanna airgeadais a fheabhsú.

- Ullmhú do chliseadh gnólachtaí rialáilte agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcéanna ar mhodh ordúil chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an cur isteach ar chobhsaíocht airgeadais, ar an ngeilleagar agus ar thomhaltóirí, fad a bheimid ag obair i ndlúthchomhar leis an mBord Réitigh Aonair i dtaca le gnólachtaí a thagann faoina raon feidhme.

Ó thaobh fócas rialála de, úsáidfear straitéisí maoirseachta ilbhliantúla de réir gnólachta nó de réir cohóirt (do ghnólachtaí a bhfuil tionchar níos ísle acu) lena áirithiú:

- Go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu, lena n-áirítear i gcásanna tástálacha struis diana ach inchreidte.
- Go bhfuil múnlaí inmharthana gnó ag gnólachtaí san fhadtéarma.
- Go dtugann gnólachtaí aghaidh ar na saincheisteanna atá fós ann ón ngéarchéim airgeadais lena gcríochnú, lena n-áirítear an leibhéal ard NPLanna.
- Go bhfuil dea-rialachas ag na gnólachtaí sin, go bhfuil cultúr agus éagsúlacht chuí acu, agus go bhfuil socruithe éifeachtúla bainistíochta riosca agus socruithe rialuithe acu ionas go bhfuil siad ábalta an cumas a léiriú chun na rioscaí atá rompu a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú ar bhealach níos fearr.
- Go ngríosaíonn siad feabhsúcháin i mbainistíocht riosca TF agus feabhsúcháin athléimneachta.
- Gur féidir leo teacht chucu féin má bhíonn deacracht acu agus mura féidir, gur féidir iad a réiteach ar bhealach ordúil gan nithe seachtracha ná costais cáiníocóra shuntasacha.

Maidir le riosca ag teacht chun cinn, gníomhóidh an Banc Ceannais de réir deiseanna agus dúshlán arna dteacht chun cinn de bharr nuálaíochta (Teicneolaíocht Rialála) agus de bharr na timpeallachta athraithí teicneolaíochta ina n-oibríonn an Banc Ceannais agus na gnólachtaí rialáilte.

## Brexit

Leanfaidh an Banc Ceannais d'iarracht a dhéanamh na rioscaí a mhaolú atá ann don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí ó imeacht RA ó AE. Sa bhreis ar dhéileáil leis na dúshláin shuntasacha a thagann leis na himpleachtaí láithreacha agus fadtéarma, leanfaidh an Banc Ceannais de pháirt a ghlacadh san fhorbairt ar an margadh aonair i seirbhísí airgeadais tar éis Brexit. Ó thaobh na rialála airgeadais de, beidh san áireamh leis sin:

- Feabhsóimid uirlisí rialála agus ár gcur chuige maoirseachta chun a áirithiú go mbeidh tuiscint ar an gcobhsaíocht airgeadais níos leithne, agus ar rioscaí margaidh agus iompair a bhaineann le cineál, scála agus castacht chóras airgeadais na hÉireann agus go maolófar na rioscaí sin go héifeachtach.
- A áirithiú go mbeidh gnólachtaí rialáilte ullmhaithe go cuí do raon iomlán tionchar agus go mbeidh leas a dtomhaltóirí á chosaint acu.
- A áirithiú go bhfuil próiseas láidir, éifeachtach um údarú ann do na gnólachtaí go léir a mbeidh údarú á lorg acu, lena n-áirítear na gnólachtaí sin a mbeidh údarú á lorg acu de thoradh Brexit.

Maidir le Brexit, déanfar iarracht leis an bhfócas rialála an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Obair go dlúth leis na piléir uile den Bhanc Ceannais agus laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais chun faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar an raon leathan rioscaí a thagann le himeacht RA ó AE.
- Gnólachtaí rialáilte a ghríosú a bheith ullamh do thorthaí inchreidte (sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma).
- Ár ról geatóireacht a dhéanamh go hoscailte, go hintuartha agus go láidir d'údaruithe nua.
- A chinntiú go bhfuil córais agus próisis chuí ann chun déileáil go héifeachtach leis an tionchar a bheidh ag na hathruithe agus ag na rioscaí a bhaineann le Brexit.

## Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cultúr a bheidh dírithe ar thomhaltóirí a leabú i ngnólachtaí chun a áirithiú go bhfreastalóidh siad ar leas agus ar riachtanais tomhaltóirí. Tá sé tábhachtach go mbeidh muinín agus iontaoibh ag tomhaltóirí as gnólachtaí rialáilte agus fios a bheith acu go bhfuil na gnólachtaí sin ag obair chun leasa na dtomhaltóirí sin. Aithníonn an Banc Ceannais an dochar a dhéantar do thomhaltóirí mura mbíonn iompar na ngnólachtaí sin iomchuí. Aithníonn an Banc Ceannais freisin an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus fóntacht airgeadais gnólachtaí chun go maolófar na rioscaí do thomhaltóirí. Beidh fócas leanúnach ar chosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí a neartú trí mheán:

- Ár gcur chuige maidir le rialáil riosca iompair a neartú, ár n-ionchais a leagan amach, agus dúshlán a thabhairt do na gnólachtaí agus do

na margaí sin a bhíonn á maoirsiú againn trína cheangal orthu Creat leabaithe Riosca Iompair d'ardchaighdeán a bheith i bhfeidhm acu. Beidh gníomhaíocht láidir forfheidhmiúcháin mar bhonn agus mar thaca faoinár gcumhachtaí i gcónaí chun go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le maoirseacht ar chosaint tomhaltóirí trí mheasúnuithe níos treallúsaí agus níos spriocdhírithe a dhéanamh ar na gnólachtaí agus na táirgí sin a d'fhéadfadh an dochar is mó a dhéanamh do thomhaltóirí.
- Díriú ar chultúr gnólachtaí agus ar chuntasacht aonair na ndaoine sin a riarann gnólachtaí a bhíonn á rialáil againn chun ardchaighdeáin iompair a leabú lena mbainfear torthaí córa amach do thomhaltóirí, agus tacú le caighdeán agus cuntasacht aonair a neartú tuilleadh, agus gníomhaíocht a ghlacadh i gcás nach mbeidh na caighdeáin sin á gcomhlíonadh. Déanfaimid athbhreithnithe maoirseachta ar rialachas agus ar chultúir na bainistíochta riosca i ngnólachtaí rialáilte trí obair laethúil mhaoirseachta agus chigireachta.
- Muinín agus iontaoibh as an gcóras airgeadais a fheabhsú trí rialáil ardchaighdeáin, rannphláirtíocht fhiúntach, geatóireacht éifeachtach, maoirseacht threallúsach agus forfheidhmiú láidir.
- Tacú leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid, i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta, i gcoinne drochúsáid margaidh agus i gcoinne soláthar neamhúdaraithe seirbhísí airgeadais.

D'fhonn a ghealltanas straitéiseach a bhaint amach, beidh an méid seo a leanas san áireamh i bhfócas rialála an Bhainc Ceannais in 2019:

- Measúnuithe Riosca Cosanta Tomhaltóirí (CPRA) níos minice agus níos dírí a dhéanamh ar na gnólachtaí is mó tionchar. Is é is aidhm le CPRAnna dírithe a áirithiú go dtuigeann gnólachtaí rialáilte na rioscaí atá roimh a dtomhaltóirí ó na táirgí agus ó na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus ó chultúr agus iompar na ngnólachtaí féin agus an mhargaidh níos leithne.
- Ár gcur chuige do mhaoirseacht margaí urrús a fhorbairt agus a mhúnlú. Déanfar feidhmeannas iompair margaidh mórdhíola a oibríochtú bunaithe ar chreat maoirseachta iompair comhréireach rioscabhunaithe.
- Leanúint de chur chuige láidir rioscabhunaithe do mhaoirseacht earnáil na gcistí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leis

feabhsúcháin nithiúla inmharthana agus cosaint d'infheisteoirí a bhaint amach.

- Cuirfear tús le húdarúchán úinéirí iasachtaí nach raibh údaraithe cheana mar ghnólachtaí seirbhísithe creidmheasa in 2019, agus beidh measúnú dian i gceist le gach iarratas le féachaint cibé ar léirigh an gnólacht go sásaíonn sé na ceanglais agus na caighdeáin údarúcháin.
- Cosaint tomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu a fheabhsú trí straitéis mhaoirseachta a fhorbairt do thomhaltóirí a bhfuil riaráistí acu, i gcomhréir le fonn riosca an Bhainc Ceannais.

## Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt

D'fhonn a shainordú a bhaint amach go héifeachtach, oibríonn an Banc Ceannais i ndlúthchomhar le comhlachtaí eile, agus bíonn rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile in Éirinn agus éistimid leo. Tá sé i gceist ag an mBanc Ceannais a bheith oscailte agus trédhearcach agus a bheith freagrach as a ghníomhaíochtaí. Cuidíonn sé sin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile tuiscint a fháil ar a ndéanaimid agus fios acu go bhfuil ár sainordú á chomhlíonadh againn. Mar bhanc ceannais náisiúnta agus mar údarás inniúil na hÉireann, bíonn an Banc Ceannais ag obair mar chuid den chreat Eorpach níos leithne lena n-áirítear an Córas Eorpach Banc Ceannais agus an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais. Tá ról suntasach ag an gcreat Eorpach níos leithne, ról a bhíonn ag dul i méid ar bhonn leanúnach, agus tá sé tábhachtach go mbeidh tionchar éifeachtach á imirt ag an mBanc Ceannais ar an gclár chun tacú le comhlíonadh á shainordaithe. Sna trí bliana atá romhainn, díreofar ar fheabhas a chur ar a rannpháirtíocht straitéiseach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara anseo in Éirinn agus thar lear. Déanfar é sin ar na bealaí seo:

- Rannpháirtíocht leis an bpobal go díreach agus ar líne ar mhodh oscailte, trédhearcach trínár straitéis cumarsáide, trínár bhfeachtas for-rochtana agus nuair a bhíonn seirbhísí á soláthar go díreach againn don phobal.
- Rannpháirtíocht a bheith againn lena phríomhpháirtithe intíre ar mhodh oscailte, trédhearcach.
- Rannchuidiú go gníomhach le cinnteoireacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais/an Eurochórais trí bhíthin rannpháirtíocht straitéiseach i gCoistí tábhachtacha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais/an Eurochórais.
- Rannpháirtíocht straitéiseach a bheith againn leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus leis na hÚdaráis Mhaoirseachta

Eorpacha, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus leis an Sásra Réitigh Aonair i dtaca le treoirlínte, caighdeáin agus modhanna rialála agus réitigh agus le hanailís riosca a fhorbairt mar aon le creataí reachtacha AE agus idirnáisiúnta i ndáil le hearnálacha a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais.

Glacfaidh an Banc Ceannais cur chuige straitéiseach, atá dírithe ar thorthaí, chun rannpháirtíocht a dhéanamh sa chóras rialála agus maoirseachta Eorpach agus idirnáisiúnta, chun na críocha seo a leanas:

- A áirithiú go bhfuil an Banc Ceannais ag oibriú i gcomhréir le nósanna maoirseachta Eorpacha agus go bhfuil tionchar á imirt aige ar na nósanna sin.
- Tacú le forbairt treoirlínte, caighdeáin agus modheolaíochta maoirseachta atá comhréireach agus éifeachtach i gcomhthéacs an chórais airgeadais Éireannaigh atá dírithe go hidirnáisiúnta.
- Tosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais ar fud comhlachtaí Eorpacha agus go hidirnáisiúnta chun a chreidiúnacht a chothabháil agus a thógáil agus chun tionchar a imirt ar na forbairtí is tábhachtaí.
- A cháil a fheabhsú trí phríomhróil cheannaireachta a choimeád agus a fhás i gcoistí agus i meithle oibre.
- Aontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn, agus aithint ann go mbeidh fíormhargadh aonair - ina bhfuil infheisteoirí in ann a gcistí a infheistiú gan bhac, thar teorainneacha - chun leasa eacnamaíoch saoránaigh na hEorpa.
- Díriú ar airgeadais inmharthana agus ar leas a bhaint as Teicneolaíocht Airgeadais ar bhealaí a ndéanfaidh rochtain ar mhargaí airgeadais Eorpacha níos comhdhlúite, níos sábháilte agus níos éasca, fad is a thugtar aird ar na dúshláin amhail riosca cibearshlándála, ceisteanna sonraí, ceisteanna cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí agus ceisteanna sláine margaidh.

## Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Tá sainordú leathan, casta ag an mBanc Ceannais agus feidhmíonn sé i dtimpeallacht idirghníomhach, dhúshlánach, áit ina mbíonn an cumas inmheánach, riachtanach agus na córais agus próisis inmheánacha, riachtanacha ag teastáil chun an straitéis a bhaint amach go héifeachtach. Is iad comhaltaí foirne an Bhainc Ceannais an acmhainn is tábhachtaí atá aige agus tá sé riachtanach go dtugtar tacaíocht dóibh agus go ndéantar iad a chumasú chun na scileanna riachtanacha agus an saineolas riachtanach a

bheith acu chun na caighdeáin is airde a bhaint amach. Is gá go dtacóidh cultúr, acmhainní agus cumas le comhlíonadh shainordú an Bhainc Ceannais ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil fad a chloítear leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.

Déanfar é sin ar na bealaí seo:

- Ár Straitéis maidir le Daoine a chur chun feidhme, lena n-áirítear ár gcur chuige maidir le soláthar foirne, foghlaim agus forbairt, forbairt ceannaireachta agus bainistiú tallainne, rud a chumasóidh dár gcomhaltaí foirne a dtiomantais a bhaint amach i dtimpeallacht a thacóidh le héagsúlacht agus le hiomchuimsiú agus a chuirfidh chun cinn iad agus a neartóidh cumas agus solúbthacht.
- Infheistíocht shuntasach a dhéanamh inár Straitéis Sonraí, rud a thacóidh le hanailísíocht agus bainistíocht fheabhsaithe sonraí ar fud na heagraíochta, agus trí chóras bainistíochta doiciméad leictreonach agus taifead leictreonach a chur i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais.
- A chinntiú go bhfuil na struchtúir, na saoráidí, na próisis, na hinniúlachtaí agus teicneolaíochtaí i bhfeidhm chun tacú le comhlíonadh éifeachtach ár dtosaíochtaí eagraíochtúla.
- Leanúint de rialachas agus bainistíocht riosca inmheánach a neartú, mar aon le slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus córais slándála agus ár gcumas téarnaimh ó thaobh leanúnachas gnó de.
- A áirithiú go mbainfear ár n-oibleagáidí cuntasachta amach trí na caighdeáin is airde trédhearcachta agus soiléireachta a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú reachtúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bprionsabail agus ár n-iompraíochtaí tosaíochta (lena gcuirtear ár gcultúr inmhianaithe in iúl) agus iad a leabú chun cultúr dearfach a chinntiú lena léireofar ár n-éiteas d'Aon Bhanc Amháin, ár dtiomantas don tseirbhís phoiblí, d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú.

In 2019, oibreoidh an Banc Ceannais i dtreo an méid seo a leanas:

- Leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le cumas méadaithe sonraí agus anailísíochta, speisialtóirí riosca agus úsáid cigireachtaí dírithe chun a chur chuige maoirseachta a fheabhsú.
- An leibhéal tacaíochta atá ann do mhaoirseacht gnólachtaí rialáilte ó lá go lá agus dúshlán a thabhairt don mhaoirseacht sin.

- A áirithiú go mbeidh tuiscint ar an gcobhsaíocht airgeadais níos leithne, agus ar rioscaí margaidh agus iompair a bhaineann le cineál, scála agus castacht chóras airgeadais na hÉireann agus go maolófar na rioscaí sin go héifeachtach.
- An múnla maoirseachta a fheabhsú chun tosaíochtú níos solúbtha a éascú agus chun maoirseacht spreagtha ag imeachtaí agus bainistíocht géarchéime a éascú.

Sa bhreis air sin, oibreoidh an Banc Ceannais i dtreo an méid seo a leanas:

- An creat rialála agus beartais a fheabhsú chun bearnaí a líonadh (e.g. Réiteach gnóthas árachais) agus chun a oibriú a fheabhsú (e.g. cuntasaíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha).
- A chinntiú go bhfuiltear ag breathnú chun tosaigh leis an gcur chuige rialála agus leis an gcur chuige maoirseachta agus go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm chun déileáil le hathruithe teicneolaíochta.
- Leanúint dá straitéis a chur chun cinn chun dul i dtreo costas iomlán na rialála airgeadais a fháil ar ais ó thionscal fad is a fheabhsaítear modheolaíochtaí tobhaigh de réir prionsabal lena áirithiú go bhfuil an próiseas tobhaigh comhréireach, intuartha agus trédhearcach de réir mar is cuí.

# Caibidil 4: Iniúchóireacht Inmheánach

# Caibidil 4: Iniúchóireacht Inmheánach

Is é is cuspóir don Iniúchóireacht Inmheánach gníomhú mar an "tríú líne chosanta" neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Tá sé de fhreagracht ar bhainistíocht oibríochtúil an Bhainc Ceannais córais iomchuí rialaithe inmheánaigh a bhunú. Ar an gcaoi sin, is í bainistíocht oibríochtúil an chéad líne cosanta. Is ionann an dara líne cosanta agus na feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca, rialú, comhlíonadh agus maoirseacht arna mbunú agus arna bhfeidhmiú ag an lucht bainistíochta. Cuireann Iniúchóireacht Inmheánach dearbhú oibiachtúil, neamhspleách ar fáil, mar aon le gníomhaíochtaí comhairliúcháin atá ceaptha feidhmíocht chúraimí agus ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a fheabhsú. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sé leis an mBanc Ceannais i ngnóthú a chuid cuspóirí trí chur chuige córasach, araíonach a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht na bpróisis um bainistíocht riosca, rialú agus rialachas a mheasúnú agus a fheabhsú.

Le linn 2018, rinne Iniúchóireacht Inmheánach iniúchtaí thar roinnt réimse Rialála Airgeadais amhail Athbhreithniú Feidhmiúil ar Chigireachtaí Baincéireachta, Athbhreithniú ar an gCreat Beartais do Chistí Infheistíochta, do Ghnólachtaí Infheistíochta agus do Mhargaí agus iniúchadh ar an gCreat Maoirseachta agus an Múnla Cigireachta do Fhrithsciúradh Airgid. Glacann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) bearta leantacha maidir leis na saincheisteanna go léir a shainaithnítear chun a áirithiú go gcuirfear pleananna formheasta gníomhaíochta chun feidhme. In 2018, fuair IAD rátáil lán-chomhlíontachta i dtaca le measúnú cáilíochta seachtrach ar chomhlíontacht IAD le Caighdeáin na hInstitiúide Cairte Iniúchóirí Inmheánacha (IIA).

Mar chuid dá bhailiú faisnéise, d'fhreastail IAD ar roinnt cruinnithe coiste d'fheidhmeannaigh shinsearacha agus ar chruinnithe le hionadaithe rannáin ón mBanc Ceannais chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí agus faoi rioscaí laistigh den eagraíocht. Bhuail an Ceannasaí ar IAD leis an nGobharnóir go rialta freisin chun saincheisteanna a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Chuir Iniúchóireacht Inmheánach tuarascálacha rialta faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus maidir le torthaí na n-iniúchtaí go léir lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme aon mholtaí ó iniúchtaí roimhe seo. Ullmhaítear plean trí bliana ar bhonn atrátha agus formheasann an Coiste Iniúchóireachta an plean sin gach bliain.

Is é an Coiste um Iniúchóireacht Inmheánach an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí do SAM. Is é ceann de fhreagrachtaí IAC obair um dhearbhú

iniúchóireachta a dhéanamh mar a ordaítear faoin bplean iniúchóireachta.
Níor cuireadh aon iniúchadh i gcrích in 2018 maidir le SAM.

# Caibidil 5:
# Athbhreithniú Piaraí Idirnáisiúnta

# Caibidil 5: Athbhreithniú Piaraí Idirnáisiúnta

Foráiltear le halt 32M d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 go ndéantar athbhreithniú ar fheidhmíocht fheidhmeannas rialála an Bhainc Ceannais ar a laghad gach ceithre bliana, agus gur banc ceannais eile nó duine nó comhlacht eile arna dheimhniú ag Gobharnóir an Bhainc Ceannais i ndiaidh comhairliúchán leis an Aire Airgeadais a dhéanann an t-athbhreithniú sin.

I Márta 2018, thug an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) cuireadh do Chomhaltaí uile IOSCO páirt a ghlacadh in Athbhreithniú Téamach ar Cheanglais Oiriúnachta i dtaca le Dáileadh Táirgí Casta. Dírítear san athbhreithniú ar na naoi bprionsabal a shonraítear i dtuarascáil IOSCO 2013 ar an ábhar sin, ina dtugtar aghaidh ar roinnt réimsí cosanta tomhaltóirí lena n-áirítear oiriúnacht, soláthar faisnéise, coinbhleacht leasa agus luach saothair. Leis an athbhreithniú sin, is féidir le IOSCO dearcadh idirnáisiúnta a chur i láthair ar chomhsheasmhacht beart dlíthiúil, rialála agus beartais a ghlac comhaltaí IOSCO agus an oibleagáid á cur chun feidhme acu ar ghnólachtaí infheistíochta prionsabail 2013 a chomhlíonadh. I bhfreagra an Bhainc Ceannais, leagtar amach a chomhlíontacht leis na prionsabail sin, trí mheán ceanglais ar ghnólachtaí atá sa reachtaíocht um chosaint tomhaltóirí éagsúil intíre agus Eorpach. Déanfaidh IOSCO athbhreithniú agus anailís ar na freagraí ó gach dlínse lena mbaineann agus táthar ag súil le tuarascáil a fhoilsiú ar na torthaí in 2019.

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire, dhearbhaigh an Gobharnóir athbhreithniú téamach IOSCO ar cheanglais oiriúnachta chun críche comhlíontacht le hAlt 32M d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 don tréimhse 2015-2018 d'fheidhm cosanta tomhaltóirí an Bhainc Ceannais.

# Gluais

# Gluais

**AIFMD – An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí**
Treoir AE a fhéachann le cistí fálaithe, cistí cothromais phríobháidigh agus aon ghnólachtaí infheistíochta malartaí eile a chur i gcreat rialáilte d'fhonn faireachán agus rialáil a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochta.

**AML/CFT -** Frithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

**BRRD – An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc**
Leis seo, bunaítear cur chuige comónta laistigh den Aontas Eorpach (AE) maidir le téarnamh agus réiteach banc agus gnólachtaí infheistíochta.

**CCMA – An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste**
Leis an gCód seo, leagtar amach an creat nach mór d'iasachtóirí a úsáid nuair a bhíonn siad ag déileáil le hiasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste nó réamh-riaráistí morgáiste acu.

**CMU – Aontas na Margaí Caipitil**
Is plean é seo de chuid an Choimisiún Eorpaigh caipiteal a ghríosú. Déanfaidh sé caipiteal a treorú do na cuideachtaí uile, FBManna san áireamh, agus do thionscail bhonneagair a bhfuil gá acu leis chun leathnú agus chun poist a chruthú.

**CRD –An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil**
Creat maoirseachta in AE a fhreagraíonn do rialacha Basel II agus Basel III maidir le tomhas caipitil agus caighdeáin chaipitil.

**ÚBE – An tÚdarás Baincéireachta Eorpach**
Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a áirithíonn rialáil agus maoirseacht éifeachtúil, chomhsheasmhach stuamachta ar an earnáil baincéireachta Eorpach. Is iad a chuspóirí foriomlána cobhsaíocht airgeadais a choimeád in AE agus sláine, éifeachtúlacht agus oibriú ordúil an chórais baincéireachta a chosaint.

**SEÁT – Scéim Eorpach Árachais Taiscí**
I Samhain 2015, mhol an Coimisiún Scéim Eorpach Árachais Taiscí a bhunú do thaiscí bainc sa limistéar euro. Is é SEÁT an tríú piléar den aontas baincéireachta.

**ÚEÁPC- An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde**

Is cuid den Chóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais a chuimsíonn na trí údarás Maoirseachta Eorpacha, ceann amháin don earnáil baincéireachta, ceann eile den earnáil urrús agus ceann eile den earnáil árachais agus pinsin cheirde, chomh maith leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach. Bunaíodh ÚEÁPC chun tacú le cobhsaíocht an chórais airgeadais, le trédhearcacht na margaí agus táirgí airgeadais mar aon le cosaint sealbhóirí polasaí, baill scéime pinsin agus tairbhithe.

**EMIR – Rialachán maidir le Bonneagar na Margaí Eorpacha**
Cuireann EMIR trédhearcacht bhreise chun feidhme i ndáil le díorthaigh trí bhíthin na conarthaí díorthacha go léir (lena n-áirítear díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán agus stórtha trádála). Foráiltear leis do chóras sonrach imréitigh do dhíorthaigh a sháraíonn tairsí áirithe, cuireann sé teicnící um maolú riosca ar fáil agus leagann sé amach na ceanglais do Chontrapháirtithe Lárnacha agus do thaisclanna trádála.

**ÚMEnna – Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha**
Bíonn na hÚdaráis seo ag obair lena chéile i líonra, agus bíonn caidreamh acu leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta reatha chun fóntacht airgeadais na n-institiúidí airgeadais a áirithiú agus chun úsáideoirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

**ESFS - An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais**
Is é an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais an creat do mhaoirseacht airgeadais in AE atá i bhfeidhm ó 2011. Cuimsíonn an córas na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach, agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta de chuid Bhallstáit AE.

**ESMA – an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí**
Is údaráis neamhspleách AE é ESMA a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais an AE trí chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus trí mhargaí cobhsaí, rianúla a chur chun cinn.

**BERS – Bord Eorpach um Riosca Sistéamach**
Tá BERS freagrach as faireachán macrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais AE agus as rioscaí sistéimeacha a chosc agus a mhaolú. Dá bhrí sin, tá raon feidhme leathan aige, lena gcumhdaítear bainc, árachasóirí, bainisteoirí sócmhainne, scáthbhainc, margaí agus bonneagair margaí airgeadais. D'fhonn a shainordú macrastuamachta a bhaint amach , déanann BERS faireachán agus measúnú ar riosca córasacha, agus i gcás inarb iomchuí eisíonn sé rabhaidh agus moltaí.

**IDD – An Treoir maidir le Dáileadh Árachais**
Ceapadh IDD chun rialáil AE a fheabhsú sa mhargadh árachais trí mhachaire réidh a áirithiú do na rannpháirtithe uile a bhfuil baint acu le díol táirgí árachais.

**EICU – An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis**
Is í an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús an comhlacht idirnáisiúnta a thugann rialtóirí urrús an domhain le chéile agus a aithnítear mar socraitheoir na gcaighdeán domhanda d'earnáil na n-urrús.

**MiFID II - An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais**
Rinne AE an creat dlíthiúil seo a thionscnamh chun margaí airgeadais a rialáil agus chun cosaint tomhaltóirí a neartú d'fhonn oibriú na margaí airgeadais a fheabhsú trína ndéanamh níos éifeachtúla, níos athléimní agus níos trédhearcaí.

**MiFIR - An Rialachán um Margaí in Ionstraimí Airgeadais**
Cuimsítear in MiFIR na rialacha agus na treoirlínte a bhaineann le hionaid forghníomhaithe, forghníomhú idirbheart mar aon le trédhearcacht réamhthrádála agus iarthrádála.

**ÚIN – Údarás Inniúil Náisiúnta**
Is ionann ÚIN agus an t-údarás a dtarmligtear an chumhacht dó go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh. Is eagraíochtaí iad údaráis inniúla náisiúnta a dtarmligtear an t-údarás nó an chumhacht dóibh feidhm tharmligthe a dhéanamh, arb é sin, de ghnáth, faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na reachtanna náisiúnta agus leis na rialacháin náisiúnta.

**NPLanna – Iasachtaí Neamhthuillmheacha**
Meastar iasacht bainc a bheith neamhthuillmheach i gcás ina n-imíonn 90 lá gan na tráthchoda aontaithe nó an t-ús a bheith íoctha ag an iasachtóir. Glaoitear 'drochfhiacha' ar NPLanna freisin.

**PCF - Feidhmeanna Rialaithe Réamhfhaofa**
Is róil iad seo a mbeidh gá le ceadú roimh ré ón mBanc Ceannais sula bhféadfar duine aonair a cheapadh chuig an ról nó chuig an bhfeidhm sin.

**PSD2 – Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta 2**
Is léiriú í PSD2 ar fhorbairtí i seirbhísí íocaíochta agus áirithítear léi go gceanglaítear go mbeidh na seirbhísí nua agus na soláthróirí nua seo údaraithe agus rialáilte.

**SAM – Sásra Aonair Maoirseachta**

Tagraíonn SAM don chóras maoirseachta ar bhaincéireacht san Eoraip. Cuimsíonn sé BCE agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na dtíortha rannpháirteacha.

**Caibidlíocht thrípháirteach**
Is cruinniú neamhfhoirmiúil é plé trípháirteach a úsáidtear i ngnáthnós imeachta AE. Bíonn ionadaíocht ann ó Pharlaimint na hEorpa (PE), ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach.

**UCITS – Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe**
Is cistí neamhiata iad UCITS is féidir a bhunú:
mar Iontaobhais Aonaid; mar Chomhchistí conarthacha; mar chuideachtaí caipitil seasta nó caipitil athraitheach; nó mar Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní (ICAVanna). Déantar UCITS a bhunaítear in Éirinn a údarú faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011.

### Comhairliúcháin Phoiblí

| Ainm | Dáta (oscailte) | Dáta (clabhsúir) |
|---|---|---|
| CP117 Modheolaíocht Nua chun Tobhaigh Mhaoinithe a Ríomh atá le híoc ag Iasachtóirí Airgid | 22/03/2018 | 17/05/2018 |
| CP118 Athbhreithniú ar an gCód Cosanta Tomhaltóirí d'Iasachtóirí Ceadúnaithe Airgid | 27/03/2018 | 27/06/2018 |
| CP119 Comhairliúchán ar leasuithe (agus comhdhlúthú) ar Rialacháin an Bhainc Ceannais maidir le UCITS | 29/03/2018 | 29/06/2018 |
| CP120 An Dara Páipéar Comhairliúcháin ar Cheanglais Rialachais Chorparáidigh do Ghnólachtaí Infheistíochta agus d'Oibritheoirí Margaí | 10/05/2018 | 31/07/2018 |
| CP122 Comhairliúchán ar athruithe ar an gCóras Achtúireachta Intíre agus Ceanglais Rialachais lena baineann faoi Shócmhainneacht II | 22/06/2018 | 14/09/2018 |
| CP121 Comhairliúchán ar leasuithe do Rialacha an Bhainc Ceannais um Dhrochúsáid Margaí agus Rialacha Trédhearcachta an Bhainc Ceannais, agus iad a chomhdhlúthú i Rialacha an Bhainc Ceannais (Iompar Margaí Infheistíochta). | 22/06/2018 | 22/09/2018 |
| CP123 Comhairliúchán ar Chur Chun Feidhme Rialacháin Tarmligthe (AE) 2018/171 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2017 – tairseacha ábharthachta oibleagáidí creidmheasa thar téarma | 04/07/2018 | 15/08/2018 |
| CP124 Dara Comhairliúchán maidir le Leasuithe Árachais Neamhshaoil ar Rialacháin 2007 um Athnuachan Árachais (Soláthar Faisnéise) | 03/08/2018 | 14/09/2018 |
| CP125 Comhairliúchán ar athruithe Féideartha ar an gCreat Iasachtaithe do Chomhair Chreidmheasa | 24/10/2018 | 09/01/2019 |
| CP126 Páipéar Comhairliúcháin ar Chur Chuige an Bhainc Ceannais maidir le Réiteach do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (An Chéad Eagrán) | 06/12/2018 | 17/01/2019 |
| CP127 Comhairliúchán ar leasuithe do Rialacha an Bhainc Ceannais maidir le Rialacha Réamheolaire agus comhdhlúthú i Rialacha an Bhainc Ceannais (Iompar Margaí Infheistíochta) | 10/12/2018 | 11/03/2019 |
| CP128 Comhairliúchán ar Threoirlínte don Earnáil Airgeadais maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac | 21/12/2018 | 05/04/2019 |

### Tuarascáil Margaidh FBM

| Ainm | Dáta |
|---|---|
| Tuarascáil Margaidh FBM 2017L2 | 30/01/2018 |
| Tuarascáil Margaidh FBM 2018 | 01/08/2018 |

### Plépháipéir

| Ainm | Dáta (oscailte) | Dáta (clabhsúir) |
|---|---|---|
| Plépháipéar 8 - Seachfhoinsiú - Torthaí agus Ceisteanna le Plé | 19/11/2018 | 18/01/2019 |

T: +353 (0)1  224 6000
www.centralbank.ie
publications@centralbank.ie

Bosca PO 559, Baile Átha Cliath 1, Éire
PO Box 559, Dublin 1, Ireland